An Roinn Oideachais
Department of Education

# Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013 agus forbairt Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht





Comhaltaí an Choiste Stiúrtha

# Clár


Réamhrá ón Aire Norma Foley TD 5

Réamhrá ón Ard-Rúnaí Bernie McNally 6

Réamhrá ó Chathaoirleach an Choiste Stiúrtha An Dochtúir Noel Purdy 7

Buíochas 9

Achoimre Fheidhmeach 10

Caibidil 1: Réamhrá 12

Caibidil 2: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013 agus Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile 2013 16

- Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha agus na moltaí atá bPlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013 20
- Iniúchadh ar an bPlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013 i gcoinne an Chur Chuige Oideachais Uile 36
- Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na nGnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile 2013 41

Caibidil 3: Forbairtí Polasaí agus Reachtaíochta ó 2013 i leith 44

- Teicneolaíocht agus Meáin Shóisialta 46
- Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC 48
- Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019 50
- Féinmheastóireacht Scoile 52
- Cosaint agus Cumhdach Leanaí 54
- Straitéis LADTAI+ 57
- An Straitéis um Imeascadh Imirceach 58
- An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017-2021 59
- An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2022 59
- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais 60
- Gnéaschiapadh 62
- Tuarascáil Chomhchoiste an Oireachtais ar Bhulaíocht Scoile agus an Tionachar ar Mheabhairshláinte 63
- An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020 64
- An tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 65

**Caibidil 4: Obair an Choiste Stiúrtha** 66
Cruinnithe an Choiste Stiúrtha 68
Cuir i láthair ó Chomhaltaí an Choiste Stiúrtha 69
Cuir i láthair don Choiste Stiúrtha 74
Príomhthorthaí agus gníomhartha molta 88
Achoimre 89
**Caibidil 5: Próiseas Comhairliúcháin don Athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaóchta ar an mBulaíocht** 90
Cuir i láthair don Choiste Stiúrtha 92
Fócasghrupaí le Leanaí agus Daoine Óga 93
Fócasghrúpaí le Foirne Scoile 97
Comhairliúchán Poiblí trí Shuirbhé Ar Líne 101
Comhairliúchán Poiblí trí Aighneachtaí Scríofa 107
Torthaí Achomair 112
**Caibidil 6: Sainmhíniú agus Cineálacha Bulaíochta** 114
Bulaíocht a Shainmhíniú 115
Iompar Spriocdhírithe 117
Iompar Leantach 117
Neamhchothroime Cumhachta 117
Cineálacha Iompair Bulaíochta 118
**Caibidil 7: Gníomhartha in Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht** 125
Cúlra 126
Príomhphrionsabail 129
Iniúchadh ar Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht i gcoinne an Chur Chuige Oideachais Uile 139
**Conclúid** 143
**Giorrúcháin agus Acrainmneacha** 144
**Tagairtí** 146
**Aguisíní** 151
**Aguisín 1. Ballraíocht an Choiste Stiúrtha** 152
**Appendix 2. Eagraíochtaí agus daoine aonair a rinne cur i láthair don Choiste Stiúrtha** 153
**Appendix 3. Aighneachtaí Scríofa a fuair an Coiste Stiúrtha** 156



# Réamhrá ón Aire Norma Foley TD

Tá an-áthas orm an Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar *Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* a fhoilsiú. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil seo ar obair an Choiste Stiúrtha a bhunaigh mé i mí Feabhra na bliana seo caite chun an *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* a athbhreithniú agus chun plean gníomhaíochta nua ar bhulaíocht a fhorbairt, *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*, a foilsíodh i mí na Nollag 2022.

Bhreithnigh an Coiste Stiúrtha, faoi chathaoirleacht an Dochtúir Noel Purdy, na forbairtí suntasacha agus an taighde ábhartha ó 2013 i leith. Cé nach dtéann an dáta seo ró-fhada siar, is léir ó bheith ag caint le daoine óga agus le foireann na scoile go bhfuil an domhan tar éis bogadh ar aghaidh agus go bhfuil athraithe suntasacha tarlaithe ó 2013 i leith. Sampla amháin de sin ná an t-athrú ó bhonn atá tagtha ar an gcaoi ina ndéanaimid cumarsáid lena chéile mar thoradh ar fhairsinge na nguthán póca agus na meán sóisialta.

Agus é seo agus ceisteanna eile san áireamh, rinne an Coiste Stiúrtha na gníomhartha agus an dul chun cinn faoin b*Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* a athbhreithniú agus aithníodh réimsí tosaíochta nua ar gá aghaidh a thabhairt orthu agus gníomhartha ar gá a dhéanamh chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac i scoileanna.

Mar thoradh ar an athbhreithniú seo forbraíodh *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*, Cur Chuige Uile-Oideachais na hÉireann chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac i scoileanna. Tógann ár bplean gníomhaíochta nua ar an mbulaíocht ar éachtaí agus ar uaillmhian an Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht roimhe sin agus ar an obair a rinneadh sna blianta idir an dá linn chun a chinntiú go bhfuil ár leanaí agus ár ndaoine óga sábháilte agus sona inár scoileanna.

Tá cuntas tugtha sa tuarascáil seo ar an obair fhairsing a rinne an Coiste Stiúrtha chun an *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* a athbhreithniú agus chun a chinntiú go bhfuil *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* praiticiúil, cuimsitheach agus go bhfuil raon leathan gníomhartha ann a chuidíonn linn go léir oibriú le chéile i dtreo sochaí ilchineálach, uilechuimsitheach Éireannach atá saor ó gach cineál bulaíochta agus ina léirítear meas ar éagsúlacht an duine aonair agus ina ndéantar an éagsúlacht sin a cheiliúradh.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an gCoiste Stiúrtha as a gcuid oibre agus buíochas a ghabháil leo siúd go léir a ghlac páirt sa phróiseas fairsing comhairliúcháin. Is mian liom buíochas ar leith a ghabháil leis an 170 leanbh agus duine óg a ghlac páirt sna fócasghrúpaí agus a bhfuil a dtuairimí léirithe in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*. Téann bhur léargas, bhur dtaithí agus bhur ndíograis i bhfeidhm go rí-mhór gach lá ar bhur scoileanna agus ba chúis mhór áthais dúinne leas a bhaint astu sin freisin.

**Norma Foley TD**
**An tAire Oideachais**



# Réamhrá ón Ard-Rúnaí Bernie McNally

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an gCoiste Stiúrtha as an díograis agus an tiomantas atá léirithe acu san obair mhór atá déanta chun *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* a athbhreithniú agus chun *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* nua a fhorbairt. Táim fíorbhuíoch freisin do chathaoirleach an Choiste Stiúrtha, an Dochtúir Noel Purdy, ó Choláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis i mBéal Feirste.

Sa tuarascáil seo ar an athbhreithniú ar *Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* tugtar cuntas ar obair an Choiste Stiúrtha agus ar an bpróiseas comhairliúcháin fairsing a rinneadh chun Plean Gníomhaíochta 2013 a athbhreithniú agus chun plean gníomhaíochta nua a fhorbairt, *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*, a foilsíodh mí na Nollag 2022.

Tá sé tábhachtach, agus plean gníomhaíochta nua á fhorbairt againn, go ndírímid ar Phlean Gníomhaíochta 2013 chun an dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha a athbhreithniú agus chun machnamh a dhéanamh ar ghnéithe ar éirigh go maith leo agus ar ghnéithe nár éirigh chomh maith sin leo. Ní mór dúinn na hathruithe atá tarlaithe ó 2013, taighde ábhartha, sárchleachtas maidir le bulaíocht a chosc agus a chomhrac agus tuairimí raon leathan leanaí agus daoine óga, tuismitheoirí, foirne scoile, lucht acadúil, eagraíochtaí agus daoine aonair a bhreithniú freisin.

Tá áthas orm gur ghlac an Coiste Stiúrtha cur chuige chomh críochnúil san athbhreithniú a rinneadh agus i bhforbairt an phlean gníomhaíochta nua. Cuimsíonn *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* gach ceann de na naoi gcomhpháirt de Chur Chuige Oideachais Uile EOECNA chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac.

Soláthraíonn Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais (2019) creat uileghabhálach do scoileanna chun tacú le cur chuige cuimsitheach maidir le tacú le folláine bhaill uile phobal na scoile agus chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac. Is í fís na Roinne ná córas oideachais a sholáthar ina mothaíonn gach leanbh agus duine óg go bhfuil meas orthu agus ina ngníomhaítear chun iad a thacú agus a chothú chun a lánacmhainneacht a bhaint amach. Cabhróidh cur i bhfeidhm *Cineáltas* linn ár bhfís a bhaint amach agus cabhróidh sé a chinntiú go gcoimeádtar ár leanaí agus ár ndaoine óga slán ó dhochar agus go mbíonn tosaíocht i gcónaí ag folláine leanaí agus daoine óga.

**Bernie McNally**
**Ard-Rúnaí**



# Réamhrá ó Chathaoirleach an Choiste Stiúrtha An Dochtúir Noel Purdy

Ba mhór an phribhléid dom cathaoirleacht a dhéanamh ar an gCoiste Stiúrtha a cheap an tAire Oideachais Norma Foley TD i mí Feabhra 2022 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an b*Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* agus chun Plean Gníomhaíochta nua a fhorbairt chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac i scoileanna na hÉireann.

Ba í an chéad chéim thábhachtach sa phróiseas, mar a léirítear sna téarmaí tagartha, ná athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhartha agus ar an dul chun cinn faoin b*Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013*. Tá an tuarascáil seo ann mar thoradh ar an athbhreithniú cuimsitheach sin agus tá léiriú le fáil inti ar mhéid oibre an Choiste Stiúrtha ar thacaigh oifigigh rialtais léi le roinnt míonna anuas. Is éard a bhí i gceist leis an obair sin ar dtús ná athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta reatha agus iniúchadh a dhéanamh ar ábhar an phlean i gcoinne *Cur Chuige Oideachais Uile chun Bulaíocht agus Cibearbhulaíocht a Chosc agus a Chomhrac* an EOECNA (EOECNA, 2020).

Cuireann an Cur Chuige Oideachais Uile deireadh leis an miotas gur féidir breathnú ar chomhrac na bulaíochta mar fhreagracht ar scoileanna agus iad ag obair astu féin. Seachas sin moltar samhail ina bhfuil 9 gcomhpháirt, ina n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le hiarracht chomhoibríoch ar gach leibhéal den tsochaí lena n-áirítear an rialtas, foirne scoile (foirne teagaisc agus neamhtheagaisc), taighdeoirí, seirbhísí tacaíochta, páirtithe leasmhara pobail, tuismitheoirí agus, níos tábhachtaí, na leanaí agus na daoine óga iad féin.

Cinntíonn cur chuige oideachais uile go dtuigeann tionscnaimh scoile áitiúla an tábhacht a bhaineann le hidirnascadh na scoile leis an bpobal i gcoitinne lena n-áirítear córais oideachais, teicneolaíochta agus sochaíocha, luachanna agus brúnna, ar féidir leo go léir dul i bhfeidhm ar leitheadúlacht agus ar chineál na bulaíochta agus na cibearbhulaíochta a tharlaíonn i scoil." (EOECNA 2020, lch.2) Tá creat uileghabhálach ar fáil do scoileanna sa *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* (2019) d'fhonn cuidiú le cur chuige cuimsitheach, il-chomhpháirteach chun tacú le folláine gach ball de phobal na scoile agus chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac i scoileanna.

Sa tuarascáil seo tugtar forléargas ar an gcomhthéacs ina lonnófar *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*, lena n-áirítear reachtaíocht, beartais agus tionscnaimh ábhartha mar aon le forbairtí i sochaí níos leithne na hÉireann. Tá achoimre sa tuarascáil freisin ar an gcomhairliúchán foirmiúil fairsing ónar tháinig breis agus 4,600 freagra ar cheistneoir an chomhairliúcháin phoiblí; 78 aighneacht scríofa breise ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí páirtithe leasmhara; rannpháirtíocht dhíreach duine le duine le 170 leanbh agus duine óg, lena n-áirítear leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, leanaí an Lucht Siúil agus na Romach, leanaí ón Úcráin agus leanaí sa chóras cosanta idirnáisiúnta ; agus agallaimh fócasghrúpaí le 41 ball foirne scoile agus baill den bhord bainistíochta. Tháinig an Coiste Stiúrtha féin le chéile 11 uair, d'éist sé le breis agus 50 cur i láthair ó raon páirtithe leasmhara, agus bhí sé i dteagmháil go díreach le múinteoirí, príomhoidí, tuismitheoirí agus leanaí.

Tar éis *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* a athbhreithniú, dul i gcomhairle go forleathan, dul i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara agus an fhianaise ón taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta is déanaí a mhionscrúdú go criticiúil, d'fhoilsíomar *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* ina bhfuil sainmhíniú lárnach nua ar an mbulaíocht mar aon le nótaí míniúcháin agus sraith gníomhaíochtaí suntasacha atá curtha i láthair faoin gceithre phríomhréimse den *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* 2019: Cultúr agus Timpeallacht, Curaclam (Teagasc agus Foghlaim), Polasaí agus Pleanáil, agus Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí.

Sa tuarascáil seo tugtar comhthéacs agus réasúnaíocht bhreise don sainmhíniú nua sin ar an mbulaíocht, agus déantar iniúchadh ar na gníomhaíochtaí nua i gcoinne Chur Chuige Oideachais Uile EOECNA. Cé go nglactar leis, gan amhras, go ndíreofar aird ar an sainmhíniú agus ar na gníomhartha atá in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*, creidim gur den riachtanas é ábhar na tuarascála seo a léamh freisin ina léirítear fairsinge, doimhneacht agus críochnúlacht an phróisis rannpháirtíochta, comhairliúcháin. agus machnaimh chriticiúil thar thréimhse 9 mí.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Choiste Stiúrtha, leis na hoifigigh a d'éascaigh ár gcuid oibre go sár-éifeachtúil, agus leo siúd go léir a bhí gafa ar aon bhealach leis an obair thábhachtach a bhí ar bun againn. Is é is mó atá uaim ná go mbeidh *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*, arna thacú ag an tuarascáil seo, mar threoirphlean do shochaí na hÉireann sna blianta amach romhainn agus sinn ag obair le chéile chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac i scoileanna.

**An Dochtúir Noel Purdy**
**Stiúrthóir, An tIonad um Thaighde ar Thearcghnóthachtáil Oideachais,**
**Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis, Béal Feirste**






## Buíochas

Ba mhaith leis an Roinn Oideachais buíochas a ghabháil leis an gCoiste Stiúrtha agus le gach duine a chabhraigh leis an athbhreithniú ar an b*Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* 2013 agus le forbairt *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*.

Ba mhaith leis an Roinn buíochas a ghabháil ach go háirithe leo seo a leanas:

> Na leanaí agus daoine óga, tuismitheoirí, foirne scoile agus baill den phobal a roinn a dtuairimí, a n-eispéireas agus a smaointe
> RLCMLÓ agus an Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta as ucht fócasghrúpaí le leanaí agus daoine óga a éascú
> An Grúpa Comhairleach Óige agus na scoileanna a rinne obair ar an modheolaíochtaí do na Laethanta Comhairliúcháin a phíolótú
> Na scoileanna agus na lárionaid foghlama a chuireann cláir samhraidh ar fáil inar éascaíodh comhairliúcháin bhreise le fócasghrúpaí leanaí agus daoine óga
> Na heagraíochtaí agus na daoine aonair a rinne cur i láthair don Choiste Stiúrtha
> Scríbhneoirí na tuarascála comhairliúcháin, an Dr Bernadette Ní Áingléis, an Dr Mary Gilbride agus Kate Carroll a léirigh go cúramach agus go sciliúil tuairimí na ndaoine a d'fhreastail ar na fócasghrúpaí agus na ndaoine a rinne aighneachtaí poiblí
> Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC as comhairle agus saineolas a sholáthar

# Achoimre Fheidhmeach

Tugann an tuarascáil seo ar an athbhreithniú ar *Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* forléargas ar an obair a rinne an Coiste Stiúrtha chun an *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* a athbhreithniú agus chun *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* a fhorbairt.

Áiríodh na nithe seo a leanas sa chur chuige a ghlac an Coiste Stiúrtha:

> Athbhreithniú a dhéanamh ar athruithe sochaíocha agus teicneolaíochta agus ar fhorbairtí taighde agus dea-chleachtais idirnáisiúnta a bhaineann le bulaíocht ó 2013 i leith ach go háirithe maidir le réimsí na (cibear)bulaíochta ar líne, bulaíocht féiniúlacht-bhunaithe agus gnéaschiapadh, i measc réimsí eile
> Breithniú a dhéanamh ar Chur Chuige Oideachais Uile EOECNA chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac ina soláthraítear creat comhtháite iomlánaíoch chun lucht déanta polasaí a threorú agus cur chuige fadréimseach á ghlacadh chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac
> Athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhartha agus na moltaí atá i b*Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* 2013 chun an dul chun cinn atá déanta agus baic ar a gcur i bhfeidhm a aithint
> Na gníomhartha atá i b*Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* a mhapáil i gcoinne Chur Chuige Oideachais Uile EOECNA chun bearnaí a aithint
> Breithniú mionsonraithe a dhéanamh ar na moltaí atá i d*Tuarascáil ar Bhulaíocht ar Scoil agus an Tionchar atá aici ar Mheabhairshláinte* Chomhchoiste an Oireachtais um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht a foilsíodh i mí Lúnasa 2021
> Breithniú a dhéanamh ar *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* na Roinne Oideachais agus leas a bhaint as lionsa na gceithre phríomhréimse de chur chun cinn na folláine
> Páirt a ghlacadh i bpróiseas fairsing comhairliúcháin
> Príomhréimsí ar gá aghaidh a thabhairt orthu a aithint agus gníomhartha ar gá a ghlacadh chun dul i ngleic leo
> Plean gníomhaíochta bunaithe ar Chur Chuige Oideachais Uile a fhorbairt chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac i scoileanna

Tugann an tuarascáil seo breac-chuntas ar obair an Choiste Stiúrtha agus tugann sé an réasúnaíocht do *Cineáltas*, an plean gníomhaíochta nua ar an mbulaíocht. Tugtar achoimre ar na hábhair a pléadh ag gach cruinniú den Choiste Stiúrtha agus tugtar achoimre ar gach ceann de na ceithre thuarascáil chomhairliúcháin mar aon le naisc chuig miontuairiscí na gcruinnithe agus chuig na tuarascálacha comhairliúcháin.

Áiríodh na nithe seo a leanas sa phróiseas comhairliúcháin:

> Rinneadh os cionn 50 cur i láthair don choiste stiúrtha
> Fuarthas os cionn 4,600 freagra ar cheistneoir ar líne an chomhairliúcháin phoiblí
> Fuarthas 78 aighneacht ar an iarratas poiblí le haghaidh aighneachtaí
> Bhí 41 ball d'fhoirne scoile agus de bhoird bhainistíochta rannpháirteach i ngrúpaí fócais scoileanna

Chuathas i gcomhairle le 170 leanbh agus duine óg lena n-áirítear leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, leanaí den Lucht Siúil agus leanaí Romach, leanaí ón Úcráin agus teifigh.

Tá 97 gcinn de thorthaí sa tuarascáil seo agus cuirtear iad seo i láthair faoi na ceithre phríomhréimse do chur chun cinn na folláine mar atá leagtha amach i *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* na Roinne Oideachais: Cultúr agus Timpeallacht, Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí, Curaclam (Teagasc agus Foghlaim), agus Polasaí agus Pleanáil.

Tugann an tuarascáil seo comhthéacs don sainmhíniú nuashonraithe ar bhulaíocht. Tugtar forléargas ar dhearcthaí idirnáisiúnta agus ar thaighde ina leith seo agus tugtar an réasúnaíocht don sainmhíniú nuashonraithe.

Sa chuid dheireanach den tuarascáil déantar na 61 gníomh atá in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* a mhionléiriú agus déantar iad a athbhreithniú i gcoinne Cur Chuige Oideachais Uile EOECNA chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac. Chabhraigh an próiseas seo a chinntiú gur creat polasaí comhtháite agus iomlánaíoch é Cineáltas chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac.

Tá 61 gníomh nua in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* a dearadh go cúramach agus leas á bhaint as an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta is déanaí agus as cleachtas fianaisebhunaithe, agus ó bheith ag éisteacht le guthanna leanaí agus daoine óga, tuismitheoirí, foirne scoile agus phobal an oideachais i gcoitinne. I gcomhar le chéile tá Plean Gníomhaíochta uaillmhianach cruthaithe againn a chabhróidh lena chinntiú go mothaíonn ár leanaí agus ár ndaoine óga go léir slán agus sábháilte agus go ndéantar iad a chothú chun barr a gcumais a bhaint amach.



# 1 | Réamhrá

# Caibidil 1: Réamhrá

I mí Feabhra 2022, d'iarr an tAire Oideachais, Norma Foley TD, ar a hoifigigh sa Roinn Oideachais athbhreithniú a dhéanamh ar an b*Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* agus ar na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*, iad araon foilsithe in 2013. (ROS, 2013; ROS, 2013).

Ba é an *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* an príomhstraitéis polasaí chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac i scoileanna ó 2013 i leith, nuair a iarradh ar scoileanna, i gcomhar leis na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* nuafhorbartha, polasaí frithbhulaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Bhí sé mar aidhm ag an b*Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* "gníomhartha tosaíochta a ainmniú atá in ann scoileanna a spreagadh le forbairt a dhéanamh ar bheartais frithbhulaíochta agus, go háirithe, straitéisí chun bulaíocht homafóbach a chomhrac mar mhodh chun tacú le scoláirí" (ROS, 2013).

I mí Lúnasa 2021, tar éis dul i gcomhairle le heagraíochtaí éagsúla agus aighneachtaí a fháil uathu, d'fhoilsigh Comhchoiste an Oireachtais um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíochta tuarascáil dar teideal Bulaíocht ar Scoil agus an Tionchar ar Mheabhairshláinte (Tithe an Oireachtais, 2021). Bhí sé mar aidhm ag na moltaí a bhí sa tuarascáil a chinntiú go mbeadh aon fhreagairt chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac ag teacht le riachtanais sochaí ilchineálach a bhíonn ag síorathrú agus ba chur chuige cuimsitheach é. Ba é an chéad cheann de na moltaí a bhí sa tuarascáil ná Iniúchadh ar an b*Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* (2013).

Tá athrú mór tagtha ar an saol in Éirinn, ar shochaí na hÉireann agus ar eispéiris ár leanaí agus ár ndaoine óga atá ag fás aníos in Éirinn ó forbraíodh an *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* in 2013 agus ó cuireadh i bhfeidhm na gnásanna frithbhulaíochta i mí Mheán Fómhair na bliana sin. Bhí sé mar chuspóir ag an athbhreithniú seo a chinntiú go mbeadh an Plean Gníomhaíochta nua ar an mbulaíocht ag teacht le taighde fianaise-bhunaithe cothrom le dáta agus go léireodh sé freagairt oideachasúil náisiúnta cuimsitheach agus iomlánaíoch ar an mbulaíocht a fhreastalaíonn ar riachtanais leanaí agus dhaoine óga in Éirinn na linne seo.

D'iarr an tAire Foley go dtabharfaí aird san athbhreithniú ar fhorbairtí suntasacha agus ar thaighde ábhartha ó 2013 i leith ach go háirithe réimsí na (cibear)bulaíochta ar líne, na bulaíochta féiniúlacht-bhunaithe agus an ghnéaschiapadh i measc réimsí eile. Dúradh gur chóir a chinntiú san athbhreithniú freisin go gcuimsítear sa phlean gníomhaíochta nua na tionscnaimh ghaolmhara ar fad a cuireadh chun cinn lasmuigh de ghníomhartha bunaidh an phlean, mar aon le gníomhartha breise atá de dhíth a bhreithniú.

Bunaíodh Coiste Stiúrtha ar a raibh oifigigh na Roinne agus saineolaithe ábhar ó eagraíochtaí abhcóideachta éagsúla chun an t-athbhreithniú a dhéanamh. Ba é an Dochtúir Noel Purdy ó Choláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis, Béal Feirste, a rinne cathaoirleacht sheachtrach ar an gCoiste Stiúrtha.




Ba iad seo a leanas téarmaí tagartha an Choiste Stiúrtha:

- breithniú a dhéanamh ar na bearta agus ar an dul chun cinn faoin bPlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht atá ann faoi láthair (a foilsíodh in 2013)
- Plean Gníomhaíochta nua a fhorbairt le réimsí tosaíochta nua ar bith ar gá dul i ngleic leo chun cuidiú leis an mbulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna na bearta ar gá tabhairt fúthu chun dul i ngleic leis na réimsí sin a shainaithint

Taobh le taobh leis an obair seo, bunaíodh grúpa oibre chun na *Gnásanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna* a athbhreithniú. Ba iad na téarmaí tagartha don Ghrúpa Oibre a bunaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta ná:

- forbairtí ó foilsíodh na nósanna imeachta in 2013 a chur san áireamh
- taighde ábhartha sa réimse seo a chur san áireamh
- bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht inscne, cibearbhulaíocht agus gnéaschiapadh a chur san áireamh
- maoirseacht chuí a chinntiú ag leibhéal na scoile
- a chinntiú go ndéantar polasaí frithbhulaíochta na scoile a fhorbairt agus a athbhreithniú i gcomhairle le pobal na scoile

D'fhéadfadh tionchar fíor-dhiúltach a bheith ag bulaíocht spriocdhírithe ar fholláine duine aonair agus léiríonn taighde nasc idir an bhulaíocht agus imní, dúlagar, síocóis, féinmheas íseal, neamhord pearsantachta imeallach agus fiú féinmharú, le leanaí agus daoine óga i ngach aoisghrúpa (O'Higgins Norman, et al, 2023). Agus é seo san áireamh, agus i gcomhthéacs an eispéiris níos leithne agus fírinne an scéil maidir le taithí leanaí agus daoine óga laistigh agus lasmuigh de gheataí na scoile, breathnaíodh san athbhreithniú ar bhulaíocht trí lionsa na gceithre phríomhréimse do chur chun cinn na folláine: cultúr agus an timpeallacht, curaclam (teagasc agus foghlaim), polasaí agus pleanáil, agus caidrimh agus comhpháirtíochtaí, mar atá leagtha amach i b*Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* na Roinne.

Le linn an athbhreithnithe, thuig an Roinn an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail oideachais uile chun doiciméad polasaí straitéiseach láidir agus sofhreagrúil a fhorbairt. Chuimsigh an próiseas fairsing comhairliúcháin comhráite suntasacha ar fud na Roinne Oideachais, le Ranna Rialtais eile agus le raon leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear leanaí agus daoine óga, tuismitheoirí, foirne scoile, comhpháirtithe oideachais, grúpaí abhcóideachta, acadóirí, eagraíochtaí agus daoine aonair. Bhí sé mar chuspóir príomhfhoinsí faisnéise agus sonraí a bhailiú agus éisteacht leo, tacú le forbairt smaointe nua agus bonn eolais a chur fúthu chun feabhas a chur ar an gcaoi ar féidir linn bulaíocht a chosc agus a chomhrac i scoileanna, ag cinntiú go bhfuil na forbairtí dírithe ar riachtanais phobal na scoile uile.

Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil ar an bpróiseas athbhreithnithe agus cuirtear réasúnaíocht ar fáil don phlean gníomhaíochta nua ar an mbulaíocht. Leagtar amach sa tuarascáil an dul chun cinn atá déanta ó 2013 i leith; na tuairimí ón bpróiseas comhairliúcháin; na gníomhartha i g*Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* agus déantar iniúchadh ar *Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* agus ar *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* i gcoinne Chur Chuige Oideachais Uile EOECNA chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac agus baintear leas as *Ráiteas Beartais Folláine agus Creat Cleachtais 2019* na Roinne.

Agus é sin á dhéanamh, tugtar an réasúnaíocht atá taobh thiar d'fhorbairt na físe, na bprionsabal, an tsainmhínithe nuashonraithe ar an mbulaíocht agus na bearta fadréimseacha atá sa doiciméad polasaí a ghabhann leis, *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*.



# 2 | Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013 agus Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile 2013

# Caibidil 2: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013 agus *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile 2013*

Rinne an Roinn Oideachais píosa suntasach oibre in 2012 agus 2013 chun *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* a fhorbairt a foilsíodh i mí Eanáir 2013. Foilsíodh gnásanna frithbhulaíochta do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna i mí Mheán Fómhair 2013, a tháinig in ionad an doiciméid roimhe seo dar teideal *Treoirlínte maidir le hIompar Bulaíochta a Chomhrac i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna* a foilsíodh i 1993.

Forbraíodh an *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* tar éis próiseas fairsing comhairliúcháin. Bhreithnigh an Grúpa Oibre 68 aighneacht agus chuathas i gcomhairle le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna), acadóirí agus taighdeoirí, comhghleacaithe ón RA agus daoine aonair a raibh taithí acu ar iompar bulaíochta. Bhreithnigh an Grúpa Oibre freisin litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an ábhar lena n-áirítear taighde ar chuir chuige agus ar idirghabhálacha ar baineadh triail astu le thart ar scór bliain anuas. Breithníodh freisin tionchar na bulaíochta agus ar na hiarmhairtí fíor-thromchúiseacha do dhaoine aonair agus do theaghlaigh. Tugadh aird freisin ar an *Tuarascáil ar chomhairliúchán le breis agus 300 leanbh agus duine óg faoi conas déileáil go héifeachtach le bulaíocht i scoileanna* ag an Ombudsman do Leanaí (Ombudsman do Leanaí 2012) agus ar chomhairliúchán Seirbhísí Óige BeLonG To le 31 duine óg LADT. Bhí siad seo a leanas i measc na bpríomhthéamaí a bhreithnigh an Grúpa Oibre:

- Comhthéacs náisiúnta do chomhrac na bulaíochta i scoileanna
- Naisc le ceisteanna sóisialta eile, lena n-áirítear an mheabhairshláinte
- Sainmhíniú ar an mbulaíocht
- Castacht na ról i suíomhanna bulaíochta
- Cineálacha sainiúla bulaíochta agus meas ar an ilchineálacht
- Cibearbhulaíocht
- Ardú feasachta ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal na scoile
- Acmhainní curaclaim, teagasc agus foghlaim
- Oiliúint agus oideachas
- Polasaí ag leibhéal na scoile
- Maoirsiú i scoileanna
- Tacaíocht tréadchúraim, scileanna déileála agus teacht aniar a fhorbairt
- Guth agus rannpháirtíocht na scoláirí
- Gnásanna gearáin
- Meastóireacht agus monatóireacht
- Cothroime na freagrachta idir an scoil agus an pobal níos leithne
- Acmhainní

Leagadh amach dhá phríomhghníomh déag san *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* 2013 chun cabhrú le bulaíocht a chosc agus a chomhrac i scoileanna. Baineann na gníomhartha sin leis na nithe seo a leanas:

> Nósanna imeachta náisiúnta frithbhulaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do scoileanna
> Ceanglas ar scoileanna cultúr agus atmaisféar scoile a chur chun cinn atá fáilteach roimh éagsúlacht agus atá ómósach
> Socruithe maoirseachta i scoileanna a neartú lena n-áirítear tuairisciú agus meastóireacht ar eachtraí bulaíochta
> Oiliúint múinteoirí go náisiúnta agus acmhainní ar fhrithbhulaíocht a sholáthar
> Oiliúint agus acmhainní a sholáthar do thuismitheoirí
> Monatóireacht ar bhearta frithbhulaíochta scoileanna ag Cigireacht na Roinne
> Tacú le scoileanna féinmheastóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtacht maidir le cultúr dearfach scoile a chruthú agus bulaíocht a chosc agus a chomhrac
> Láithreán gréasáin náisiúnta frithbhulaíochta a fhorbairt
> Tacú leis an bhfeachtas Feasacht Seas Suas chun bulaíocht homafóbach agus trasfóbach a chosc agus a chomhrac i scoileanna
> Tacú le húsáid shábháilte idirlín
> Taighde a dhéanamh ar idirghabhálacha éifeachtacha i scoileanna na hÉireann chun bulaíocht ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chosc; Taighde a dhéanamh ar leitheadúlacht agus ar thionchar na bulaíochta a bhaineann leis na meáin shóisialta
> Seimineáir a sholáthar sa Roinn Oideachais chun cur le hacmhainn ó thaobh na bulaíochta.

Dhírigh an dá phríomhghníomh déag atá sa Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013 ar thacaíocht do scoileanna, oiliúint múinteoirí, taighde agus ardú feasachta, agus bhí sé mar aidhm acu a chinntiú gur tugadh aghaidh ar gach cineál bulaíochta lena n-áirítear bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht. Tá roinnt de na gníomhartha curtha i bhfeidhm ina n-iomláine, agus tá roinnt eile ar gá a bheith ag gníomhú orthu go seasta toisc a bhfuil i gceist leo agus táthar á gcur sin i bhfeidhm go leanúnach.

Ba é an chéad ghníomh sa Phlean Gníomhaíochta ar mBulaíocht 2013 ná nósanna imeachta nua Frithbhulaíochta a fhorbairt do scoileanna. Foilsíodh na *Gnásanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* i mí Mheán Fómhair 2013.






Tá na nósanna imeachta leagtha amach chun stiúir agus treoir a thabhairt don Bhord Bainistíochta agus d'fhoireann na scoile maidir le hiompar bulaíochta scoilbhunaithe i measc a dhaltaí agus a scoláirí a chosc agus a chomhrac. Ceanglaítear ar an mBord agus ar phearsanra na scoile cloí leis na nósanna imeachta seo agus iad ag déileáil le líomhaintí agus eachtraí bulaíochta.

Ní mór don Bhord Bainistíochta a chinntiú go gcuirtear polasaí frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, go bhfoilsítear é ar láithreán gréasáin na scoile (nó mura bhfuil a leithéid ann, go mbeidh sé ar fáil go héasca do thuismitheoirí agus do dhaltaí ach é a iarraidh) agus go gcuirtear ar fáil é do chumann na dtuismitheoirí (má tá a leithéid ann). Tá socruithe maoirseachta mar chuid de na nósanna imeachta freisin a éilíonn go gcuirfidh an príomhoide tuairisc ar fáil, ar a laghad uair sa téarma scoile, don bhord bainistíochta maidir le líon na gcásanna bulaíochta a tuairiscíodh dó nó di agus go ndeimhneofar go bhfuiltear ag déileáil leis na cásanna sin ar fad nó gur déileáladh leo, de réir pholasaí frithbhulaíochta na scoile agus de réir na nGnásanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna.

Éilíonn na socruithe maoirseachta freisin go gcaithfidh an Bord athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar Pholasaí Frithbhulaíochta na scoile agus ar an gcur i bhfeidhm sa scoil. Ní mór fógra scríofa go ndearnadh an t-athbhreithniú a chur ar fáil do phearsanra na scoile, a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na scoile (nó mura bhfuil a leithéid ann, é a bheith ar fáil go héasca do thuismitheoirí agus do dhaltaí ach é a iarraidh) agus é a chur ar fáil do chumann na dtuismitheoirí (má tá a leithéid ann).

## Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha agus na moltaí atá i bPlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013

Tá dhá ghníomh déag agus trí mholadh déag i b*Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013*. Rinne an Coiste Stiúrtha na gníomhartha agus an dul chun cinn atá déanta maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhartha a athbhreithniú. Léirítear sa tábla thíos an dul chun cinn atá déanta maidir leis na gníomhartha a chur i bhfeidhm.

***Tábla 1.Dul chun cinn i gcur i bhfeidhm na ngníomhartha atá i bPlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013***


| Gníomhartha | Stádas |
|---|---|
| 1. Gnásanna Frithbhulaíochta Nua do Scoileanna<br><br>Déanfaidh an ROS, i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais cuí, na treoirlínte frithbhulaíochta atá ann faoi láthair do scoileanna agus an teimpléad polasaí 2006 do scoileanna a leasú. Sa doiciméad nua taispeánfar go soiléir an riachtanas a bheidh ar scoileanna polasaí frithbhulaíochta a bheith acu atá mar chuid de Chód Iompraíochta na scoile Cuirfidh an obair seo moltaí an ghrúpa oibre san áireamh mar seo a leanas:<br><br>> Cuirfidh scoileanna cultúr agus atmaisféar na scoile chun cinn ina bhfáiltítear roimh an éagsúlacht agus ina bhfuil gach caidreamh measúil agus ina mothaíonn baill de phobal na scoile cumasaithe chun iompraíocht bulaíochta a chosc, a phlé, a nochtadh agus a chomhrac.<br><br>> Déanfaidh scoileanna obair chun an bhulaíocht homafóbach, agus an bhulaíocht trasfóbach go háirithe, a chosc agus a chomhrac go héifeachtach, óna dtiocfaidh feabhas mór dá bharr ar atmaisféar na scoile do na scoláirí uile.<br><br>> Beidh gach cúis ciaptha faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann liostaithe sna polasaithe frithbhulaíochta (inscne (trasinscne san áireamh), stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil). | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm le foilsiú na nGnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile in 2013.<br><br>Éilíonn na nósanna imeachta go mbeadh polasaí frithbhulaíochta i bhfeidhm ag scoileanna a léiríonn meas ar an éagsúlacht, a leagann amach an chaoi ina gcothaíonn scoileanna cultúr agus atmaisféar fáilteach agus an chaoi a bhfuil sé seo mar chuid de Chód Iompair na scoile.<br><br>Ní mór do Bhoird Bhainistíochta a chinntiú go bhfuil gach duine ar an eolas faoin bpolasaí, go ndéantar athbhreithniú bliantúil air agus go ndéantar maoirseacht chuí ar eachtraí iompraíochta bulaíochta.<br><br>Áirítear leis na nósanna imeachta sainmhíniú ar bhulaíocht agus sainriachtanais maidir le cosc a úsáid agus straitéisí oideachais agus iniúchadh comhsheasmhach, obair leantach agus taifeadadh ar iompar bulaíochta.<br><br>Forbraíodh "Taithí Mhuintir LADT ar Scoil" le tacaíocht na Roinne mar chuid d'fheidhmiú an Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013. Scaipeadh é seo ar gach iar-bhunscoil agus tacaíonn an Treoir le scoileanna Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta na Roinne a chur i bhfeidhm, ina n-éilítear ar scoileanna a bheith gafa le straitéisí oideachais agus coisctheacha ó thaobh bulaíochta homafóbach agus trasfóbach. |

| Gníomhartha | Stádas |
|---|---|
| > Ba chóir tagairt ar leith a dhéanamh do na cineálacha agus modhanna bulaíochta seo a leanas sa sainmhíniú ar bhulaíocht sna gnásanna náisiúnta nua: eisiamh lántoiliúil, cúlchaint mhailíseach agus cineálacha eile bulaíochta gaolmhara, cibearbhulaíocht, agus bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht (an bhulaíocht homafóbach, an bhulaíocht chiníoch, an bhulaíocht i gcoinne bhaill den Lucht Siúil nó an bhulaíocht a dhéantar orthu siúd atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais san áireamh ach go háirithe). Féachfaidh an obair seo le socruithe maoirseachta a neartú i scoileanna lena n-áirítear:<br>> Tuarascálacha achomair ar eachtraí bulaíochta a chur ar fáil ó am go ham don Bhord Bainistíochta;<br>> Athbhreithniú bliantúil ag an mBord Bainistíochta ar an bpolasaí agus an chaoi ina gcuirtear i bhfeidhm é agus deimhniú a chur ar fáil do phobal na scoile, lena n-airítear tuismitheoirí/ Cumann na dtuismitheoirí go bhfuil sé seo déanta;<br>> An polasaí agus taifead ar an athbhreithniú a bheith ar fáil don Roinn agus don phátrún má iarrtar é. Ina theannta sin, ba chóir go ndéanfadh teimpléad an pholasaí nua:<br>> Soláthar do scoileanna chun straitéisí coisc agus oideachais a dhoiciméadú:<br>> Teimpléad caighdeánaithe a chur san áireamh d'athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bhainistíochta ar pholasaí frithbhulaíochta na scoile<br>> Soláthar do theimpléad tuarascála bulaíochta chun taifeadadh a dhéanamh ar eachtraí bulaíochta.<br>> Tacú le scoileanna anailís a dhéanamh ar threochtaí/patrúin sna cineálacha bulaíochta atá ina scoileanna agus chun bonnlíne fianaise a chur ar fáil d'fhonn polasaithe agus cleachtais a choigeartú go leanúnach. | |

<table>
<tr><th>Gníomhartha</th><th>Stádas</th></tr>
<tr><td>
2. Athbhreithniú ar sholáthar na Seirbhísí Tacaíochta um Oideachas Múinteoirí<br><br>
Treorófar seirbhísí tacaíochta um oideachas múinteoirí na Roinne chun tosaíocht a thabhairt mar seo a leanas:<br><br>
> fianaise a bhailiú maidir le riachtanais múinteoirí i leith bulaíochta agus muinín / cumas múinteoirí chun dul i ngleic go háirithe le bulaíocht bunaithe ar an bhféiniúlacht, an bhulaíocht homafóbach agus an chibearbhulaíocht ina measc.<br><br>
> soláthar a dhéanamh chun freagairt go cuí don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL).<br><br>
Agus athbhreithniú á dhéanamh ar riachtanais oideachais múinteoirí, agus trí FGL a chur ar fáil, cuirfidh Seirbhísí Tacaíochta um Oiliúint Múinteoirí na buncheisteanna seo a leanas san áireamh:<br><br>
> An gá atá ann go gcomhordódh na seirbhísí tacaíochta a dtacaíocht do scoileanna ionas go gcuirfidh na seirbhísí tacaíochta uile cur chuige comónta i bhfeidhm maidir le hiompar bulaíochta, bunaithe ar ghnásanna nua frithbhulaíochta an ROS.<br><br>
> Ba chóir go mbeadh treoirlínte ar an dea-chleachtas maidir le cultúr cóimheasa a chur chun cinn i scoileanna curtha san áireamh san FGL do cheannairí scoile maidir le cosc a chur ar an iompraíocht bulaíochta i scoileanna.<br><br>
> Níor chóir gur ardú feasachta amháin ar gach cineál iompair bhulaíochta a bhíonn i gceist san FGL do mhúinteoirí ach ba chóir go mbeadh soláthar déanta freisin do phleananna ceachta samplacha a théann i ngleic lena bhfuiltear ag súil leis ar fud na scoile maidir le rialacha agus gnáthamh, iompraíocht ómósach agus teanga ómósach. Ní mór do na samplaí de na pleananna ceachta a bheith oiriúnach don aois agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu do na leibhéil chumais éagsúla.
</td><td>
Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.<br><br>
D’fhorbair an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí na Roinne ábhar FGL chun tacú le múinteoirí agus le foirne scoile i gcur i bhfeidhm na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile. Bhí an FGL i bhfoirm ceardlann, seimineár agus seimineáir ghréasáin. Bhí siad seo mar chuid de:<br><br>
> Cur chuige scoile uile chun bulaíocht a chomhrac<br><br>
> Cosc rangbhunaithe<br><br>
> Ról an OSPS<br><br>
> Straitéisí imscrúdaithe agus idirghabhála ar nós cleachtas aisiríoch<br><br>
> Uirlisí praiticiúla lena n-áirítear ábhar riaracháin, treoir maidir le cur i bhfeidhm na nósanna imeachta, lena n-áirítear seicliosta do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí<br><br>
> Straitéisí rathúla a bhí in úsáid ag scoileanna<br><br>
Tá an rolladh amach náisiúnta ar FGL Folláine maidir le cur i bhfeidhm Polasaí Folláine na Roinne agus na céimeanna atá le glacadh i gcur chun cinn na folláine trí úsáid a bhaint as Féinmheastóireacht Scoile (FMS) á láimhseáil ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) thar ceann Oifig Folláine na Roinne atá faoi stiúir an SNSO.
</td></tr>
</table>

| Gníomhartha | Stádas |
|---|---|
| > Ba chóir don FGL tacú le forbairt na bpolasaithe frithbhulaíochta i scoileanna agus forfheidhmiú an pholasaí ar bhonn laethúil i scoileanna, bunaithe ar chleachtas ar bhonn fianaise go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.<br><br>> Ba chóir do na Seirbhísí Tacaíochtaí ábhartha cuidiú le scoileanna atá ag déanamh forbartha ar chleachtais le sonraí a bhailiú, ar theimpléid agus anailís sonraí, agus na treoirlínte um chosaint sonraí agus gnásanna um Chosaint Leanaí á gcur san áireamh.<br><br>> Ba chóir do na Seirbhísí Tacaíochta ábhartha freisin cuidiú le scoileanna lena bpolasaí frithbhulaíochta a ionchorprú isteach i gCód Iompair na scoile.<br><br>> Ba chóir d'Ionaid Oideachais cúrsaí a fhorbairt ar straitéisí agus modheolaíochtaí forfheidhmithe chun iompar ómósach a chur chun cinn agus chun tabhairt faoin iompar bulaíochta i scoileanna. | Tá oiliúint agus tacaíochtaí curaclaim fairsinge ar fáil do scoileanna, lena n-áirítear tríd an gcuraclam Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte, Oide, Webwise.ie agus an láithreán gréasáin náisiúnta frithbhulaíochta www.tacklebullying.ie chun cabhrú le scoileanna polasaithe agus cleachtais a fhorbairt maidir le bulaíocht agus ciapadh a chosc agus úsáid shábháilte an idirlín.<br><br>Tá acmhainní tiomnaithe forbartha ag Webwise.ie do mhúinteoirí, do thuismitheoirí, do leanaí agus do dhaoine óga ina dtugtar eolas agus comhairle phraiticiúil ar phríomhcheisteanna ar nós cibearbhulaíocht, gnéastéacsáil, comhroinnt íomhánna, cumarsáid mheasúil, na meáin shóisialta, aipeanna agus suíomhanna móréilimh. Tá síceolaithe SNSO ag tacú le gach iar-bhunscoil chun a bhFoirne Tacaíochta Scoláirí a bhunú nó a athbhreithniú de réir na dTreoirlínte d'Fhoirne Tacaíochta Scoláirí athbhreithnithe (2021).<br><br>Is iad Foirne Tacaíochta Scoláirí (FTS) an fhoireann uileghabhálach atá bainteach le gníomhartha a chur chun cinn ar mhaithe le leas agus folláine gach dalta.<br><br>Seoladh Oide, an tseirbhís tacaíochta um oideachas comhtháite múinteoirí, a sheoladh an 1 Meán Fómhair 2023. Agus na ceithre sheirbhís tacaíochta reatha (SFGM, SSM, CNIM agus LCS) á dtabhairt le chéile, cuirfidh an tseirbhís nua múnla FGL níos éifeachtúla, níos éifeachtaí agus níos freagraí ar fáil a bheidh ina 'ionad ilfhreastail' inar féidir le múinteoirí agus ceannairí scoile tacaíochtaí agus acmhainní a rochtain. |

| Gníomhartha | Stádas |
|---|---|
| **3. Oiliúint chomhordaithe agus forbairt acmhainní do na boird bhainistíochta agus tuismitheoirí**<br><br>Plean comhordaithe do thionscnaimh oiliúna agus feasachta do thuismitheoirí agus do bhoird bhainistíochta le bheith curtha ar fáil i gcomhar leis na forais bhainistíochta agus na comhairlí tuismitheoirí. Is féidir leis seo tógáil ar an obair atá ann cheana féin lena n-áirítear comhthionscnamh reatha ROS/GLEN chun forbairt a dhéanamh ar na treoirlínte do bhoird bhainistíochta maidir le tacú le daoine óga LADT. | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>Ó 2014 i leith tá maoiniú curtha ar fáil ag an Roinn chun seisiúin frithbhulaíochta a sholáthar do thuismitheoirí trí Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí. Díríonn na seisiúin seo ar chabhrú le tuismitheoirí tuiscint a fháil ar na bealaí éagsúla inar féidir le bulaíocht tarlú, agus a bheith feasach ar leitheadúlacht agus ar chontúirtí na cibearbhulaíochta lena n-áirítear dúmhál ceamara gréasáin, grúmaeireacht ar líne agus an chaoi le húsáid shábháilte na teicneolaíochta a láimhseáil laistigh agus lasmuigh den bhaile. Cuireann na seisiúin oiliúna ar chumas tuismitheoirí cabhrú lena leanaí nuair a thagann saincheisteanna iompraíochta bulaíochta chun cinn.<br><br>Cuireann An Clár um Chosc ar Mhí-Úsáid Páistí oiliúint ar fáil do bhainistíocht scoile ar<br><br>> Cur i bhfeidhm an chláir Bí Sábháilte<br><br>> Treoirlínte agus nósanna imeachta don tuairisciú agus<br><br>> Cód dea-chleachtais, agus oideachas tuismitheoirí. Cuireann sé oideachas ar fáil do thuismitheoirí maidir le Bí Sábháilte agus saincheisteanna gaolmhara um chosaint leanaí |



| Gníomhartha | Stádas |
|---|---|
| **4. Cigireacht Scoile**<br><br>Ba chóir na múnlaí atá ann cheana féin chun meastóireacht a dhéanamh ar an OSPS agus do mheastóireachtaí scoile uile (MSUanna) a chur in oiriúint trí na ceistiúcháin a leasú agus ar bhealaí eile chun níos mó fianaise a bhailiú a bhaineann le héifeachtúlacht ghníomhartha na scoile do chosc agus comhrac na bulaíochta. | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>Leasaíodh na ceistneoirí a d'úsáid cigirí le linn meastóireachtaí scoile uile i mí Eanáir 2014, tar éis fhoilsiú an *Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*, chun tuilleadh fianaise a bhailiú maidir le héifeachtacht ghníomhaíochtaí na scoile chun cultúr dearfach scoile a chruthú agus chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac.<br><br>D'fhoilsigh Cigireacht na Roinne tuarascáil in 2013 ar na sonraí a bailíodh trí cheistneoirí tuismitheora agus scoláirí/daltaí le linn na tréimhse 2013-2016. Déanann cigirí suirbhéanna agus fócasghrúpaí comhchosúla mar chuid de chigireachtaí um Chosaint agus um Chumhdach Leanaí i scoileanna agus áiseanna cónaithe, agus cuireann siad san áireamh ceisteanna maidir le soláthar ceachtanna OSPS agus OCG. Bíonn fócasghrúpaí le daltaí mar chuid de chigireachtaí ábhair OSPS anois. |
| **5. Meastóireacht Théamach ar an mBulaíocht i Scoileanna**<br><br>Ba chóir meastóireacht théamach a dhéanamh, i gcomhar leis na comhpháirtithe cuí, i sampla de na bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na ngníomhartha a ghlacann scoileanna chun cultúr scoile dearfach a chruthú agus chun na cineálacha éagsúla bulaíochta, lena n-áirítear an bhulaíocht homafóbach, a chosc agus a chomhrac. | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>In 2021 rinne Cigireacht na Roinne os cionn 500 cigireacht theagmhasach téamach chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta frithbhulaíochta i scoileanna. Foilsíodh an *Tuairisc ar chur chun feidhme gnéithe de bhearta frithbhulaíochta i scoileanna* i mí Aibreáin 2022.<br><br>Ina theannta sin rinne an Chigireacht cleachtadh fócasghrúpa le thart ar 100 dalta bunscoile agus 120 scoláire iar-bhunscoile chun a dtuairimí a bhailiú ar ghníomhartha a rinne scoileanna chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac. *Foilsíodh Gníomhartha curtha i bhfeidhm ag scoileanna d'fhonn bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi: Tuairisc ar fhócas ghrúpaí le daltaí bunscoile agus scoláirí iar-bhunscoile* i mí an Mheithimh 2022. |

| Gníomhartha | Stádas |
|---|---|
| **6. Féinmheastóireacht Scoile**<br><br>Ba chóir tacaíocht a thabhairt do scoileanna agus iad i mbun féinmheastóireachta ar a n-éifeachtacht chun cultúr scoile dearfach a chruthú agus chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac. Ba chóir é seo a dhéanamh trí chritéir a chur ar fáil chun breithiúnas a thabhairt ar an gcáilíocht laistigh de ghnéithe na Ceannaireachta agus Bainistíochta agus na Tacaíochta do Scoláirí den Fhéinmheastóireacht (FMS). | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>Cuireadh srian ar fhéinmheastóireacht scoile de bharr na paindéime. Ní mór do scoileanna, áfach, an próiseas FMS a úsáid chun tús a chur le timthriall athbhreithnithe agus forbartha um chothú na folláine faoin mbliain 2025.<br><br>Tugann cigirí cuairteanna comhairleacha ar scoileanna go rialta chun tacú leis an bpróiseas féinmheastóireachta.. |
| **7. Suíomh gréasáin náisiúnta nua um fhrithbhulaíocht**<br><br>Ba chóir suíomh gréasáin náisiúnta ar leith um fhrithbhulaíocht a fhorbairt chun eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí, daoine óga agus d'fhoireann na scoileanna maidir leis na cineálacha agus modhanna bulaíochta atá ann agus conas déileáil leis an iompar bulaíochta. D'fhéadfadh an suíomh gréasáin seo naisc a chur ar fáil freisin chuig raon an churaclaim agus na n-acmhainní eile atá ar fáil. Samplaí maithe de shuíomhanna gréasáin náisiúnta i ndlísní eile is ea an suíomh gréasáin www.respectme.org.uk atá faoi bhainistíocht RespectMe, seirbhís frithbhulaíochta na hAlban agus an suíomh gréasáin den rialtas feidearálach atá faoi bhainistíocht Roinn Sláinte agus Seirbhísí Daonna na Stát Aontaithe. | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>Cuireann an Roinn Oideachais maoiniú bliantúil ar fáil d'Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC i dtreo cláir thaighde agus oiliúna agus chun freastal ar chostais reatha agus fhorbartha an láithreáin ghréasáin náisiúnta frithbhulaíochta, www.tacklebullying.ie. Cuireann an láithreán gréasáin seo pointe aonair faisnéise agus tacaíochta ar fáil do dhaoine óga, do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí a bhfuil iompar bulaíochta ag dul i bhfeidhm orthu. |



| Gníomhartha | Stádas |
|---|---|
| **8. Seachtain Feasachta um Seas Suas i gCoinne na Bulaíochta Homafóbaí**<br><br>De dheasca an gá a aithnítear chun an bhulaíocht a chomhrac i gcoinne daoine óga LADT nó daoine óga a cheaptar gur daoine óga LADT iad, ba chóir don ROS tacú leis an bhfeachtas Feasachta Seas Suas. Aidhm an tionscnaimh seo ná an bhulaíocht homafóbach agus trasfóbach a chosc agus a chomhrac i scoileanna: a) tríd an gcairdeas agus tacaíocht do scoláirí LADT i measc scoláirí eile a mhéadú; b) tríd an bhfeasacht i dtaobh scoláirí LADT a ardú i measc scoláirí eile, múinteoirí, príomhoidí, agus daoine eile i bpobal uile na scoile; an meas don éagsúlacht agus d'fhéiniúlachtaí LADT a mhéadú; an dóchúlacht go dtuairisceoidh scoláirí LADT; faoin mbulaíocht; agus, laghdú a dhéanamh, dá réir, ar an mbulaíocht agus scoiteacht choimhdeach, féindochar, an claonadh féinmharfach, agus deacrachtaí meabhairshláinte i measc scoláirí LADT. | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>Ó 2014 i leith tá maoiniú curtha ar fáil ag an Roinn do Sheirbhísí Óige BeLonG To chun tacú le Feachtais Seas Suas a sheachadadh. |
| **9. Tacaíocht a thabhairt d'fheachtas meán a dhíríonn ar an gcibearbhulaíocht agus atá ag díriú go háirithe ar dhaoine óga**<br><br>Mar chuid den Lá um Idirlíon níos Sábháilte 2013 a bheidh ar siúl ar an 5 Feabhra, tacú le feachtas margaíochta sóisialta a chur i bhfeidhm atá ag díriú ar dhaoine óga. | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>Is tionscnamh ar fud an AE é an Lá Idirlíon níos Sábháilte chun idirlíon níos sábháilte a chur chun cinn do gach úsáideoir, go háirithe daoine óga. Tá sé curtha chun cinn in Éirinn ag Teicneolaíocht san Oideachas an Oide agus Webwise. |
| **10. Taighde ar na tacaíochtaí éifeachtúla do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu**<br><br>Cuireann an grúpa oibre fáilte roimh chomhaontú an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais chun taighde a dhéanamh ar an dea-chleachtas agus na hidirghabhálacha éifeachtúla i scoileanna na hÉireann chun an bhulaíocht ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chosc. Leis seo tabharfar tacaíocht don dea-chleachtas a scaipeadh thar córas na scoile. | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais achoimre feidhmiúcháin ar a dtaighde i mí na Samhna 2014. Bunaithe ar athbhreithniú ar an litríocht agus ar an taighde eimpíreach, aithníodh cúig threoirphrionsabal a chuireann bonn faoin gcreat do scoileanna chun a chinntiú go mbeidh a scoil mar áit ina mbíonn baill foirne agus leanaí sásta agus sábháilte agus go gcuidíonn timpeallacht na scoile le foghlaim agus le dea-chaidreamh a fhorbairt le daoine eile. |

| Gníomhartha | Stádas |
|---|---|
| **11. Taighde ar leitheadúlacht agus éifeacht na bulaíochta atá ceangailte leis na meáin shóisialta maidir leis an meabhairshláinte agus iompar féinmharfach i measc daoine óga**<br><br>Cuireann an grúpa oibre fáilte roimh chomhaontú an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc d'fhonn athbhreithniú litríochta a éascú chun iniúchadh a dhéanamh ar leitheadúlacht agus éifeacht na bulaíochta atá ceangailte leis na meáin shóisialta ar an meabhairshláinte agus iompraíocht fhéinmharfach i measc daoine óga laistigh de shuíomh scoile. Chomh maith leis sin, bheadh an t-athbhreithniú in ann na grúpaí atá i mbaol a bheadh soghonta don chineál seo bulaíochta a aithint chun a bheith in ann na bearta coisctheacha cuí a fhorbairt do phobal uile na scoile. | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>I mí an Mhárta 2014, d'fhoilsigh an Roinn agus an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc *Léirbhreithniú Litríochta 'Leitheadúlacht agus Tionchar na Bulaíochta Bainteach leis na Meáin Shóisialta ar Mheabhairshláinte agus ar Iompar Féinmharaithe i measc Daoine Óga'* |
| **12. Bearta um ardú feasachta, lena n-áirítear treoirlínte don lucht déanta beartas agus gníomhaireachtaí agus seirbhísí ROS a oibríonn in earnáil na scoileanna ar chineálacha agus ar fhoirmeacha uile na bulaíochta.**<br><br>An ROS le sraith seimineár inmheánacha a éascú chun tógáil ar an inniúlacht i dtaobh bulaíochta. Tabharfar cuireadh d'fhoireann polasaí na n-aonad gnó ROS cuí, agus na ngníomhaireachtaí agus seirbhísí ROS le bheith rannpháirteach ann. Déanfar forbairt ar threoirlínte don fhoireann chun tacú le promhadh polasaí do bhuncheisteanna bunaithe ar an bhféiniúlacht, go háirithe don fhéiniúlacht LADT agus don bhulaíocht homafóbach. | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>Tá seimineáir curtha ar fáil ag Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC ar ábhair a bhaineann le bulaíocht agus sábháilteacht ar líne. Is do bhaill foirne atá ag obair sa Roinn Oideachais chomh maith le pobal níos leithne iad seo. Ó 2021 i leith, eagraíodh na seimineáir in éineacht leis an bhFaireachlann ar Chibearbhulaíocht, Cibearfhuath agus Cibearchiapadh agus cuirtear iad ar fáil anois ar líne trí huaire sa bhliain. |

Breithníodh freisin na trí mholadh déag atá i b*Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* 2013 agus ar a stádas feidhmithe. Tá an dul chun cinn atá déanta ar chur i bhfeidhm na moltaí le fáil i dTábla 2 thíos.

***Tábla 2. Dul Chun Cinn i gCur i bhFeidhm na moltaí atá sa Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013***

| Gníomhartha | Stádas |
|---|---|
| **1. Bunú an Ghrúpa Forfheidhmithe Frithbhulaíochta:**<br><br>Grúpa le bunú chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na ngníomhartha a nglactar leo agus moltaí a leagan amach sa phlean gníomhaíochta seo. Bheadh ról ag an nGrúpa Forfheidhmithe freisin maidir leis an taighde atá beartaithe i ngníomhartha 9 agus 10 thuas. | **Níor cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>Níor bunaíodh grúpa foirmiúil forfheidhmithe maidir le tuairisciú rialta ar dhul chun cinn i gcur i bhfeidhm na ngníomhartha. |
| **2. Prótacail idir na gníomhaireachtaí stáit a chuireann seirbhísí ar fáil do scoileanna.**<br><br>Ba chóir do na gníomhaireachtaí athbhreithniú a dhéanamh ar a bprótacail do chomhroinnt an eolais chuí maidir le scoileanna agus na leanaí agus na daoine óga sna scoileanna sin. D'fhéadfadh sé seo cuidiú le buncheisteanna a aithint nach mór tabhairt fúthu ag an leibhéal scoile agus cuidiú lena chinntiú go mbaintear úsáid as na hacmhainní chun tacú leis na leanaí agus na daoine óga chun na críche is fearr. | **Níor cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>In 2018 tháinig na Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí i bhfeidhm agus tá dualgas ar ghníomhaireachtaí Comhaontuithe Comhroinnte Sonraí a bheith acu. Ní cosúil, áfach, go raibh fócas ar Ghníomhaireachtaí a bheith ag roinnt eolais faoi scoileanna agus faoi na leanaí agus na daoine óga atá iontu. |
| **3. Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM)**<br><br>Tá na gnéithe éigeantacha atá le bheith i gcláir OTM agus na torthaí foghlama in *Oiliúint Tosaigh Múinteoirí: Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Clár* na Comhairle Múinteoireachta. Níl tagairtí ar leith don bhulaíocht sna Torthaí Foghlama sna Treoirlínte. Molann an Grúpa Oibre go ndéantar breithniú ar thagairtí ar leith don bhulaíocht sna treoirlínte i gcomhréir leis na tátail sa Phlean Gníomhaíochta seo. | **Níor cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.** |

| Gníomhartha | Stádas |
|---|---|
| **4. Curaclam**<br><br>Ba chóir don ROS, CNCM agus forais eile a bhfuil baint acu leis an bhforbairt curaclaim agus leis an gcur i bhfeidhm breithniú a dhéanamh ar na tátail agus ar na moltaí, go háirithe i gcomhthéacs fhorbairt na gcuraclam nua. Ba chóir breathnú ar riachtanas a chur ar scoileanna OSPS a chur ar fáil sa tsraith shinsearach. | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>I mí Aibreáin 2018, iarradh ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) mór-athbhreithniú a dhéanamh ar OCG i scoileanna thar gach céim den oideachas chun a chinntiú go n-oireann sé don fheidhm agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais dhaoine óga in Éirinn na linne seo.<br><br>Iarradh ar an CNCM breathnú ar roinnt saincheisteanna maidir le OCG agus an curaclam. Ina measc, ach ní raibh siad teoranta dóibh, bhí toiliú; forbairtí maidir le frithghiniúint; léiriú gnéis dearfach, sláintiúil agus caidrimh; úsáid shábháilte an Idirlín agus na meán sóisialta agus a thionchair ar chaidrimh agus ar fhéinmheas; agus gnóthaí LADTA+.<br><br>D'fhoilsigh an CNCM dréacht-sonraíocht leasaithe de OSPS na Sraithe Sóisearaí don chomhairliúchán poiblí a mhair ó mhí Iúil go mí Dheireadh Fómhair. Nuair a bheidh sí tugtha chun críche agus ceadaithe, beidh sé mar aidhm an tsonraíocht nua seo a chur i bhfeidhm i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2023.<br><br>Leagtar béim láidir sa tsonraíocht nuashonraithe ar fhorbairt scileanna tábhachtacha saoil atá de dhíth ar dhaoine óga agus iad ag fás aníos i ndomhan atá ag athrú go tapa agus atá casta. Tá sé fréamhaithe i gcur chuige atá dearfach, iomlánaíoch, dalta lárnach, cuimsitheach agus oiriúnach d'aois agus d'fhorbairt na ndaltaí. Sa dréacht-sonraíocht tá roinnt torthaí foghlama bainteach le bulaíocht phearsanta agus ar líne chomh maith le caidrimh shláintiúla, mheasúla a chothú.<br><br>Tá tús curtha cheana féin le hullmhú chun sonraíocht OSPS/OCG na Sraithe Sinsearaí a nuashonrú. Tá páipéar cúlra agus treoir ullmhaithe a threoróidh obair ghrúpa forbartha an CNCM do shonraíocht OSPS/OCG na Sraithe Sinsearaí. Foilsíodh an páipéar cúlra sin i mí Dheireadh Fómhair le haghaidh comhairliúcháin phoiblí. |

| Gníomhartha | Stádas |
|---|---|
| | Tá and dreéacht-sonraíocht na Sraithe Sinsearaí t ar fáil le haghaidh comhairliúcháin phoiblí anoisagus go dtabharfar chun críche é go luath sa bhliain 2024 d'fhonn é a chur i bhfeidhm i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2024.<br><br>Foilsíodh Creatchuraclam na Bunscoile i mí an Mhárta 2023. Tá grúpaí forbartha do na réimsí curaclaim go léir lena n-áirítear folláine bunaithe ag an CNCM. Táthar ag súil go dtarlóidh an comhairliúchán ar na dréacht sonraíochtaí sa bhliain 2024.<br><br>Tabharfar aghaidh ar fhoghlaim a bhaineann le OCG sa bhunscoil laistigh de réimse curaclaim na Folláine i gCéimeanna 1 agus 2 den churaclam (naíonáin shóisearacha go rang a dó) agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte i gcéimeanna 3 agus 4 den churaclam (rang a trí go dtí rang a sé). Tabharfaidh an grúpa forbartha seo faoi shonraíocht a fhorbairt don réimse curaclaim agus do na hábhair chomhfhreagracha. Déanfar an chomhairle seo a fhorbairt trí thaighde, trí phlé, trí chomhairliúchán agus trí rannpháirtíocht le líonraí. |
| **5. Steiréitiopáil**<br><br>An ROS le dul i dteagmháil leis na foilsitheoirí leabhar chun ábhair a chur ar fáil do scoileanna maidir leis an steiréitiopáil.. | **Níor cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.** |
| **6. Forbairt Creata Náisiúnta nua um Fhrithbhulaíocht**<br><br>Molann an grúpa oibre go ndéanfar breithniú i gcomhthéacs Chreat Polasaí na leanaí agus na nDaoine Óga chun creat náisiúnta nua a fhorbairt ina leagfaí amach tiomantas an Rialtais chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac do leanaí agus daoine óga idir ón luathóige go dtí an aosacht. | **This recommendation was not implemented**<br><br>In 2014, d'fhoilsigh an *Rialtas Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*. Bhí tiomantas ann Creat Náisiúnta Frithbhulaíochta a fhorbairt ina nglacfar cur chuige pobail, ó óige go haosacht, chun an bhulaíocht a chomhrac agus a mbeadh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i gceannas air. Sa tuarascáil dul chun cinn is déanaí luadh nach bhfuil sé curtha chun cinn. |

| Gníomhartha | Stádas |
|---|---|
| **7. Taighde ar ghnásanna imscrúdaithe i ndlínsí eile agus forbairt na dtograí chun athruithe a dhéanamh sa chóras in Éirinn más féidir fíorluach ar airgead a chur leis.**<br><br>Chuirfeadh an grúpa oibre fáilte roimh anailís bhreise atá níos doimhne a dhéanamh ar na próisis imscrúdaithe ar leith i ndlínsí a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun cur le forbairt feabhsúchán ar bith atá beartaithe do chóras na hÉireann chun imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin. | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>Idir 2017 agus 2020, rinne Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC taighde ar phróisis scrúdaithe i ndlínsí eile lena n-áirítear SAM, New South Wales san Astráil, agus Sasana.<br><br>Ba é tátal an taighde go raibh Éire réamhghníomhach maidir le polasaí a chumasú, cé go raibh na dlínsí eile chun tosaigh ar Éire ó thaobh athchóiriú na reachtaíochta. Ní féidir le haon dlí nó le haon phróiseas scrúdaithe déileáil go leordhóthanach le bulaíocht scoile, tá gá le cur chuige iomlán oideachais uile. |
| **8. Taighde, monatóireacht agus meastóireacht**<br><br>De réir mar a cheadaítear leis na hacmhainní, taighde breise a aithint agus a thosú maidir le buncheisteanna bulaíochta, monatóireacht agus meastóireacht na dtionscnamh i scoileanna agus in earnálacha eile ina measc d'fhonn tacú leis an dea-chleachtas a scaipeadh agus fianaise a chur ar fáil le tuilleadh forbartha polasaí a dhéanamh agus le cinntí a dhéanamh. | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>Ó 2013 i leith, tá roinnt tionscnamh taighde maoinithe ag an Roinn atá dírithe ar thuiscint a fháil ar bhulaíocht agus foghlaim conas is fearr is féidir tionscnaimh frithbhulaíochta a sheachadadh i scoileanna.<br><br>Is é Frithbhulaíocht agus Sábháilteacht ar Líne FUSE an chéad chlár taighde-bhunaithe in Éirinn do scoileanna. Rinneadh an clár a phíolótú i mbunscoileanna agus cuireadh ar fáil é do gach iar-bhunscoil in Éirinn.<br><br>In 2021, bunaíodh Faireachlann náisiúnta ar Chibearbhulaíocht, Cibearfhuath, agus Cibearchiapadh a sholáthraíonn taighde agus oideachas ar shaincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht dhigiteach. |

| Gníomhartha | Stádas |
|---|---|
| **9. Tús Áite do Leanaí**<br><br>Tús Áite do Leanaí: I dTreoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas na Leanaí deirtear "I gcásanna nuair atá an eachtra tromchúiseach agus nuair a cheaptar go bhféadfadh an iompraíocht a bheith maslach, ba chóir don scoil teagmháil a dhéanamh le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh an FSS d'fhonn an freagra cuí a chur le chéile, ar nós plean bainistíochta." Deirtear freisin ann "Gur chóir cásanna tromchúiseacha den iompraíocht bulaíochta a chur ar aghaidh chuig Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh an FSS." Moltar gur chóir go gcuirfeadh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige treoir atá níos mionsonraithe ar fáil do scoileanna agus do dhaoine eile maidir lena bhfuil i gceist le "bulaíocht thromhchúiseach" faoi Tús Áite do Leanaí agus an uair is cóir iad a chur ar aghaidh chuig an FSS. | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>Tá foráil sna Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna, (leasaithe 2023, gur féidir i gcásanna tromchúiseacha bulaíochta, ina meastar an iompar a bheith mí-úsáideach, tarchur a dhéanamh chuig Tusla nó chuig an nGarda Síochána de réir mar is cuí.<br><br>Tá foráil sna Nósanna Imeachta freisin go lorgóidh an duine idirchaidrimh ainmnithe comhairle ó Tusla nuair a bhíonn imní ar phearsanra scoile faoi leanbh mar thoradh ar iompar bulaíochta líomhnaithe ach nach bhfuiltear cinnte ar cheart an scéal a thuairisciú do TUSLA. Ní chuireann na nósanna imeachta treoir ar fáil, áfach, maidir lena bhfuil i gceist le bulaíocht thromchúiseach. |
| **10. Cód Iompair do na Meáin**<br><br>Laistigh de chomhthéacs na dtátal agus moltaí sa phlean gníomhaíochta seo, ba chóir breathnú ar athbhreithniú a dhéanamh ar Phrionsabal 9 sa Chód Cleachtais do na Nuachtáin agus Irisí a bhaineann leis na Leanaí agus breithniú ar leith a dhéanamh ar thagairt a chur leis maidir leis an mbealach ina ndéileáiltear leis na scéalta sna meáin a bhaineann leis an mbulaíocht agus leis an bhféinmharú. | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>Leagtar béim i bPrionsabal 9 den Chód Cleachtais go nglacfaidh an preas cúram ar leith agus iad ag lorg agus ag cur i láthair faisnéise nó tuairimí faoi leanbh faoi bhun 16 bliana d'aois. Ba cheart d'iriseoirí agus d'eagarthóirí aird a thabhairt ar aois an linbh, cibé acu an bhfuil toiliú tuismitheora nó duine fásta eile dá leithéid, íogaireacht an ábhair, agus cé na cúinsí, más ann dóibh, ina bhfuil an scéal chun leasa an phobail.<br><br>Tá an Tuairisciú ar Fhéinmharú liostaithe faoi Phrionsabal 10 de chód cleachtais reatha Oifig an Ombudsman Preasa. Deirtear ann gur cheart sonraí iomarcacha faoi mhodhanna an fhéinmharaithe a sheachaint. |

| Gníomhartha | Stádas |
|---|---|
| **11. Obair Óige**<br><br>Molann an grúpa gur chóir do scoileanna leanúint ar aghaidh agus an comhoibriú agus an idirghníomhaíocht leis na seirbhísí óige a neartú agus an rannpháirtíocht ghníomhach a ghlacann na daltaí a chur chun cinn sna seirbhísí a dhíríonn ar an óige laistigh dá bpobail áitiúla. Spreagann an grúpa na seirbhísí óige, na grúpaí agus na heagraíochtaí go mór chun forbairt a dhéanamh ar na polasaithe frithbhulaíochta agus iad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs a gcuid oibre le daoine óga agus chun úsáid a bhaint as an raon oiliúna agus tacaíochtaí atá ar fáil trí CNÓÉ, Seirbhísí Óige BeLonG To agus trí eagraíochtaí óige náisiúnta eile maidir leis seo. | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm i bpáirt.**<br><br>Leanann an Roinn ag tacú le Seirbhísí Óige agus tá maoiniú á chur ar fáil aici do roinnt tionscnamh agus eagraíochtaí. Ina measc seo tá Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC, an láithreán gréasáin tacklebullying.ie agus an feachtas Seas Suas. |
| **12. Eagraíochtaí Spóirt**<br><br>Aithníonn an grúpa oibre rún CLG sraith de cheardlann a chur ar bun do chlubanna ar a dtugtar CLG Bulaíocht a Chomhrac ó Mhárta 2013. Molann an grúpa oibre go n-oibreodh cumainn CLG, in éineacht le heagraíochtaí spóirt eile, le scoileanna d'fhonn a chinntiú go bhfuil tuiscint chomhroinnte ann ar an mbulaíocht inár bpobail, chomh maith le cuir chuige comhroinnte chun dul i ngleic leis an mbulaíochta. | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>Bhí CLG ar an gcéad eagraíocht spóirt sa tír a sheol feachtas náisiúnta frithbhulaíochta nuair a nochtadh clár CLG Bulaíocht a Chomhrac i mí an Mhárta 2013.<br><br>Is éard atá sa chlár ná ceardlann oiliúna dhá uair an chloig atá oiriúnach do Chóitseálaithe, do Thuismitheoirí, d'Imreoirí agus do phearsanra eile an Chlub agus lena n-áirítear freisin raon ábhar bolscaireachta do Chlubanna. Roinneadh an Clár Bulaíocht a Chomhrac 2013 le príomheagraíochtaí spóirt eile. Tá an CLG ag obair le Google faoi láthair chun an ghné meán sóisialta den oiliúint frithbhulaíochta a nuashonrú, agus beidh sé seo mar chuid den oiliúint ar chosaint agus ar chóitseáil amach anseo. |

| Gníomhartha | Stádas |
|---|---|
| **13. Comhpháirtíocht le Tionscal**<br><br>Is léir go bhfuil ról tábhachtach ag comhlachtaí meán sóisialta agus teileachumarsáide agus soláthraithe seirbhíse idirlín chun bearta a fhorbairt leis an gcibearbhulaíocht a chosc agus chun meicníochtaí tuairiscithe a chur ar fáil dóibh siúd a ndearnadh dochar dóibh leis an gcibearbhulaíocht. Spreagann an grúpa oibre don tionscal comhoibriú a dhéanamh le gníomhaíochtaí agus seirbhísí Stát na hÉireann, ENRanna, tuismitheoirí agus daoine óga chun feasacht maidir leis an gcibearbhulaíocht a ardú agus an chaoi inar féidir déileáil leis. | **Cuireadh an gníomh seo i bhfeidhm.**<br><br>Bhun an tAcht um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil Meáin, i measc nithe eile,<br><br>comhlacht rialála nua Choimisiún na Meán, lena n-áirítear Coimisinéir um Shábháilteacht Ar Líne. Is é ról an Choimisinéara Sábháilteachta Ar Líne maoirsiú cuntasachta a dhéanamh ar sheirbhísí ainmnithe ar líne trí chóid cheangailteacha sábháilteachta ar líne faoin gcaoi a dtéitear i ngleic leis an bhfáil atá ar chatagóirí sainithe d'ábhar díobhálach ar líne, lena n-áirítear ábhar cibearbhulaíochta. Tugann an tAcht cumhachtaí láidre comhlíonta agus forfheidhmithe do Choimisiún na Meán, lena n-áirítear an chumhacht go bhforchuirfear smachtbhannaí airgeadais suas le €20 milliún nó 10% den láimhdeachas.<br><br>Éilíonn an tAcht go rachadh Coimisiún na Meán i gcomhairle go forleathan, lena n-áirítear leis an tionscal, ar fhorbairt agus ar fheidhmiú cód agus feidhmeanna rialála eile.<br><br>Beidh ról oideachais agus múscailte feasachta ag Coimisiún na Meán freisin chun iompraíocht dhearfach ar líne a chur chun cinn maidir le leanaí agus daoine óga, i gcomhar le Webwise agus le comhpháirtithe oideachais eile.<br><br>Síníodh an tAcht um Shábháilteacht Ar Líne agus um Rialáil Meáin ina dhlí an 10 Nollaig 2022. |

Is léir ó Thábla 1 agus ó Thábla 2 go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhartha go léir sa Phlean Gníomhaíochta ar Bhulaíocht, ach nár cuireadh roinnt moltaí i bhfeidhm nó gur cuireadh iad i bhfeidhm i bpáirt.

## Iniúchadh ar an bPlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013 i gcoinne an Chur Chuige Oideachais Uile

Céim mhór chun tosaigh i bhforbairt pholasaí oideachais na hÉireann a bhí *sa Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013*. Ba é seo an chéad ráiteas cinntitheach ar an mbulaíocht i scoileanna ó foilsíodh doiciméad gairid roimhe sin dar teideal *Treoirlínte chun Bulaíocht a Chosc agus a Chomhrac i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna* a foilsíodh i 1993. Is éard a rinne an doiciméad sin i ndáiríre ná bulaíocht a shainmhíniú, cur síos a thabhairt ar an gcaoi a léirítear í i scoileanna agus ar na himpleachtaí do dhaoine aonair, agus comhairle achomair ar fáil do scoileanna faoin gcaoi le polasaí frithbhulaíochta a scríobh agus cur síos an-ghinearálta ar an gcaoi leis an bpolasaí sin a chur i bhfeidhm.

D'éirigh leis an b*Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* ceist na bulaíochta scoile a bhogadh ón áit imeallach ina raibh sí go croílár an pholasaí poiblí agus an chaoi a dtugaimid faoin scolaíocht i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna na hÉireann. Aithníodh sa phlean go bhféadfadh "easpa féinmheasa, imní, strus, dúlagar, deacrachtaí le hobair scoile, leisce freastal ar scoil, agus, i gcásanna antoisceacha, féinghortú agus féinmharú" (lch. 31) tarlú mar thoradh ar dhochar na bulaíochta.

Ba é cuspóir an Phlean Gníomhaíochta ná treoir a sholáthar agus cur ar chumas pearsanra scoile, go háirithe príomhoidí scoile, bulaíocht a chosc agus a chomhrac ag an leibhéal áitiúil laistigh dá gcomhthéacs féin. Ina theannta sin, sholáthraigh an Plean Gníomhaíochta creatlach do phríomhoidí agus do bhoird bhainistíochta le dul i mbun oibre chun moltaí maidir le dea-chleachtas do chomhrac na bulaíochta a mheas. I measc na moltaí seo bhí: bearta coisctheacha cuí a ghlacadh amhail polasaí a fhorbairt, ball foirne ar leith a ainmniú chun déileáil leis an mbulaíocht agus tuairisciú go foirmiúil ar bhulaíocht.

Tá raon moltaí, cé go bhfuil siad teoranta, a rinneadh san *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* ina gcruthaítear naisc shoiléire le polasaithe eile. Mar shampla, sa séú moladh den phlean gníomhaíochta moltar gur chóir don fhéinmheastóireacht scoile tacú le scoileanna cultúr dearfach scoile a fhorbairt agus dul i ngleic leis an mbulaíocht. I bhfianaise na bhforbairtí suntasacha ar fhéinmheastóireacht scoile in Éirinn ó 2013, foilsiú *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022* le déanaí, an creat cáilíochta do bhunscoileanna, scoileanna speisialta agus iar-bhunscoileanna, ba cheart go mbeadh naisc níos soiléire leis an bplean gníomhaíochta nuashonraithe ar an mbulaíocht, toisc go bhfuil an fhéinmheastóireacht scoile leabaithe sna scoileanna anois. Ba ghá an fhéinmheastóireacht sin a nascadh le meastóireacht náisiúnta níos leithne ar an mbulaíocht sa chóras scolaíochta. Ba cheart go gcuirfí san áireamh freisin achtú náisiúnta chreat *Cosán* na Comhairle Múinteoireachta, an creat foghlama gairmiúil do mhúinteoirí (agus do cheannairí scoile), nuair a bhíonn deiseanna foghlama gairmiúla do mhúinteoirí ar an bhfrithbhulaíocht á mbreithniú.



Thug Plean Gníomhaíochta 2013 aird ar 68 aighneacht agus comhairliúchán le raon páirtithe leasmhara, agus mar thoradh air sin cruthaíodh doiciméad an-mhionsonraithe 125 leathanach. Is féidir roinnt tátail a bhaint as an gcaoi a gcuirtear an plean gníomhaíochta i láthair. Cé go bhfuil an plean gníomhaíochta dírithe ar raon páirtithe leasmhara, bhí sé an-fhada agus ní raibh sé éasca ar gach duine é a rochtain. Cuidíonn an t-achoimre feidhmiúcháin ach bheadh sé níos fearr, toisc nach raibh a lán moltaí ann, dá ndéanfaí na moltaí a chur i láthair ar bhealach níos soiléire sa chuid sin.

D'fhéadfaí cur chuige bolscaireachta a ghlacadh sa chaoi inar cuireadh an Plean Gníomhaíochta i láthair. Cé go bhfuil téacs ildaite úsáidte, níor úsáideadh aon íomhánna de shuíomhanna oideachais, de scoileanna, d'idirghníomhaíochtaí dearfacha daltaí/scoláirí sa phlean gníomhaíochta. Is gléasanna cumarsáide cumhachtacha iad íomhánna toisc gur féidir leo coincheapa agus faisnéis a chur in iúl, agus faisnéis atá sa téacs a threisiú. Dá bhrí sin, cuidíonn na híomhánna ábhartha in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* le soléiteacht an phlean agus é a bheith níos furasta le láimhseáil dóibh siúd a mbeidh na gníomhartha á gcur i bhfeidhm acu. Ina theannta sin, is fiú na ciútaí teanga a úsáidtear sa phlean gníomhaíochta a bhreithniú toisc gur féidir bríonna éagsúla a bhaint as roghanna teanga. Mar shampla, úsáidtear an dá bhriathar 'ní mór' agus 'ba chóir' sa Phlean Gníomhaíochta chun treoir agus stiúir a sholáthar. Mar shampla, "<u>ní mór</u> do scoileanna oibriú chun bulaíocht homafóbach agus trasfóbach a chosc agus dul i ngleic léi go héifeachtach … <u>ba chóir</u> tacú le scoileanna féinmheastóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtacht maidir le cultúr dearfach scoile a chruthú agus bulaíocht a chosc agus a chomhrac". D'fhéadfadh dualgas a bheith i gceist le 'ní mór', agus d'fhéadfadh inmhianaitheacht a bheith i gceist le 'ba chóir'. Dá réir sin, chun na gníomhartha a chuirtear i láthair a bhaint amach, bíonn tábhacht ag baint leis na roghanna teanga a bhíonn in úsáid. Ar deireadh, tá sleachta as Clár an Rialtais an ama san *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*. Tá sé tábhachtach nach dtugann sé seo le tuiscint go mbaineann cur i bhfeidhm na ngníomhartha le saolré aon Rialtais ar leith.

D'fháiltigh Aire Oideachais agus Scileanna na linne, Ruairí Quinn TD, roimh fhoilsiú an *Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* in 2013. Tháinig an plean ar an bhfód ag tréimhse ina raibh leasuithe níos forleithne ag tarlú ar pholasaí oideachais lena n-áirítear oideachas múinteoirí, féinmheastóireacht scoile, agus athruithe ar sholáthar litearthachta agus uimhearthachta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Ina theannta sin, seoladh an Plean Gníomhaíochta i ndiaidh na géarchéime eacnamaíche náisiúnta, ónar eascair stuamacht fhioscach i seirbhísí poiblí, an t-oideachas san áireamh.

In éineacht leis an gclár oibre athchóirithe seo, bhí conair i dtreo téarnaimh airgeadais mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíochta domhanda agus ar an gcúlú náisiúnta. D'eascair stuamacht fhioscach i soláthar na seirbhíse poiblí mar thoradh air seo. Bhíothas le hathchóiriú polasaí a bhaint amach trí thosaíocht a thabhairt athuair do chaiteachas agus trína chinntiú go bhféadfaí na torthaí is fearr a bhaint amach as acmhainní airgeadais agus daonna a bhí ann cheana. Cuireadh an seasamh seo in iúl go ríshoiléir sna téarmaí tagartha a dúirt go dtabharfadh grúpa oibre an Phlean Gníomhaíochta ar Bhulaíocht "aird ar na baic airgeadais atá ar an Roinn Oideachais agus Scileanna(ROS) faoi láthair agus a bheidh ann sna blianta atá romhainn" (ROS, 2013). Cé go raibh ciorrú fioscach mar dhúshlán ag an am a foilsíodh an plean in 2013, b'fhéidir go mbeadh sé deacair é seo a áireamh sna téarmaí tagartha mar go bhféadfadh sé srian a chur le moltaí meántéarmacha agus fadtéarmacha a d'fhéadfaí a bhaint amach de réir mar a thagann athrú ar na coinníollacha eacnamaíocha.




Léiríonn taighde rath teoranta ar roinnt de na cuir chuige sár-aitheanta do chosc agus d'idirghabháil na bulaíochta. Bhí sé de nós acu seo líon na bulaíochta scoile a laghdú thart ar 19–20% agus íospairt na bulaíochta scoile a laghdú thart ar 15–16% (Gaffney, Ttofi agus Farrington, 2019). D'aithin an EOECNA gur gá cur chuige a fhorbairt a bheadh níos forleithne ná cur chuige scoile uile amháin. Cé go bhfuil cur chuige scoile uile molta i bpolasaithe agus nósanna imeachta le breis agus scór bliain anuas, bhíothas den tuairim gur chuir an cur chuige seo an iomarca freagrachta ar scoileanna aonair dul i ngleic le bulaíocht laistigh dá n-acmhainní féin agus nár tugadh dóthain aitheantais don ról tábhachtach atá ag an gcóras oideachais agus ag an sochaí i gcoitinne.

Feidhmíonn scoileanna laistigh de chóras oideachais agus sochaí níos leithne. Ní mór do thionscnaimh chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac idirnascadh na scoile leis an bpobal níos leithne a aithint, lena n-áirítear córais oideachais, teicneolaíochta agus sochaíocha. Dá réir sin tá gá le *cur chuige oideachas uile níos leithne* chun dul i ngleic leis an mbulaíocht i scoileanna. D'aithin Coiste Eolaíoch EOECNA um Bulaíocht Scoile a Chomhrac, lena n-áirítear cibearbhulaíocht, naoi bpríomh-chomhpháirt de chur chuige oideachas-uile mar atá leagtha amach thíos.

1. *Ceannaireacht Pholaitiúil Láidir*
2. *Timpeallacht Shíceolaíoch agus Fhisiciúil atá Sábháilte sa Scoil agus sa Seomra Ranga*
3. *Oiliúint agus Tacaíocht d'Fhoireann na Scoile*
4. *Curaclam, foghlaim & teagasc chun timpeallacht scoile atá comhbhách a chur chun cinn*
5. *Córais tuairiscithe chomh maith le seirbhísí tacaíochta agus atreoraithe*
6. *Comhoibriú agus comhpháirtíocht idir earnáil an oideachais agus réimse leathan comhpháirtithe*
7. *Na páirtithe leasmhara go léir a bheith páirteach i bpobal na scoile, tuismitheoirí san áireamh*
8. *Cumasú agus rannpháirtíocht scoláirí*
9. *Fianaise: monatóireacht ar bhulaíocht scoile agus measúnú ar fhreagairt*

Cé nár mhol an EOECNA an Cur Chuige Oideachais Uile go dtí 2021, is fiú an *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* a mheas in aghaidh an Chur Chuige Oideachais Uile d'fhonn a mhéid agus a chomhlíonann an Plean caighdeán an pholasaí agus an chleachtais reatha chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac a mheas.

***Tábla 3. Iniúchadh ar Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013 in aghaidh Cur Chuige Oideachais Uile EOECNA***

| Plean Gníomhaíochta 2013 | Freagracht | Comhpháirt CCOU EOECNA | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** | **6** | **7** | **8** | **9** |
| **Gnásanna Frithbhulaíochta do Scoileanna** | **ROAn Scoil** | * | * | | | | * | | | * |
| **Athbhreithniú ar Sholáthar na Seirbhísí Tacaíochta um Oideachas Múinteoirí** | **RO** | * | | * | * | * | * | | | |
| **Oiliúint chomhordaithe agus forbairt acmhainní do bhoird bhainistíochta agus do thuismitheoirí** | **ROComhlachtaí BainistíochtaCumann na dTuismitheoirí** | * | | * | | | * | * | | * |
| **Cigireacht Scoile** | **RO** | * | * | | * | | | | | * |
| **Meastóireacht Théamach ar an mBulaíocht i Scoileanna** | **RO** | * | | | | | * | | | * |
| **Féinmheastóireacht Scoile** | **ROAn Scoil** | * | | * | * | | | | * | * |
| **Suíomh Gréasáin Náisiúnta um Fhrithbhulaíocht** | **RO** | * | | | | | | | * | |
| **Seachtain Feasachta Seas Suas** | **RO** | * | * | * | * | | * | * | * | * |
| **Feachtas Meán** | **ROIonad Idirlín níos Sábháilte** | * | | | | | | * | | |
| **Taighde agus Tacaíocht do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu** | **An tÚdarás Náisiúnta Míchumais** | * | | * | | | * | | | * |

| Plean Gníomhaíochta 2013 | Responsibility Plean Gníomhaíochta 2013 | UNESCO WEA Component | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** | **6** | **7** | **8** | **9** |
| **Taighde ar leitheadúlacht agus éifeacht na bulaíochta atá ceangailte leis na meáin shóisialta maidir le meabhairshláinte agus iompraíocht fhéinmharfach i measc daoine óga** | **An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc** | * | | * | | | | | | * |
| **Bearta um ardú feasachta, lena n-áirítear treoirlínte, don lucht déanta beartas agus gníomhaireachtaí agus seirbhísí ROS a oibríonn in earnáil na scoileanna ar chineálacha agus ar fhoirmeacha bulaíochta** | **RO** | * | | * | | | | * | | |

Is léir go raibh an *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* ag teacht go pointe áirithe le gach ceann de na naoi gcomhpháirt de Chur Chuige Oideachais Uile EOECNA agus, dá réir sin, bhí sé forásach go leor. Is léir freisin, áfach, go raibh béim sa phlean ar chur chuige a bhí níos cúinge ó thaobh scóipe ná an Cur Chuige Oideachais Uile sa mhéid is gur dhírigh sé go príomha ar na rudaí is féidir le scoileanna aonair a dhéanamh laistigh dá n-acmhainní féin chun dul i ngleic le bulaíocht.




## Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na nGnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile 2013

In 2017 rinne Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC (ABC) taighde ar chur i bhfeidhm na n*Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* 2013 chun a mhéid a bhí na gnásanna seo curtha i bhfeidhm go rathúil ag an leibhéal áitiúil ag bainistíocht scoile a mheas (Murphy, Downes agus O'Higgins Normannach, 2017). Fuarthas 918 freagra ar shuirbhé a rinneadh le príomhoidí scoile.

Thug na freagraí le fios gurb iad seo a leanas príomhrathanna an chur i bhfeidhm:

- Ba chéim dhearfach í tabhairt isteach Nósanna Imeachta 2013 sa chaoi a dtugann córas scoile na hÉireann aghaidh ar an mbulaíocht, go háirithe ó thaobh polasaithe áitiúla frithbhulaíochta a fhorbairt, feasacht a ardú agus tuairisciú ar bhulaíocht
- Thug siad soiléireacht bhreise ar an mbulaíocht agus cur chuige náisiúnta uileghabhálach chun dul i ngleic leis an mbulaíocht ar leibhéal áitiúil i scoileanna
- Chinntigh siad go dtuigeann scoileanna go bhfuil sé riachtanach dóibh a bheith cuntasach as an mbealach a bhainistíonn siad an bhulaíocht.

Thug na freagraí le fios gurb iad seo a leanas príomhbhaic an chur i bhfeidhm:


- Bearnaí sa bhfáil atá ar chomhairleoirí cáilithe chun dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le bulaíocht
- Deacrachtaí maidir le hidirghabháil luath a sholáthar do dhaltaí a bhfuil bulaíocht á dhéanamh orthu nó atá i mbun iompair bulaíochta
- An gá do bhainistíocht scoile tosaíocht a thabhairt do chomhlíonadh a ndualgais maidir leis na Gnásanna Frithbhulaíochta a chur i bhfeidhm go háirithe maidir le múinteoir ábhartha a cheapadh agus/nó coistí scoile uile a fhorbairt chun dul i ngleic leis an mbulaíocht go leanúnach ag an leibhéal áitiúil
- An tábhacht a bhaineann le foirne ildisciplíneacha chun tacaíocht a sholáthar do dhaltaí agus dá dteaghlaigh atá faoi éagothroime shocheacnamaíoch agus a bhféadfadh bulaíocht a bheith mar thoradh air seo
- Deacrachtaí a bhíonn ag príomhoidí le comhlíonadh an riachtanais maidir leis na hidirghabhálacha agus na tacaíochtaí is oiriúnaí dá scoil a aithint dóibh siúd a fhulaingíonn bulaíocht agus dóibh siúd a bhíonn i mbun bulaíochta.
- I measc na staidéar eile a léirigh baic ar chur i bhfeidhm na nGnásanna Frithbhulaíochta 2013 tá staidéar 2022 leis an Dr Maeve Dupont a scrúdaigh éifeachtacht na nósanna imeachta frithbhulaíochta ar eispéireas daltaí den Lucht Siúil agus Romach sa chóras, agus tuarascáil Chigireacht na Roinne ar chigireachtaí teagmhasacha chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ghnásanna frithbhulaíochta i scoileanna. Comhdhearbhaíonn torthaí na staidéar seo torthaí an staidéir thuasluaite a rinne Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC i 2017.

Rinne an Dr Maeve Dupont ó Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC taighde ina ndearnadh tuairimí an Lucht Siúil agus na Romach ar na gnásanna imeachta frithbhulaíochta do scoileanna a fhiosrú (Dupont, 2022). Déantar roinnt moltaí faoi na nósanna imeachta sa tuarascáil lena n-áirítear bulaíocht an Lucht Siúil agus na Romach a ainmniú i bpolasaithe frithbhulaíochta; feasacht tuismitheoirí a ardú ar pholasaithe frithbhulaíochta agus aghaidh a thabhairt ar an drogall a bhíonn ar thuismitheoirí bulaíocht a thuairisciú; cur chuige comhsheasmhach a ghlacadh chun déileáil leis an mbulaíocht agus tacaíocht a sholáthar dóibh siúd a ndéantar bulaíocht orthu. Leag an tuarascáil béim ar a thábhachtaí atá sé eachtraí bulaíochta a leanúint, a thaifeadadh agus a thuairisciú ionas gur féidir anailís a dhéanamh ar na sonraí chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil iompair bulaíochta agus chun treochtaí ina bhfuil gá le hidirghabháil bhreise a aithint.

*Pieces of Us* an t-ainm atá ar Thuarascáil Leanaí na hÉireann do Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (Ombudsman do Leanaí 2022). Tugtar le fios sa tuarascáil gur fhulaing go leor de na leanaí ar labhraíodh leo bulaíocht sa bhunscoil nó san iar-bhunscoil. Mhothaigh go leor leanaí nár éist scoileanna leo nó nár chreid siad iad nuair a thuairiscigh siad bulaíocht nó nach ndearna scoileanna eachtraí a thuairisciú nó a fhiosrú i gceart. Chreid na leanaí ar labhraíodh leo nach ndearna a scoil dóthain chun déileáil leis an mbulaíocht ná chun pianós a ghearradh ar bhulaithe. Bhí siad den tuairim go raibh scoileanna ag brath an iomarca ar bhealaí neamhfhoirmiúla chun déileáil le bulaíocht, iad ag ardú feasachta agus ag díriú ar chuimsiú seachas dul i ngleic le cúis na bulaíochta. Mhothaigh siad go minic gur loic an scoil orthu.

In 2022 d'fhoilsigh Cigireacht na Roinne Oideachais dhá thuarascáil ar chur i bhfeidhm ghnéithe de na nósanna imeachta frithbhulaíochta. Tá an chéad tuarascáil (An Roinn Oideachais 2022) dar teideal *Tuairisc ar chur i bhfeidhm gnéithe de bhearta frithbhulaíochta i scoileanna* bunaithe ar fhaisnéis a bhailigh an Chigireacht le linn 518 cigireacht theagmhasach ar bhunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta sa tréimhse Meán Fómhair go Samhain 2021. Ba bhunscoileanna agus scoileanna speisialta 309 díobh seo agus ba iar-bhunscoileanna 209 díobh.

Rinne cigirí athbhreithniú ar a mhéid a bhí scoileanna gafa leis na nósanna imeachta frithbhulaíochta. Rinne siad breithniú, ach go háirithe, ar chur i bhfeidhm na chúig phríomhghné de na nósanna imeachta ag scoileanna. Bhailigh cigirí eolas freisin faoi thosaíochtaí na scoile maidir le cruthú cultúir scoile a thugann faoin mbulaíocht a chosc agus a chomhrac. Le linn gach cigireacht theagmhasach cuireadh am ar fáil don phlé idir an cigire agus príomhoide na scoile ar cheisteanna frithbhulaíochta agus ar thosaíochtaí aitheanta na scoile chun cultúr agus atmaisféar dearfach scoile a chruthú.





Bhí tuairisc na cigireachta ar chur i bhfeidhm na nósanna imeachta frithbhulaíochta dearfach ar an iomlán. Bhí riachtanais na gcúig ghné de na nósanna imeachta frithbhulaíochta á gcomhlíonadh ag formhór na mbunscoileanna agus formhór na n-iar-bhunscoileanna. Fuarthas amach go raibh raon straitéisí ag scoileanna chun an bhulaíocht a laghdú agus go raibh úinéireacht glactha ag scoileanna ar na prionsabail atá sna nósanna imeachta frithbhulaíochta agus go ndearna siad iad a oiriúnú agus a bheachtú de réir mar ba chuí.

I measc na n-ábhar imní a ardaíodh, áfach, bhí neamhchomhlíonadh na gceanglas ar phríomhoidí tuairisc a sholáthar uair sa téarma don Bhord Bainistíochta, neamhchomhlíonadh na gceanglas ar an mBord Bainistíochta athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar pholasaí frithbhulaíochta na scoile agus difríocht sa chomhlíonadh idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

D'fhoilsigh an Chigireacht tuarascáil freisin dar teideal *Gníomhartha curtha i bhfeidhm ag scoileanna d'fhonn bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi: Tuairisc ar fhócasghrúpaí le daltaí bunscoile agus scoláirí iar-bhunscoile*. Ghlac tuairim is 100 dalta bunscoile agus 120 scoláire iar-bhunscoile páirt sna fócasghrúpaí chun a dtuairimí a léiriú ar na bearta a rinne a scoileanna chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac (An Roinn Oideachais 2022).

Dhírigh an rannpháirtíocht le daltaí agus scoláirí ar cheithre phríomhréimse: Cultúr agus Atmaisféar na Scoile; Oideachas, Cosc agus Cur Chuige na Scoile Uile i leith na Bulaíochta; Cibearbhulaíocht; Cuimsiú agus Éagsúlacht. Thug an tuarascáil le fios gur bhain na leanaí agus na daoine óga a ghlac páirt sna fócasghrúpaí taitneamh agus tairbhe as an deis a dtuairimí a léiriú ar ghníomhartha a scoile chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac.

B'ionann na cleachtais éifeachtacha a luaigh na leanaí agus na daoine óga agus na cleachtais a luaigh na príomhoidí inar treisíodh an tábhacht a bhaineann le hiompar dearfach a chothú, le meas a mhúineadh agus le dearcadh an dalta/scoláire a chur san áireamh.

Dhírigh scoláirí iar-bhunscoile aird ar an tábhacht a bhaineann le cód iompair a scoile agus an gá atá le spéis, oiliúint agus saineolas múinteoirí in Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS). Mheas siad gur chóir oiliúint bhreise a sholáthar do phobal uile na scoile chun an chibearbhulaíocht agus an bhulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht a chosc agus a chomhrac, go háirithe i réimsí an chiníochais agus na homafóibe.

Níorbh ionann na leibhéil mhuiníne maidir le cásanna bulaíochta a thuairisciú. Bhí muinín láidir ag daltaí bunscoile ach dúirt formhór na scoláirí iar-bhunscoile go mbeadh leisce orthu bulaíocht a thuairisciú do dhuine fásta ina scoil. Luadh sa tuarascáil go bhfuil rannpháirtíocht bhríoch le leanaí agus daoine óga ríthábhachtach d'fhonn a chinntiú go bhfuil scoileanna sábháilte.

# 3 | Forbairtí Polasaí agus Reachtaíochta ó 2013 i leith

## Caibidil 3: Forbairtí Polasaí agus Reachtaíochta ó 2013 i leith

Le deich mbliana anuas ó forbraíodh *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013*, tá Éire ag éirí níos éagsúlaí maidir le náisiúntacht, eitneachas, inscne, claonadh gnéasach, aicme sóisialta agus reiligiún, agus féiniúlachtaí eile. Mar thoradh air seo tá níos mó feasachta sa tsochaí ar an tábhacht a bhaineann le hoideachas cuimsitheach a sholáthar agus tá scoileanna tar éis oiriúnú chun freastal ar riachtanais daonra daltaí atá ag éirí níos éagsúla.

Thacaigh roinnt tionscnamh agus straitéisí Rialtas-mhaoinithe leis an obair seo ar nós an Chláir um Chomhionannas Deiseanna i Scoileanna a Fhorbairt (DEIS); an Clár um Rochtain ar Ardoideachas (CRAO) a bhfuil sé mar aidhm aige cur le líon na mac léinn ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht a théann isteach sa bhreisoideachas agus san ardoideachas, lena n-áirítear oideachas tosaigh múinteoirí; agus an Plean Rochtana Náisiúnta um Chothromas Rochtana, Rannpháirtíochta agus Ratha san Ardoideachas 2022-2028 a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le cuimsiú agus éagsúlacht.

Aithnítear an Lucht Siúil mar ghrúpa eitneach ar leith agus táthar ag díriú ar a rannpháirtíocht in oideachas príomhshrutha a mhéadú. Aithníonn an Plean Rochtana Náisiúnta riachtanais na bhfoghlaimeoirí leochaileacha, na daoine is imeallaithe agus na daoine sin a bhfuil riachtanais speisialta agus bhreise acu, go háirithe iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, daltaí faoi mhíchumas agus daltaí ó Lucht Siúil na hÉireann.

Forbraíodh roinnt straitéisí agus tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm acu comhtháthú sóisialta a chur chun cinn. Áirítear leo seo soláthar tacaíochtaí teanga breise, cúntóirí riachtanas speisialta, cláir oideachais idirchultúrtha agus éagsúlachta, ónar eascair caidreamh dearfach den chuid is mó idir daltaí ó chúlraí agus féiniúlachtaí éagsúla i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna na hÉireann.

Ar aon dul leis seo, mar thoradh ar mhéadú na feasachta ar fhéiniúlachtaí LADTA+, tá tacaíocht do roinnt tionscnamh chun cuimsiú i scoileanna agus sochaithe a chur chun cinn lena n-áirítear an tSeachtain Feasachta SeasSuas agus an tionscadal ShoutOut.



## Teicneolaíocht agus Meáin Shóisialta

Tá méadú suntasach tagtha ar úsáid na teicneolaíochta agus na meán sóisialta i measc leanaí agus daoine óga agus a dteaghlaigh. I bhfad roimh thús na paindéime Covid-19, ba léir go raibh saol na leanaí agus na ndaoine óga agus a dteaghlach ar líne agus as líne ag éirí níos fite fuaite ina chéile, rud a chruthaigh dúshláin nua ar ghá aghaidh a thabhairt orthu.

Cé gur eispéireas dearfach a bhíonn ag tromlach na ndaoine óga a úsáideann teicneolaíocht agus meáin shóisialta do shiamsaíochta, do shóisialú agus don fhoghlaim, bhí mionlach suntasach de leanaí, daoine óga agus daoine fásta a raibh eispéiris dhiúltacha acu ar líne. Áirítear leis na heispéiris seo cibearbhulaíocht, ciníochas, gnéasachas, comhroinnt neamh-chomhthoiliúil íomhánna pearsanta agus, go hannamh, teagmháil neamhiarrtha ó strainséirí. Mar thoradh air seo thosaigh tuismitheoirí, oideachasóirí agus lucht déanta polasaí araon ag díriú níos mó airde ar bhulaíocht agus ar shaincheisteanna sábháilteachta ar líne eile. In ainneoin na n-iliomad éachtaí a d'eascair as Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013, is léir go bhfuil tuilleadh tacaíochta de dhíth ar scoileanna chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac, agus chun sábháilteacht ar líne a chur chun cinn i measc leanaí agus daoine óga.

Bíonn deis ag leanaí agus ag daoine óga teacht ar smaointe nua agus ar fhoinsí faisnéise éagsúla tríd an idirlíon a chuidíonn leo a bheith gafa le daoine eile agus meas breise a léiriú ar thuairimí, ar dhearcthaí agus ar chúlraí éagsúla. Cé go gcruthaíonn úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha go leor deiseanna do dhaoine óga, baineann rioscaí áirithe leis an idirlíon freisin. Fágann rannpháirtíocht sa timpeallacht ar líne ár leanaí agus ár ndaoine óga gan chosaint ó rioscaí ar líne amhail ábhar neamhoiriúnach, idirghníomhú dochrach le leanaí eile nó le daoine fásta agus neamhchosaint ón mbulaíocht ar líne. Anois, níos mó ná riamh, tá sé ríthábhachtach go mbeadh an-eolas ag ár ndaoine óga ar conas is féidir leo a bheith níos sábháilte ar líne. Tá gá le comhoibriú idir go leor páirtithe leasmhara lena n-áirítear an Rialtas, tuismitheoirí/caomhnóirí, oideachasóirí, lucht tionscail agus daoine aonair iad féin ionas gur féidir freagairt go héifeachtach do shábháilteacht ar líne.

Sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027 leagtar amach cur chuige polasaí na Roinne chun leanúint leis an dul chun cinn atá déanta i leabú na teicneolaíochta digití ar fud an churaclaim agus i ngach gné den teagasc, den fhoghlaim agus den mheasúnú. Tógann sé ar an méid a baineadh amach sa straitéis roimhe seo, an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020. Is í an fhís atá luaite sa Straitéis Dhigiteach ná "scoileanna a chumasú le húsáid a bhaint as deiseanna an athraithe digitigh chun inniúlacht dhigiteach a fhorbairt agus éiceachóras digiteach oideachais chun foghlaimeoirí cumasacha, rannpháirtíocha, gníomhacha a fhorbairt agus tacú leo barr a gcumas a bhaint amach agus páirt a ghlacadh go hiomlán mar shaoránaigh dhomhanda i ndomhan digiteach". Cuid lárnach den Straitéis Dhigiteach nua is ea sábháilteacht ar líne agus úsáid shábháilte eiticiúil na dteicneolaíochtaí digiteacha.




Tá deiseanna foghlama gairmiúla agus tacaíochtaí curaclaim fairsinge ar fáil do scoileanna chun cabhrú leo polasaithe agus cleachtais ar úsáid shábháilte an idirlín a fhorbairt lena n-áirítear an bhulaíocht, cibearbhulaíocht, agus ciapadh san áireamh, a chosc. Ina measc seo tá an curaclam Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus gearrchúrsa Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha na Sraithe Sóisearaí,  Oide agus Webwise.

Is é Webwise Ionad Feasachta um Idirlíon níos Sábháilte Éire, agus tá sé mar chuid den Oide , seirbhís tacaíochta atá maoinithe ag an Roinn Oideachais. Cuireann Webwise úsáid idirlín níos sábháilte agus níos fearr chun cinn trí thionscnaimh mhúscailte feasachta agus oideachais a dhíríonn ar mhúinteoirí, ar leanaí, ar dhaoine óga agus ar thuismitheoirí. Tá Webwise freagrach as acmhainní a fhorbairt agus a scaipeadh chuidíonn le múinteoirí saoránacht dhigiteach agus sábháilteacht ar líne a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim ina scoileanna. Cuireann Webwise eolas, comhairle agus uirlisí ar fáil freisin do thuismitheoirí chun tacú lena rannpháirtíocht i saol a leanaí ar líne. Le cabhair ó Phainéal Comhairleach Óige Webwise, forbraíonn Webwise acmhainní ardú feasachta atá dírithe ar an óige agus cláir oiliúna a chuireann saoránacht dhigiteach chun cinn agus a théann i ngleic le hábhair ar nós folláine ar líne, cibearbhulaíocht agus mórán eile. Ó mí Deireadh Fómhair 2023,   tá *Tionchar an Mheasa* ar fáil ag scoileanna, Aonad Foghlama nua don tSraith Shóisearach bunaithe ar nascadh agus cumarsáid ar líne. Féadfaidh oideachasóirí cúrsaí ar líne ar Chibearbhulaíocht a Thuiscint, a Chosc agus a Chomhrac a rochtain saor in aisce ó Webwise agus ón Oide  Teicneolaíocht san Oideachas




## Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC

In 2014 mhaoinigh an Roinn Oideachais Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC. In 2018 thacaigh an Roinn freisin le bunú chéad Chathaoirleach EOECNA ar Bhulaíocht agus Cibearbhulaíocht ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Stiúrann Cathaoirleach EOECNA clár taighde laistigh den Ionad, agus tacaithe ag an Ionad, ina bhfuil comhpháirtíochtaí domhanda a bhaineann le hollscoileanna, eagraíochtaí neamhrialtasacha, rialtais, scoileanna agus eagraíochtaí óige. Cuimsíonn an obair seo taighde agus oideachas ar an mbulaíocht agus, nuair a bhí Plean Gníomhaíochta 2013 á chur i bhfeidhm, chinntigh sé seo go raibh an Roinn Oideachais in ann brath ar thaighde cothrom le dáta agus ar léargais ar eispéiris leanaí, daoine óga, tuismitheoirí agus foirne scoile na hÉireann mar aon le léargais ó thaighde idirnáisiúnta.

In 2020 d'fhoilsigh EOECNA a *Cur Chuige Oideachais Uile chun Bulaíocht a Chosc agus a Chomhrac*. Cuireann an Cur Chuige Oideachais Uile creat comhtháite agus iomlánaíoch ar fáil chun treoir a thabhairt do lucht déanta polasaí maidir leis na príomhchodanna agus tréithe de chur chuige forleathan chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac. Is cur chuige iomlánaíoch é an Cur Chuige Oideachais Uile chun bulaíocht a chosc i scoileanna a chuimsíonn an chibearbhulaíocht toisc go soláthraíonn sé creat cuimsitheach agus córasach lena n-áirítear gnéithe den dlí agus de pholasaí atá lasmuigh de chur chuige scoile uile.

Mar fhreagairt ar thorthaí taighde *ar na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a rinne Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC i measc Príomhoidí Scoile bunaíodh an tIonad FUSE, clár frithbhulaíochta agus sábháilteachta ar líne atá ar fáil do gach scoil in Éirinn. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo, atá dalta-threoraithe agus bunaithe ar fhianaise, iarrachtaí na dtuismitheoirí, na ndaltaí agus na foirne scoile a chomhtháthú ionas gur féidir leo a n-iarrachtaí a chur le chéile chun bulaíocht agus dochar ar líne a aithint, a fhreagairt agus a thuairisciú.

Cuidíonn an cur chuige seo chun aghaidh a thabhairt ar an mbulaíocht le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) na Náisiún Aontaithe (NA) a bhaint amach, go háirithe SFI4, a bhfuil sé mar aidhm aige oideachas cuimsitheach agus cothrom ar ardchaighdeán a chinntiú, agus SFI16, a bhfuil sé mar aidhm aige sochaithe síochánta agus cuimsitheacha a chothú. Tá sé beartaithe, agus tógáil ar Phlean Gníomhaíochta 2013, go mbeidh an córas oideachais in Éirinn níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe don todhchaí trí chur chuige níos leithne a ghlacadh i leith na bulaíochta scoile mar atá in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*.

Le déanaí, mar thoradh ar chomhpháirtíocht idir an Roinn Oideachais agus an Roinn Dlí agus Cirt, bunaíodh Faireachlann na hÉireann ar Chibearbhulaíocht, Cibearfhuath agus Ciapadh Ar Líne. Cruthaíodh an Fhaireachlann de bharr an Achta um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020 (Dlí Coco). Cuireann an Fhaireachlann, atá lonnaithe in Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC, taighde cothrom le dáta ar fáil ar chreat, ar fheidhmeanna agus ar thionchair na cibearbhulaíochta, an chibearfhuatha agus an chiapadh ar líne i measc leanaí, daoine óga agus daoine fásta in Éirinn

Is fiú aird ar leith a thabhairt ar phríomhfhorbairtí polasaí, ar thuarascálacha agus ar nósanna imeachta áirithe a tharla ó foilsíodh an plean gníomhaíochta deiridh in 2013. Rinne an Coiste Stiúrtha mionbhreithniú ar ghnóthaí na dtopaicí seo agus ba iad a mhúnlaigh a bplé agus a dtreoir. Áirítear i measc na bpríomhfhorbairtí:

> Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019
> Féinmheastóireacht Scoile
> Cosaint agus Cumhdach Leanaí
> An tAcht um Thús Áite do Leanaí agus an Treoir
> An Straitéis LADT
> An Straitéis um Imeascadh Imirceach
> An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017-2021
> An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2022
> Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais
> Gnéaschiapadh
> Tuarascáil Chomhchoiste an Oireachtais ar Bhulaíocht ar Scoil agus an Tionchar atá aici ar Mheabhairshláinte
> An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020
> An tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán



## Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019

Is mar seo a shainmhínítear folláine i *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019*:

> *is ann d'fholláine an duine nuair a éiríonn leis/léi lán-acmhainn a bhaint amach, nuair a léiríonn sé/sí teacht aniar agus é/í ag déileáil le gnáthstruis an tsaoil, nuair a thugann sé/sí aire dá fholláine choirp, agus má mhothaíonn sé/sí go bhfuil cuspóir, ceangal agus mothú chomhuintearais aige/aici le pobal níos leithne. Staid iomlaoideach í seo ar gá í a chothú le linn saol an duine.*


Tuigeann an Roinn go mbíonn tionchar suntasach ag bulaíocht ar fholláine leanaí agus daoine óga, agus go bhfuil ról ríthábhachtach ag scoileanna i gcur chun cinn a bhforbairt acadúil, fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach, shóisialta agus spioradálta. Tá ár gcóras oideachais ríthábhachtach chun an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga chun déileáil le dúshláin a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a bhfolláine. Tá uaillmhian agus fís na Roinne maidir le cur chun cinn na folláine leagtha amach sa *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019*, ina dtógtar ar an iliomad treoirlínte agus creataí atá ar fáil cheana féin chun folláine leanaí agus daoine óga a thacú agus a chothú, agus ina láraítear cur chun cinn na folláine in éiteas gach scoile agus ionad oideachais in Éirinn.

Cuireann an *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* creat uileghabhálach ar fáil do scoileanna chun tacú le cur chuige cuimsitheach, il-chomhpháirteach scoile uile i leith na folláine ar féidir leis tacú le scoileanna bulaíocht a chosc agus a chomhrac trí chur chuige fianaise-bhunaithe. Aithníonn an Roinn go bhfeidhmíonn scoileanna laistigh de chóras níos leithne agus leagann sí béim ar an tábhacht a bhaineann le hidirnascadh na scoile leis an bpobal i gcoitinne ina cur chuige i leith na folláine agus go háirithe agus í ag freagairt don bhulaíocht agus do chosc na bulaíochta.

Tá an cur chuige atá leagtha amach sa ráiteas polasaí ag teacht le taighde agus le dea-chleachtas idirnáisiúnta agus ag teacht le Cur Chuige Oideachais Uile EOECNA chun an bhulaíocht agus an chibearbhulaíocht a chosc agus a chomhrac.

Aithnítear sa Pholasaí ceithre phríomhréimse do chur chun cinn na folláine.






**Cultúr agus Timpeallacht** - Deiseanna a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga a bheith mar chuid de thimpeallacht scoile agus de chultúr ina mothaítear sábháilte go fisiceach agus go síceolaíoch

**Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)** - Díriú ar dheiseanna a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga taithí a fháil ar rathúlacht agus ar mhothú gnóthachtála ina gcuid foghlama agus croí-scileanna agus croí-inniúlachtaí fisiceacha, sóisialta agus mothúchánacha a fhorbairt agus a chothú


**Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí** - Deiseanna a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga taithí a fháil ar chaidrimh tacúla laistigh de phobal na scoile

**Polasaí agus Pleanáil** - A chinntiú go bhfuil cuir chuige chun tacú le folláine agus le teacht aniar leabaithe i ngach ceann de pholasaithe na scoile (mar shampla polasaí Frithbhulaíochta; Cód Iompair; Polasaí Teagmhais Chriticiúil) agus go gcuirtear na polasaithe sin ar fáil don fhoireann, do leanaí agus do dhaoine óga, do thuismitheoirí agus do chomhpháirtithe ábhartha i bpobal na scoile

Chun an polasaí seo a chur i bhfeidhm ceanglaítear ar gach scoil, faoi 2025, an próiseas Féinmheastóireachta Scoile sé chéim a úsáid in éineacht leis an gCreat Cleachtais um Fholláine san Oideachas, chun breithniú a dhéanamh ar a soláthar reatha don fholláine faoi gach ceann de na ceithre phríomhréimse (cultúr agus timpeallacht, curaclam, polasaí agus pleanáil, agus caidrimh agus comhpháirtíochtaí), agus chun tús a chur le timthriall athbhreithnithe agus forbartha um chothú na folláine.



## Féinmheastóireacht scoile




Is próiseas comhoibritheach, cuimsitheach agus machnamhach é féinmheastóireacht scoile (FMS). Ó tugadh é isteach go foirmiúil i gcóras scolaíochta na hÉireann in 2012, tá scoileanna gafa leis an bpróiseas ar bhealaí éagsúla chun gnéithe den teagasc, den fhoghlaim agus den fholláine a chur chun cinn.

Is éard atá i gceist le FMS ná faisnéis a bhailiú ó raon foinsí, agus ansin breithiúnais a dhéanamh faoi chleachtas agus faoi cé chomh maith agus atá ag éirí le daltaí agus scoláirí. Is é an príomhfhócas atá ag féinmheastóireacht scoile ná feabhsuithe a chur ar fhoghlaim daltaí agus scoláirí (An Roinn Oideachais 2022).

Samhlaítear an FMS mar phróiseas atá bunaithe ar fhaisnéis fhónta, iontaofa ó réimse foinsí agus dearcthaí - lena n-áirítear faisnéis faoi eispéiris foghlama leanaí agus daoine óga agus conas atá ag éirí leo ina gcuid foghlama. Tá sé i gceist freisin gur próiseas ionchuimsitheach, rannpháirteach a bheadh ann ina mbeadh bainistíocht scoile, gach ball foirne, daltaí/scoláirí agus a dtuismitheoirí páirteach. Dá réir sin, is próiseas é a urramaíonn cearta - ag aithint ról na bpáirtithe leasmhara agus ag éascú a rannpháirtíocht ghníomhach sa phróiseas.

Tá ról ag Cigireacht na Roinne Oideachais maidir le tacú leis an bpróiseas FMS trí chuairteanna comhairleacha a thabhairt ar scoileanna. Tá acmhainní cigireachta agus ábhair chun tacú le FMS ar fáil freisin trí láithreán gréasáin tiomnaithe na féinmheastóireachta scoile.

Tacaíonn creat cáilíochta, Ag Breathnú ar an Scoil Againne (ABSA) 2022, le FMS, ina soláthraítear sraith critéar nó tuairisceoirí cáilíochta i scoileanna. Go bunúsach, is sraith caighdeán é ABSA ar féidir le scoileanna machnamh a dhéanamh ina choinne ar cé chomh maith agus atá siad ag feidhmiú maidir le gnéithe den teagasc agus den fhoghlaim agus den cheannaireacht agus den bhainistíocht. Cuideoidh na diminsin agus na caighdeáin in Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022 le bonn eolais a chur faoi bhreithiúnais cheannairí scoile agus múinteoirí maidir le cibé an bhfuil soláthar agus cleachtas atá ann cheana éifeachtach. Is iad na ráitis chleachtais an eochair chun breithiúnais a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach agus atá gnéithe den tsoláthar agus chun tacú le scoil cinneadh a dhéanamh faoi cad is gá a dhéanamh d'fhonn feabhas a chur orthu.

Tógann LAOS 2022 ar an gcreat roimhe seo, i.e. LAOS 2016. Rinneadh an creat a nuashonrú chun athchóiriú oideachais, smaointeoireacht agus forbairtí le déanaí a léiriú i réimsí mar chosaint leanaí, frithbhulaíocht, cuimsiú, rannpháirtíocht daltaí, rannpháirtíocht tuismitheoirí, cruthaitheacht, oideachas don fhorbairt inbhuanaithe, tacaíocht d'aistrithe daltaí agus Cosán, an creat náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí.

Cuireann an Chigireacht nuashonruithe ar fáil go rialta do scoileanna ar na riachtanais don FMS. Foilsíodh *Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile: Meán Fómhair 2022 – Meitheamh 2026* i mí Lúnasa 2022 chun cabhrú le gach scoil aghaidh a thabhairt ar an FMS tar éis na paindéime Covid-19. Tuigeann an Chigireacht an tábhacht a bhaineann le próisis éifeachtacha FMS a bheith i bhfeidhm chun é seo a bhaint amach. I gCiorcláin 0032/2021 agus 0033/2021 leagtar amach na riachtanais do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoile an próiseas FMS a úsáid chun tús a chur le timthriall athbhreithnithe agus forbartha um chothú na folláine faoin mbliain 2025.



## Cosaint agus Cumhdach Leanaí

Déileáiltear le haon ábhair imní faoi nádúr cosanta leanaí a bhíonn faighte ag foireann na Roinne de réir *Nósanna Imeachta na Roinne chun Freagairt d'Ábhair Imní faoi Chosaint Leanaí a thagann chun suntais d'fhoireann na Roinne Oideachais*.

Níl aon chumhacht ag an Roinn Oideachais ábhair imní faoi chosaint leanaí a iniúchadh, ach cinntíonn an Roinn go ndéantar sonraí aon imní a thuairiscítear don Roinn a tharchur láithreach le haghaidh measúnaithe chuig Tusla, an Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh.

Ní féidir leis an Roinn rúndacht maidir le gearánaithe a ráthú i gcúinsí ina gcaithfear an fhaisnéis a fhaightear a chur ar aghaidh chuig na húdaráis ábhartha le haghaidh imscrúdaithe lena n-áirítear sonraí faoin duine a thuairiscíonn an imní.

Rinneadh an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 a achtú an 19 Samhain 2015 agus tugadh tús feidhme go hiomlán dó an 11 Nollaig 2017. Cuireann an tAcht roinnt oibleagáidí reachtúla ar scoileanna agus ar eagraíochtaí eile chun a chinntiú go bhfuil próisis chuí i bhfeidhm. Seoladh *Leanaí ar dTús, Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* an 2 Deireadh Fómhair 2017.

Ceann de na príomhchuspóirí an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 ná a chinntiú go gcoinnítear leanaí agus daoine óga slán ó dhochar nuair a bhíonn leas á bhaint as seirbhísí eagraíochtaí ábhartha lena n-áirítear scoileanna.

Déanann an tAcht é seo trí na hoibleagáidí reachtúla sonracha a leanas a chur ar eagraíochtaí:

> Leanaí a choinneáil slán ó dhochar agus iad ag úsáid na seirbhíse
> Measúnú riosca a dhéanamh chun a fháil amach an bhféadfaí dochar a dhéanamh do leanbh nó do dhuine óg agus an tseirbhís á úsáid acu
> Ráiteas um Chumhdach Leanaí a fhorbairt ina leagtar amach na polasaithe agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun na rioscaí a aithníodh a bhainistiú
> Duine ábhartha a cheapadh le bheith mar chéad phointe teagmhála maidir le ráiteas cosanta leanaí na heagraíochta


Cuireann na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* (leasaithe 2023) na Roinne Oideachais (An Roinn Oideachais Leasaithe 2023) treoir ar fáil do scoileanna maidir lena bhfreagrachtaí faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus an Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017. Tá Boird Bhainistíochta freagrach as a chinntiú go gcuirtear na ceanglais maidir le *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (leasaithe 2023)* i bhfeidhm go hiomlán agus caithfear maoirseacht chuí a fheidhmiú ina leith seo.

Cuireann na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (leasaithe 2023)* treoir shonrach ar fáil do scoileanna faoi na nósanna imeachta tuairiscithe maidir le hábhar imní chomh maith leis na prótacail maidir le déileáil leis an bhfostaí má tá líomhain déanta i gcoinne ball d'fhoireann na scoile. I gcomhthéacs scoile, is é an rud is tábhachtaí atá le cur san áireamh ná cosaint leanaí, agus ní mór tosaíocht a bheith ag sábháilteacht agus folláine leanaí. Tá dualgas agus freagracht ar gach údarás scoile, mar fhostóir, i leith a fhostaithe.

I mí Eanáir 2019, foilsíodh *Iarthéacs le Leanaí ar dTús: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* mar fhorlíonadh ar *Leanaí ar dTús: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* [RLGÓ 2017] tar éis tiomantais i b*Plean Gníomhaíochta an Rialtais le haghaidh Sábháilteacht Ar Líne 2018 - 2019*. Leasaíonn an t-iarthéacs an chéad *Treoir um Thús Áite do Leanaí* chun tagairt shonrach a chur san áireamh don ghá atá le sábháilteacht ar líne a mheas i gcomhthéacs an ráitis um chosaint leanaí lena n-áirítear measúnú riosca. Cinntíonn an t-iarthéacs go gcuirtear sábháilteacht ar líne san áireamh go sonrach i ráitis um chosaint leanaí, mar a éilítear faoin Acht um Thús Áite do Leanaí.

Déanann Cigireacht na Roinne Oideachais monatóireacht ar chomhlíonadh na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* leasaithe 2023 le linn gach cigireachta scoile. Tá obair mhonatóireachta na Cigireachta ar cheann de raon dearbhuithe cáilíochta agus bearta maoirseachta chun a chinntiú go bhfuil scoileanna agus a bhfoirne ag feidhmiú i gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Cuimsíonn Monatóireacht ar Chosaint Leanaí ag an gcigireacht trí leibhéal seiceálacha comhlíonta. Mar chuid de bhearta maoirseachta na Roinne, seiceálann an Chigireacht ar chomhlíonadh na bpríomhghnéithe de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna* leasaithe 2023 le linn gach cigireacht scoile. Braitheann leibhéal na seiceálacha ar an gcigireacht atá á déanamh.



Is iad aidhmeanna na samhla cigireachta um chosaint agus chumhdach leanaí i scoileanna agus i saoráidí cónaithe (ar samhlacha cigireachta doimhne sonracha, neamhspleácha iad atá dírithe ar chosaint leanaí amháin) ná:

Monatóireacht a dhéanamh i sampla scoileanna gach bliain ar chur i bhfeidhm na Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna  leasaithe 2023 agus ar chur i bhfeidhm Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i Saoráidí Cónaithe a bhaineann le Scoileanna Aitheanta 2023.

Tuarascálacha scríofa a fhoilsiú ar fheidhmiú Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna  leasaithe2023 sa sampla scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu.

Tuairisc a thabhairt do Rannóg na Scoileanna agus don Ghrúpa Maoirseachta um Chosaint Leanaí sa Roinn Oideachais ar a mhéid a chuirtear Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna  leasaithe 2023 i bhfeidhm sa sampla scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu.

Faisnéis a bhailiú chun eolas a sholáthar d'fhorbairt riachtanas um chosaint agus chumhdach leanaí ag an Roinn Oideachais agus ag ranna agus gníomhaireachtaí eile rialtais a bhfuil baint acu le cosaint leanaí.

Tá faisnéis faoin gcaoi ina bhfuil nósanna imeachta  leasaithe 2023  á gcur i bhfeidhm i ngach tuairisc chigireachta scoile a foilsíodh ar láithreán gréasáin na Roinne.

Maidir le bulaíocht, ní mór líon na n-ábhar imní um chosaint leanaí a eascraíonn as iompar bulaíochta líomhnaithe a sholáthar i dtuairisc um mhaoirseacht cosanta leanaí an Phríomhoide ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta.



## Straitéis LADTAI+

Sa bhliain 2016 d'fhoilsigh Líonra Comhionannais Aerach agus Leispiach (GLEN), le tacaíocht ón Roinn Oideachais, an acmhainn 'Taithí Mhuintir LADT ar Scoil' d'Iar-bhunscoileanna chun bulaíocht homafóbach agus trasfóbach a chosc agus chun tacú le daltaí LADTAI+. Is éard atá sa doiciméad ná cnuasach nuashonraithe de shraith acmhainní chun cabhrú le scoileanna dul i ngleic le bulaíocht homafóbach agus tacú le daltaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscne. Tá treoir maidir le forbairt polasaí scoile cuimsitheach san fhoilseachán, lena n-áirítear polasaithe frithbhulaíochta, ina mbreithnítear dlí an chomhionannais agus cruthú atmaisféar agus cultúr dearfach scoile. Tá treoir freisin ar straitéisí oideachais agus coiscthe ar bhulaíocht homafóbach agus thrasfóbach, agus leagtar amach ról agus freagrachtaí an 'mhúinteora ábhartha' sa pholasaí frithbhulaíochta, lena n-áirítear straitéisí chun tuairisciú bulaíochta a spreagadh i measc scoláirí LADT.

In ainneoin na bhfeabhsuithe a rinneadh le déanaí ar thírdhreach LADTAI+ na hÉireann, d'aithin an Straitéis Náisiúnta Óige 2015-2020 daoine óga LADTAI+ mar ghrúpa ar leith le breithniú i gcomhthéacs an tsoláthair dhírithe do dhaoine óga imeallaithe. Is mar thoradh air seo a foilsíodh an Straitéis Óige LADTAI+ i mí an Mheithimh 2018. Bhí an Roinn Oideachais páirteach i bhforbairt Straitéis Óige LADTAI+, a chuimsigh na spriocanna seo a leanas:

1. timpeallacht shábháilte, thacúil agus chuimsitheach a chruthú do dhaoine óga LADTAI+
2. feabhas a chur ar shláinte fhisiciúil, mheabhrach agus ghnéasach dhaoine óga LADTAI+
3. an timpeallacht taighde agus sonraí a fhorbairt chun tuiscint níos fearr a fháil ar shaol daoine óga LADTAI+

Go dtí seo threoraigh an Roinn forfheidhmiú roinnt gníomhartha faoi spriocanna 1 agus 3 a raibh sé mar aidhm acu feasacht ar dhaoine óga LADTAI+ a ardú agus rannpháirtíocht iomlán scoláirí LADTAI+ san oideachas a chinntiú, saor ó éagothroime, bulaíocht nó eisiamh. Baineann na gníomhartha leis na nithe seo a leanas: saolta LADTAI+ a chuimsiú sa churaclam; forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí, do shíceolaithe agus do phobal na scoile i gcoitinne; ceanglas ar scoileanna polasaithe frithbhulaíochta a chur i bhfeidhm a chloíonn go hiomlán le riachtanais na nósanna imeachta frithbhulaíochta lena n-áirítear straitéisí oideachais agus coiscthe a dhéileálann go soiléir le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach; athbhreithniú ar an gcuraclam OSPS/OCG agus bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht a chosc; maoiniú bliantúil chun tacú leis an bhfeachtas feasachta Seas Suas.

Chuidigh cur i bhfeidhm Sprioc 1 freisin lena chinntiú go gcuirtear riachtanais dhaoine óga LADTAI+ san áireamh i bpolasaithe agus i nósanna imeachta atá á bhforbairt, lena n-áirítear polasaithe frithbhulaíochta i scoileanna.



## An Straitéis um Imeascadh Imirceach

Tá Éire éirithe níos éagsúlaí le fiche bliain anuas, agus an daonra imirceach féin an-ilchineálach ó thaobh náisiúntachta, eitneachas agus creideamh reiligiúnach, nó easpa dá leithéid.

Ó 2017 i leith, is í an Straitéis um Imeascadh Imirceach (Rialtas na hÉireann 2020) an creat lárnach polasaí a ghlac an Rialtas chun lánpháirtiú na n-imirceach go léir a bhfuil cónaí orthu go dleathach sa Stát a chur chun cinn. Samhlaítear cur chuige rialtais uile chun éagsúlacht, cuimsiú agus cothromas a fheabhsú d'imircigh ar fud gach gné de shochaí na hÉireann trí fhócas méadaithe ar bhearta um chuimsiú sóisialta, rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí poiblí agus gníomhaíocht spriocdhírithe chun dul i ngleic le ciníochas agus seineafóibe.

Tá ról lárnach ag an oideachas i gcur i bhfeidhm fís na straitéise um imeascadh imirceach, is é sin a chinntiú go n-éascaíonn an próiseas lánpháirtithe 'imircigh chun ról iomlán a bheith acu i sochaí na hÉireann, go bhfuil comhtháthú mar chroíphrionsabal de shaol na hÉireann agus go n-oibríonn sochaí agus institiúidí na hÉireann le chéile chun comhtháthú a chur chun cinn'.

Tá an t-oideachas liostaithe mar cholún faoin straitéis agus is fiú aird ar leith a thabhairt ar na gníomhartha seo a leanas maidir le bulaíocht a chosc agus a chomhrac i scoileanna trí éagsúlacht a chur chun cinn i ngairm na múinteoireachta, aghaidh a thabhairt ar chiníochas agus dearcthaí dearfacha i leith na héagsúlachta a chothú:

> Gníomh 27 - Déanfar iarrachtaí réamhghníomhacha chun imircigh a mhealladh isteach i bpoist mhúinteoireachta, lena n-áirítear feasacht a ardú ar thriail inniúlachta na Gaeilge agus an tréimhse oiriúnaithe don bhunmhúinteoireacht.

> Gníomh 31 - Déanfar athbhreithniú ar éifeachtacht na hoiliúna do mhúinteoirí ar bhainistiú na héagsúlachta agus ar dhul i ngleic le ciníochas.

> Gníomh 34 - Spreagfar scoileanna tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí imirceacha i saol scoile a leanaí.

> Gníomh 36 Leanfar le cothú agus forbairt dearcthaí dearfacha i leith na héagsúlachta agus ceiliúradh na héagsúlachta mar chuid de churaclam na scoile.

## An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017-2021

Is tionscnamh tras-rannach é an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach (An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais 2017) chun feabhas a chur ar shaol an Lucht Siúil agus na Romach in Éirinn. I measc gníomhaíochtaí eile liostaíodh trí ghníomh ar leith a bhain leis an Oideachas:

> Tá clár um Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus clár um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) bunaithe ar choincheap an oideachais chuimsithigh tugtha isteach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Cinnteoidh an Roinn Oideachais agus Scileanna go gcuirfidh cláir dá leithéid ar chumas múinteoirí déileáil le riachtanais teagaisc agus foghlama gach dalta ó gach cúlra cultúrtha agus cuirfidh siad tacaíocht ar fáil do chleachtais oideolaíocha a chothaíonn cuimsiú.

> Iarrfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an gComhairle Mhúinteoireachta iniúchadh a dhéanamh, le linn an athbhreithnithe ar na "Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Clár Oideachas Tosaigh Múinteoirí", ar an gcaoi a ndéileáiltear le hidirchultúrthacht, frithchiníochais agus éagsúlachta i gCláir Oideachais Tosaigh Múinteoirí.

> Leanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ag tabhairt aghaidh ar réimsí an fhrithchiníochais, na bulaíochta féiniúlacht-bhunaithe agus feasacht chultúrtha trí shraith tacaíochtaí lena n-áirítear an Clár Bí Sábháilte a athbhreithníodh le déanaí agus an Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a chuireann seirbhísí tacaíochta atá á maoiniú ag an Roinn ar fáil do mhúinteoirí ag leibhéil na Bunscoile agus na hIar-bhunscoile.

## An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2022

Seoladh an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais (An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais 2017), in 2017 agus bhí sé i gceist ar dtús go leanfadh sí ar feadh cúig bliana go dtí deireadh 2021. Leathnaíodh í go dtí 2022 ina dhiaidh sin.

Is cur chuige uile-rialtais í an Straitéis chun saol daoine faoi mhíchumas a fheabhsú. Cuireann sé creat suntasach ar fáil do gach gníomhaíocht ar fud ranna agus gníomhaireachtaí rialtais. Tacaíonn sé seo le dul chun cinn maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CNACDM) a daingníodh i mí an Mhárta 2018.

Tar éis athbhreithniú meántéarmach a dhéanamh ghlac an tAire Stáit le freagracht as Míchumas le leagan leasaithe den Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais i mí an Mhárta 2020. Sa leagan athbhreithnithe seo den straitéis bhí 20 gníomh nua, 35 gníomh mionathraithe agus naoi ngníomh a cuireadh i gcrích. Roimh an athbhreithniú meántéarmach, bhí 114 gníomh sa Straitéis. Idir na gníomhartha nua, gníomhartha mionathraithe agus gníomhartha a baineadh amach, tá 125 gníomh ann anois thar ocht dtéama, an t-oideachas ar cheann acu.

Áirítear na nithe seo a leanas sna gníomhartha:

> Tacú le scoileanna le cur i bhfeidhm *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019*

> *Doiciméid Treorach Teicniúla na Roinne maidir le Foirgnimh Scoile agus Oideachais* a leasú chun a chinntiú go ndéantar prionsabail agus treoirlínte dearaidh uilíoch a bhreithniú go hiomlán i ngach dearadh d'fhoirgnimh nua agus, nuair is féidir, in iarfheistiú foirgneamh atá ann cheana

A chinntiú go mbeidh tionchar ag forbairtí leanúnacha sa reachtaíocht (m.sh. An Chomhairle Mhúinteoireachta, Ligean Isteach i Scoileanna) agus go mbeidh tionchar agus go dtacóidh réimsí tosaíochta náisiúnta lena n-áirítear Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí, an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta, an Straitéis Dhigiteach agus comhairle pholasaithe na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta le foghlaim múinteoirí ar chuimsitheacht, idirdhealú, agus riachtanais speisialta oideachais ar fud an chontanaim oideachas múinteoirí.

## Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais

Tá sainordú ag an gCoiste Frithchiníochais, a bhunaigh an Rialtas in 2020, athbhreithniú a dhéanamh ar fhianaise agus ar chleachtas reatha agus moltaí a dhéanamh don Rialtas faoin gcaoi is fearr chun a chur chuige a threisiú maidir le ciníochas a chomhrac, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais a dhréachtú d'Éirinn (PGNCC).

Foilsíodh tuarascáil eatramhach mar chuid d'fhorbairt Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais (Rialtas na hÉireann) i mí Aibreáin 2021. Tá a treoirphrionsabail agus tuiscintí ar chiníochas inti, cuntas achomair ar an gcomhthéacs sochaíocha agus polasaí dá chuid oibre, agus aithnítear ann roinnt de na saincheisteanna tosaíochta is gá a bhreithniú agus PGNCC nua á fhorbairt d'Éirinn.

Rinne an Coiste trí mholadh le haghaidh gníomhaíochta láithreach:

> forchoimeádas na hÉireann le hAirteagal 4 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le hIdirdhealú Ciníoch a Dhíothú

> bearta a dhéanamh chun monatóireacht ar chomhionannas eitneach a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhísí poiblí go léir

> na baic go léir ar inrochtaineacht ar thacaíocht do mhná imirceacha atá ag fulaingt foréigin inscnebhunaithe a bhaint

Luann Plean Forfheidhmithe PGNCC an phríomhthábhacht a bhaineann le hoideachas agus oiliúint chun feasacht ar chiníochas a ardú ar fud na sochaí agus a chinntiú go bhfreagraítear go cuí don chiníochas. Ar an ábhar sin, áirítear i bplean forfheidhmithe bhliain a haon roinnt gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm acu cuimsiú agus frithchiníochas a neartú ag gach leibhéal den chóras oideachais, mar atá luaite i nGníomh Tosaíochta 2.5 de PGNCC.

Baineann na gníomhartha seo a leanas le Cineáltas:

> Déanfaidh an Roinn Oideachais forbairt na Straitéise Oideachais don Lucht Siúil a chur chun cinn. Áireofar sa straitéis seo gníomhartha chun torthaí a fheabhsú don Lucht Siúil sa chóras oideachais.

> Bunóidh an Roinn Oideachais grúpa feidhmithe chun maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*, a seoladh i mí na Nollag 2022. I measc bearta eile a bhaineann le frithchiníochas, tá foráil sa phlean seo do nuashonrú na nósanna imeachta frithbhulaíochta do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna chun bulaíocht chiníoch, bulaíocht féiniúlachta inscne, cibearbhulaíocht, bulaíocht ghnéasach, agus gnéaschiapadh a chur san áireamh.

> Cuirfidh an Roinn Oideachais tús le hobair ar chlár foghlama gairmiúlail d'fhoirne scoile a chothaíonn feasacht chultúrtha agus éagsúlachta agus cumas scoile chun foghlaimeoirí ó phobail imirceach, sa chóras cosanta idirnáisiúnta, mionlach eitneach agus Éireannacha nua a chuimsiú agus a bheith rannpháirteach go hiomlán.

> Cuirfidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a cuid oibre chun cinn i dtaca le teagasc agus foghlaim faoi Chultúr agus Stair an Lucht Siúil laistigh den churaclam.

> Déanfaidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta athbhreithniú agus uasdátú ar na Treoirlínte Idirchultúrtha do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna chun an t-oideachas idirchultúrtha a chomhtháthú tuilleadh sa churaclam .

> Forbróidh Institiúidí Ardoideachais pleananna gníomhaíochta institiúideacha chun tacú le héagsúlacht in earcú foirne agus mac léinn.

> Iarrfar ar Institiúidí Ardoideachais a n-ainmneacha a chur le Ráiteas um Chomhionannas Cine náisiúnta, a gcinnteoidh prionsabail an Ráitis sin go nglacfaidh ceannairí institiúidí freagracht, cuntasacht agus úinéireacht ar shaincheisteanna comhionannais cine ina n-institiúidí.

Mar chuid de PGNCC, ceapfaidh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige Rapóirtéir Speisialta neamhspleách ar Chomhionannas Ciníochais agus Ciníochais chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta. Déanfaidh an Rapóirtéir monatóireacht freisin ar dhul chun cinn i dtreo chuspóirí an phlean, lena n-áirítear trí thagairt a dhéanamh do na táscairí toraidh atá liostaithe thuas, agus cuirfidh sé tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a chuirfear ar fáil don Choiste Oideachais um Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige, a fhéadfaidh cuireadh a thabhairt don Rapóirtéir an Tuarascáil a phlé.

Tá sé beartaithe an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais a chur i bhfeidhm thar thréimhse cúig bliana, ó thús 2023 go deireadh 2027.

## Gnéaschiapadh

Déantar ghnéaschiapadh a bhreithniú sa tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (FBGIB). Tá sprioc fhoriomlán leagtha síos ann gan glacadh beag ná mór i sochaí na hÉireann le foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe.

Aithnítear sa Straitéis FBGIB go bhfuil gá le cur chuige Uile-Rialtais agus gur trí chur chuige comhtháite ar fud earnálacha uile na sochaí a thabharfar aghaidh ar an gceist seo. Tá struchtúr na Straitéise bunaithe thart ar cheithre cholún nó sprioc Choinbhinsiún Iostanbúl - Cosc, Cosaint, Ionchúiseamh agus Beartais Chomhordaithe.

Mar chuid den phlean forfheidhmithe dírítear aird sa Straitéis FBGIB ar an ngá atá le forbairt agus nuashonrú sonraíochtaí curaclaim Oideachas Sóisialta Sláinte Pearsanta (OSPS)/ Oideachas Caidrimh Gnéasachta (OCG) na bunscoile agus na sraithe sóisearaí agus sinsearaí a acmhainniú, a thacú agus a chur i bhfeidhm. D'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) dréacht-sonraíocht athbhreithnithe do OSPS na Sraithe Sóisearaí do chomhairliúchán poiblí a lean ó mhí Iúil go mí Dheireadh Fómhair 2022.  Tá cúrsa nuashonraithe OSPS na Sraithe Sóisearaí ar fáil do scoláirí na chéad bhliana  a thosaigh san iar-bhunscoil i mí Mheán Fómhair 2023. Dírítear go láidir sa tsonraíocht nuashonraithe ar fhorbairt scileanna saoil tábhachtacha a bhíonn de dhíth ar dhaoine óga agus iad ag fás aníos i ndomhan casta atá ag athrú go tapa. Tá sé fréamhaithe i gcur chuige atá dearfach, iomlánaíoch, daltalárnach, cuimsitheach agus oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha. Tá roinnt torthaí foghlama sa dréacht sonraíocht a bhaineann le bulaíocht a chosc agus a chomhrac, go pearsanta agus ar líne mar aon le caidrimh shláintiúla, mheasúla a chothú.

Cuireadh tús le hobair ar OSPS na Bunscoile agus na Sraithe Sinsearaí ag deireadh na bliana 2022. Tá páipéar cúlra agus treoir ullmhaithe do shonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí a threoróidh obair ghrúpa forbartha OSPS/OCG na Sraithe Sinsearaí an CNCM, Tá an dréachtcháipéis churaclam na sraithe sinsearaí ar fáil le haghaidh comhairliúcháin phoiblí ag deireadh na bliana 2023, agus tabharfar an obair chun críche go luath in 2024 agus é beartaithe é chur i bhfeidhm i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2024.



## Tuarascáil Chomhchoiste an Oireachtais ar Bhulaíocht Scoile agus an Tionchar ar Mheabhairshláinte

I mí Lúnasa 2021, d'fhoilsigh an Comhchoiste um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht a thuarascáil ar Bhulaíocht Scoile agus ar an Tionchar ar Mheabhairshláinte (Tithe an Oireachtais 2021).

Foilsíodh é tar éis próiseas naoi mí ina ndearna an Coiste ceist na bulaíochta scoile agus a tionchar ar mheabhairshláinte a athbhreithniú. Cuireadh tús leis an bpróiseas seo ar an 5 Samhain 2020 (an chéad Lá Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe i gcoinne Foréigean agus Bulaíocht ar Scoil, Cibearbhulaíocht san áireamh) nuair a bhuail an coiste le hacadóirí sinsearacha ó Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC chun tionchar na bulaíochta scoile, lena n-áirítear an chibearbhulaíocht a phlé, le linn na Paindéime Covid-19.

Bhuail an Coiste le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear síceolaithe cliniciúla agus saineolaithe meabhairshláinte leanaí agus ógánaigh, pátrúin scoile, ceardchumainn, comhlachtaí bainistíochta, an tOmbudsman do Leanaí, eagraíochtaí a dhéileálann le cibearshlándáil do leanaí agus do dhaoine óga, ionadaithe ón Roinn Oideachais, tuismitheoirí agus daoine óga. Fuair an Coiste 39 aighneacht scríofa freisin ó raon leathan páirtithe leasmhara.

Ba í conclúid an Choiste gur léirigh an fhianaise béil an-láidir agus an t-ábhar taighde cúlra a cuireadh ar fáil don Choiste go soiléir gur ábhar imní náisiúnta í an bhulaíocht scoile agus an tionchar a bhíonn aici ar mheabhairshláinte agus nach mór iniúchadh a dhéanamh air seo go tomhaiste agus go híogair.

Tá 28 moladh i dtuarascáil an Choiste agus tá 10 bpríomh-mholadh liostaithe. Díríonn na 10 bpríomh-mholadh ar:

- Iniúchadh ar an b*Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* agus ar na *Gnásanna Frithbhulaíochta do Scoileanna 2013*
- Comhthiomsú sonraí ar eachtraí bulaíochta scoile
- Ról monatóireachta na Cigireachta ar thionscnaimh fhrithbhulaíochta agus folláine na scoileanna
- Comhairleoireacht mhothúchánach agus tacaíochtaí teiripeacha scoilbhunaithe a sholáthar
- Bunú Oifig an Choimisinéara Sábháilteachta Ar Líne
- Oiliúint éigeantach ar líne ar an gcibearbhulaíocht don fhoireann teagaisc uile
- Modúil éigeantacha ar bhulaíocht agus ciníochas a chosc agus a chomhrac, agus cuimsiú agus éagsúlacht a chur chun cinn i gcúrsaí OTM agus i gcláir FGL
- Poist mheánbhainistíochta a athbhunú
- Feidhmiú céimneach an chláir FUSE, arna fhorbairt ag an Ionad Frithbhulaíochta, chuig gach bunscoil agus iar-bhunscoil
- Na cláir Grúpa Cairdis Barnardos agus Roots of Empathy a phíolótú i mbunscoileanna

Rinne an Coiste Stiúrtha obair Chomhchoiste an Oireachtais a mhionbhreithniú agus ba mhór an tairbhe í d'obair an Choiste Stiúrtha agus é i mbun athbhreithnithe *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* agus i mbun forbartha *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*.

## An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020

Forálann 'Dlí Coco', ar a dtugtar an tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020, do dhá chion nua a dhéanann comhroinnt neamh-chomhthoiliúil íomhánna pearsanta a choiriú, beag beann ar spreagadh duine a leithéid a dhéanamh. Áirítear leis seo nuair a mhaítear gur duine eile atá sa dlúth íomhá a roinntear, fiú murar íomhá den duine sin atá ann i ndáiríre.

Is í an chéad choir ná áit a bhfuil sé ar intinn dochar a dhéanamh don íospartach agus tá uasphionós de fhíneáil neamhtheoranta agus/nó 7 mbliana príosúnachta ag gabháil leis. Baineann an dara coir le cásanna nach raibh sé ar intinn dochar a dhéanamh don íospartach agus tá uasphionós de €5,000 agus/nó 12 mhí príosúnachta ag gabháil leis.

Tá na pionóis ard chun tromchúis na gcoireanna agus an dochar agus an gortú a dhéanann siad d'íospartaigh a léiriú. Léiríonn cruthú coire ar leith maidir le comhroinnt íomhánna pearsanta gan toiliú, fiú nuair nach raibh sé ar intinn dochar a dhéanamh, gurb í an easpa toilithe atá mar fhócas beag beann ar an spreagadh na híomhánna a roinnt. Tá sé soiléir sa reachtaíocht freisin gur cuma toiliú ó dhuine íomhá a ghlacadh má fhoilsítear nó má scaiptear ina dhiaidh sin é gan toiliú.

Cé go raibh ciapadh ina choir cheana féin in Éirinn faoin Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, thug dlí Coco an tAcht seo cothrom le dáta trí raon feidhme an chiaptha a leathnú. Clúdaíonn coir an chiaptha gach cineál cumarsáide leanúnaí faoi dhuine, ní hamháin chuig duine, agus méadaíodh an pionós atá ar fáil ó sheacht mbliana go deich mbliana chun an dochar a d'fhéadfadh tarlú de bharr na gcineálacha ciapadh is tromchúisí a léiriú.

Forálann Dlí Coco freisin do choir nua maidir le teachtaireacht bhagrach nó fíormhaslach go deo a sheoladh, a dháileadh nó a fhoilsiú trí mhodh cumarsáide ar bith agus é ar intinn aige dochar a dhéanamh don íospartach. Clúdaíonn an coir seo cumarsáid dhochrach aonuaire, seachas ciapadh ina mbíonn cumarsáid leanúnach, agus tá uasphionós de fhíneáil neamhtheoranta agus/nó 2 bhliain príosúnachta ag gabháil leis.

I mí Mheán Fómhair 2021, sheol an Roinn Dlí agus Cirt feachtas chun feasacht a ardú ar Dlí Cócó. Tá an feachtas dírithe ar:

- oideachas a chur ar mhórshochaí na hÉireann go bhfuil sé do-ghlactha go sóisialta íomhánna pearsanta a roinnt gan toiliú, go bhfuil iarmhairtí dochracha ag baint leis seo agus go bhfuil reachtaíocht le smachtbhannaí tromchúiseacha i bhfeidhm anois má chiontaítear duine as a leithéid a dhéanamh, beag beann ar spreagadh, agus
- a chur in iúl d'íospartaigh, má tharlaíonn a leithéid sin dóibh, gur cheart dóibh dul i dteagmháil le Hotline.ie ónar féidir cabhair a fháil chun an íomhá a bhaint anuas agus an scéal a thuairisciú don Gharda Síochána más é sin a theastaíonn ón íospartach

Agus tús feidhme tugtha do "Dlí Coco", d'fhógair an tAire Dlí agus Cirt, Helen McEntee, go raibh comhaontú bainte amach idir an Roinn Dlí agus Cirt, an tIonad Frithbhulaíochta in OCBÁC agus an Roinn Oideachais chun 'Faireachlann Taighde ar Chibearbhulaíocht, a bhunú a bheidh dírithe ar thaighde, comhairle agus acmhainní cothrom le dáta a sholáthar a bhaineann le cibearbhulaíocht, cibearfhuath, agus ciapadh ar líne, agus le cur i bhfeidhm Dlí Coco.

Chuir an Roinn Dlí agus Cirt maoiniú ar fáil freisin do Webwise chun an clár móréilimh 'Lockers', acmhainn thábhachtach don tSraith Shóisearach, a nuashonrú ina mbeidh faisnéis faoi Dhlí Coco agus faoi chomhroinnt íomhánna dlúthphearsanta gan toiliú.

Tá ceacht nua ar fáil d'iar-bhunscoileanna ar an Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020 a Thuiscint agus na hiarmhairtí dlíthiúla a bhaineann leis do dhaoine óga. Tá an ceacht Webwise *Cad é Dlí Coco?* dírithe ar scoláirí ón 3ú go dtí an 5ú bliain.

## An tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022

I mí na Nollag 2022 síníodh ina dhlí an tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 a bhunaíonn creat rialála don sábháilteacht ar líne arna mhaoirsiú ag Coimisiún na Meán nua. Soláthraíonn an tAcht cumhachtaí don choimisinéir sábháilteachta ar líne, a ceapadh i mí Eanáir 2023, chun seirbhísí ar líne a dhéanamh cuntasach as an gcaoi a dtéann siad i ngleic le hábhar dochrach a bhíonn ar fáil ar líne.

Le cruthú agus forghníomhú na gcód sábháilteachta ar líne a bhaineann le seirbhísí ar líne, lena n-áirítear seirbhísí meán sóisialta agus seirbhísí teachtaireachtaí príobháideacha, díreofar ar infhaighteacht chatagóirí d'ábhar dochrach ar líne a íoslaghdú trí mhaoirseacht a dhéanamh ar na córais a úsáideann seirbhísí ar líne chun ábhar a sheachadadh agus a mhodhnú. Féadfaidh na cóid sin foráil a dhéanamh freisin do chaighdeáin maidir leis na próisis láimhseála gearán a fheidhmíonn na seirbhísí sin.

Baineann na catagóirí d'ábhar dochrach ar líne le hábhar coir-sonrach atá bainteach leis na 42 coir choiriúil, ábhar cibearbhulaíocht thromchúiseach, ábhar a chothaíonn neamhoird itheacháin, féindochar nó féinmharú, agus ábhar a chuireann eolas ar fáil faoi mhodhanna féinmharaithe.

Tar éis imscrúdaithe, agus faoi réir maoirseachta cuí Cúirte, féadfaidh an Coimisiún seirbhísí neamh-chomhlíontacha ar líne a fhaomhadh, lena n-áirítear smachtbhannaí airgeadais suas le €20m nó 10% den láimhdeachas.

Tá bunús dlí sa Bhille freisin le go mbunódh Coimisiún na Meán meicníocht gearán aonair. Is é cuspóir na meicníochta gearáin a cheadú faoi mhíreanna aonair ábhar ar líne a líomhnaítear a bheith dochrach, a chur faoi bhráid Choimisiún na Meán go díreach. Tá sé seo ag teacht le 'Tuarascáil an tSainghrúpa ar Mheicníocht Gearán Aonair', a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2022, inar iarradh go gcuirfí meicníocht gearán aonair i bhfeidhm de réir a chéile, ag tabhairt tosaíochta ar dtús do na gearáin sin faoi ábhar ar líne a bhaineann le leanaí.

Mar aon le maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmeanna rialaithe córasacha áirithe, beidh ról ag an gCoimisinéir Sábháilteachta Ar Líne maidir le tionscnaimh oideachais a chur i gcrích, amhail feachtais faisnéise poiblí. Sa chomhthéacs seo, oibreoidh an Coimisinéir freisin le comhlachtaí oideachais atá ann ar nós an Roinn Oideachais, Webwise.ie agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Beidh an Coimisinéir in ann faomhadh a thabhairt freisin do sholáthraithe tríú páirtí ábhar oideachais um shábháilteacht ar líne a chabhróidh le scoileanna teacht ar ábhair sábháilteachta ar líne atá cuí agus téagar. Foráiltear sa Bhille freisin do bhunú Coiste Comhairleach Óige.

# 4 | Obair an Choiste Stiúrtha

## Caibidil 4: Obair an Choiste Stiúrtha

D'iarr an tAire Foley ar an gCoiste Stiúrtha an *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* a athbhreithniú agus Plean Gníomhaíochta nua a fhorbairt bunaithe ar thaighde cothrom le dáta agus atá ina fhreagairt oideachais náisiúnta cuimsitheach agus iomlánaíoch ar an mbulaíocht.

Iarradh ar an gCoiste Stiúrtha na forbairtí suntasacha agus an taighde ábhartha ó 2013 i leith a mheas, ach go háirithe maidir le réimsí na (cibear)bulaíochta ar líne, bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht agus gnéaschiapadh, i measc réimsí eile. Iarradh ar an gCoiste Stiúrtha a chinntiú go gcuimsítear sa phlean gníomhaíochta nua na tionscnaimh ghaolmhara go léir a forbraíodh lasmuigh de ghníomhartha bunaidh *Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* 2013, agus na gníomhartha breise ba ghá a bhreithniú freisin.

Mhionbhreithnigh an Coiste Stiúrtha na moltaí atá i dTuarascáil Chomhchoiste an Oireachtais um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht ar *Bulaíocht Scoile agus an Tionchar ar Mheabhairshláinte* a foilsíodh i mí Lúnasa 2021.

Thug an Coiste Stiúrtha faoi phróiseas leathan comhairliúcháin chun bonn eolais a chur faoina chuid oibre. Áiríodh leis seo cuireadh a thabhairt do bhreis is caoga duine ó eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta éagsúla nó a raibh taithí ábhartha acu cur i láthair a dhéanamh don Choiste Stiúrtha. Thug an Roinn cuireadh do láithreoirí faisnéis a sholáthar ar an gcaoi a raibh baint ag a n-eagraíocht nó a dtaithí leis an topaic agus chun aird a dhíriú ar dhea-chleachtas sna réimsí lena raibh baint acu féin. Iarradh ar láithreoirí freisin a dtuairimí a bhreithniú agus a chur i láthair ar na gníomhartha atá sa phlean gníomhaíochta reatha ar an mBulaíocht, áiteanna ina raibh bearnaí dar leo, áiteanna inar léir dóibh go raibh deiseanna agus na rudaí dar leo a bhí fós ábhartha i gcóras oideachais an lae inniu. Cuireadh cóip de *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* agus de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile 2013* (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2013) ar fáil do gach láithreoir mar phointe tagartha roimh an gcruinniú.

Tá fáil thíos ar chróineolaíocht na gcur i láthair a tugadh agus na príomhphointí a pléadh ag cruinnithe an Choiste Stiúrtha. Tá miontuairiscí ó gach cruinniú den Choiste Stiúrtha ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais ag https://www.gov.ie/en/organisation-information/53ee6-steering-committee-to-review-the-action-plan-on-bullying



## Cruinnithe an Choiste Stiúrtha

***Tábla 4. Liosta de chruinnithe an Choiste Stiúrtha***

| Uimh. | Dátaí | Ionad |
|---|---|---|
| 1 | 16 Feabhra 2022 | Túr an Chloig, An Roinn Oideachais, Sráid Mhaoilbhríde |
| 2 | 22 Márta 2022 | Go cianda via WebEx |
| 3 | 06 Aibreán 2022 | Go cianda via WebEx |
| 4 | 26 Aibreán 2022 | Go cianda via WebEx |
| 5 | 10 Bealtaine 2022 | Go cianda via WebEx |
| 6 | 24 Bealtaine 2022 | Túr an Chloig, An Roinn Oideachais, Sráid Mhaoilbhríde |
| 7 | 14 Meitheamh 2022 | Go cianda via WebEx |
| 8 | 29 Meitheamh 2022 | G13/14 An Roinn Oideachais, Sráid Mhaoilbhríde |
| 9 | 08 Meán Fómhair 2022 | G13/14 An Roinn Oideachais, Sráid Mhaoilbhríde |
| 10 | 29 Meán Fómhair 2022 | RIU Plaza Óstán an Gresham Baile Átha Cliath |
| 11 | 27 Deireadh Fómhair 2022 | G13/14 An Roinn Oideachais, Sráid Mhaoilbhríde |

### Cruinniú 1: 16 Feabhra 2022

Ag an gcéad chruinniú den Choiste Stiúrtha tugadh deis do chomhaltaí éisteacht leis an bhfís don athbhreithniú ar *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* mar atá leagtha amach ag an Aire Oideachais, Norma Foley TD. Labhair an tAire Foley faoina tiomantas agus tiomantas a Roinne an *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* a thabhairt cothrom le dáta.

Thug an tAire Foley le fios gur cheart don Choiste Stiúrtha Cur Chuige Oideachais Uile atá cuimsitheach agus iomlánaíoch a ghlacadh agus an t-athbhreithniú á dhéanamh aige agus díriú ar an gcibearbhulaíocht ar líne, ar bhulaíocht ar fhéiniúlacht inscne agus ar ghnéaschiapadh i measc réimsí eile. Leag an tAire Foley béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht bhríoch leanaí agus daoine óga san athbhreithniú agus léirigh sí tiomantas na Roinne a bheith gafa le leanaí agus daoine óga chun a chinntiú go n-éistear lena nguth agus go bhfeictear é sa phlean gníomhaíochta nua.

Rinne triúr cainteoirí eile cuir i láthair mar eolas don choiste ar a gcuid oibre. Chuir an Dochtúir Noel Purdy é féin in aithne mar chathaoirleach ar an gCoiste Stiúrtha agus leag sé síos na téarmaí tagartha don obair. Thug an tOllamh James O'Higgins Norman cúlra don Chur Chuige Uile-Oideachais maidir le bulaíocht agus cibearbhulaíocht a chosc agus a chomhrac agus thug Sharon Eustace, Stiúrthóir Réigiúnach SNSO, cur síos ar straitéis na

Roinne maidir le cur chun cinn Folláine. Áiríodh leis seo cur i láthair mionsonraithe ar Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019 na Roinne.

Tugadh cur i láthair don Choiste Stiúrtha freisin ar chúlra agus ar stair *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* lena n-áirítear na 12 phríomhghníomh atá sa phlean gníomhaíochta, ag cur síos go hachomair ar a ndul chun cinn, tionscnaimh ghaolmhara eile atá curtha chun cinn ag an am céanna agus ról na Cigireachta maidir le maoirseacht.

Ag eascairt uaidh seo cruthaíodh sceideal cruinnithe leis an Roinn inar glacadh cur chuige measctha de chruinnithe ar líne agus ar láthair chun inrochtaineacht agus rannpháirtíocht na gcomhaltaí a uasmhéadú.

## Cuir i láthair ó Chomhaltaí an Choiste Stiúrtha

### Cruinniú 2: 22 Márta 2022 agus Cruinniú 3: 6 Aibreán2022

Tharla an dara cruinniú go cianda agus thug sé seo deis don Roinn faisnéis níos doimhne a sholáthar maidir le stádas na ngníomhartha atá sa phlean gníomhaíochta reatha agus cuntas a thabhairt ar an obair agus ar na moltaí atá i dtuarascáil an Chomhchoiste Oireachtais ar *Bhulaíocht Scoile agus an Tionchar ar Mheabhairshláinte*. Thug an Roinn breac-chuntas freisin ar róil agus ar fhreagrachtaí na bpáirtithe éagsúla le linn an athbhreithnithe lena n-áirítear an tAonad um Thuismitheoirí agus Fhoghlaimeoirí, an Coiste Stiúrtha agus an Grúpa Oibre a bunaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile*.

Clúdaíodh sraith amháin den phróiseas comhairliúcháin sa chruinniú seo freisin ina raibh comhaltaí an Choiste Stiúrtha in ann a dtuairimí a bhreithniú agus a léiriú maidir le "*cad atá in easnamh nó ar gá a neartú i bPlean Gníomhaíochta 2013 agus conas is féidir linn aghaidh a thabhairt air seo*?" Thug sé seo deis do chomhaltaí an Choiste Stiúrtha a dtuairimí, a gcuid eolais agus a dtaithí sa réimse seo agus i réimsí gaolmhara a roinnt agus thug sé léargais luachmhara ó raon leathan dearcthaí.

I measc na gcur i láthair ag an gcruinniú seo bhí láithreachtaí ó Moninne Griffith, BeLonGTo; Adam Lambe, Aontas na Mac Léinn Dara Leibhéal in Éirinn; Aileen Hickie, Parentline; Bridget Wilson, An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; an tOllamh James O'Higgins Norman, Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC; Jane McGarrigle, Webwise; Mai Fanning Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Iar-bhunscoile; Sarah Benson, Cúnamh do Mhná agus Seònaid Ó Murchadha, Gluaiseacht Maireachtála Neamhspleách Éireann.

D'aontaigh na baill gur gá Cur Chuige Oideachais-Uile a ghlacadh chun oibriú le chéile ar na saincheisteanna a bhaineann le bulaíocht a chosc agus a chomhrac i scoileanna. Phléigh líon mór láithreoirí freisin easpa feasachta i measc daltaí, tuismitheoirí agus foireann na scoile ar na córais atá i bhfeidhm agus na bearta cuí le déanamh nuair a dhéantar bulaíocht ar dhalta nó nuair a bhíonn bulaíocht mar fhadhb laistigh nó lasmuigh den scoil. Dhírigh siad aird ar a thábhachtaí atá conairí soiléire idir polasaithe agus nósanna imeachta chun cur i bhfeidhm leanúnach comhsheasmhach a chinntiú ag gach leibhéal agus ar fud an chórais scoile uile.

### *Moninne Griffith, POF BeLonGTo*

Dhírigh Moninne Griffith aird ar eispéiris dhaltaí LADTA+ in Éirinn agus thagraigh sí don tuarascáil BeLonG To School Climate a foilsíodh in 2019 inar tugadh breac-chuntas ar an gcéatadán ard (73%) de dhaltaí LADTA+ nach mbraitheann sábháilte ar scoil, í ag tagairt do na cineálacha bulaíochta a dhéantar orthu lena n-áirítear tagairtí homafóbacha, eisiamh, agus fiú gnéaschiapadh agus fisiceach[1]. Dhírigh sí aird ar an tábhacht a bhaineann le ceannairí scoile agus a ról maidir le bainistíocht athraithe a chur chun cinn, ach mhol sí freisin go bhfuil acmhainní de dhíth ar na ceannairí chun an t-athrú leanúnach seo a sholáthar.

### *Adam Lambe, (ISSU)*

D'iarr Adam Lambe, a rinne ionadaíocht thar ceann Aontas Mac Léinn Scoileanna Dara Leibhéal (ISSU), go ndéanfaí athbhreithniú débhliantúil ar an bplean gníomhaíochta. Leag sé béim freisin ar an ngá atá le cur chuige cuimsitheach chun a chinntiú go mothaíonn scoláirí go nglactar leo i dtimpeallacht na scoile. Thug sé faoi deara go raibh dícheangal idir nósanna imeachta agus polasaithe frithbhulaíochta, agus mhol sé go bhfuil FGL de dhíth ar mhúinteoirí lena chinntiú go gcloínn siad le agus go mbíonn meas acu ar rúndacht maidir le nochtadh bulaíochta. Mhol sé cur chuige pobal scoile uile maidir le nósanna imeachta a chur i bhfeidhm agus nach cóir gur cur chuige ó bharr anuas a bheadh ann. Tagann daoine chuig ISSU nuair nach mbíonn scoileanna ag déileáil go héifeachtach agus go cuimsitheach le cúrsaí bulaíochta. Tá gá ag scoileanna le soiléireacht maidir leis na chéad chéimeanna eile chun déileáil go cuimsitheach agus go héifeachtach le gnóthaí bulaíochta.

### *Aileen Hickie, CEO, Parentline*

Leag Aileen Hickie béim ar a thábhachtaí atá sé cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le tuismitheoirí, agus thug sí le fios go dteastaíonn uatha go ndearbhóidh scoileanna go bhfuil céimeanna praiticiúla agus soiléire á nglacadh ag scoileanna agus iad ag déileáil le heachtraí bulaíochta. D'iarr sí go dtreiseofaí na beartais frithbhulaíochta lena n-áirítear bearta maoirseachta chun a chinntiú go gcleachtar na nósanna imeachta agus go gcuirtear i bhfeidhm iad, ina measc béim a leagan ar an ngá atá le feasacht ar chonair agus ar phróisis atreoraithe soiléire i measc bhaill uile phobal na scoile chun a chinntiú go gcuirtear polasaithe i bhfeidhm go seasta.

### *Bridget Wilson, An tAonad Beartas um Chearta an Linbh, RLCMLÓ*

Phléigh Bridget Wilson an comhairliúchán a bhí ar bun maidir lena raibh le teacht i ndiaidh an chreata polasaí náisiúnta do leanaí agus daoine óga, *Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile* (TNFTNG). Tá clár agus tosaíochtaí an Rialtais do leanaí agus do dhaoine óga faoi 25 bliana d'aois leagtha amach i TNFTNG agus cuirtear creat uileghabhálach ar fáil ann chun polasaí agus seirbhísí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Thug sí le fios gur ardaíodh ceist na bulaíochta in aighneachtaí agus go ndearnadh tagairt go sonrach do leanaí agus do dhaoine

---

[1] Foilsíodh an tuairisc ar Aeráid Scoile 2022 sular tugadh an Plean Gníomhaíochta chun críche agus cuireadh sonraí uaithi seo san áireamh nuair a bhí na gníomhartha atá sa phlean á dtabhairt chun críche.

óga a d'fhéadfadh a bheith níos leochailí.

### *An tOllamh James O'Higgins Norman, Cathaoirleach EOECNA ar Bhulaíocht agus Cibearbhulaíocht*

Dhírigh an tOllamh James O'Higgins Norman aird ar an dul chun cinn sa taighde ó 2013 i leith maidir lenár dtuiscint ar ghnéithe éagsúla den bhulaíocht agus na himpleachtaí dá réir maidir le polasaithe nua a fhorbairt. Bhí sé ar aon fhocal le láithreoirí eile maidir leis an ngá atá le cur chuige córais uile agus sochaí uile ina mbeadh freagracht chomhchoiteann ar na páirtithe leasmhara go léir. Leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé díriú ar an dochar a dhéantar seachas ar an iompar a tharlaíonn nuair a bhíonn an sainmhíniú á bhreithniú, agus leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh sonraí náisiúnta ann chun méid na bulaíochta atá ag tarlú a thabhairt faoi deara agus chun dul chun cinn sa chur i bhfeidhm agus rathúlacht an phlean gníomhaíochta a thomhas.

### *Jane McGarrigle, Oifigeach Tionscadail le Webwise*

Rinne Jane McGarrigle tagairt athuair don imní a léirigh baill eile maidir le muinín fhoireann na scoile agus iad ag déileáil le saincheisteanna a bhaineann le (cibear)bulaíocht ar líne. Luaigh sí freisin an tábhacht a bhaineann le cur chuige pobail scoile uile chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac. Mar atá tugtha le fios cheana, caithfidh tuiscint agus feasacht shoiléir a bheith ag gach ball de phobal na scoile ar a ról agus ar na céimeanna is fearr le glacadh chun bulaíocht a chosc agus chun tacú le daltaí a fhulaingíonn iompar bulaíochta agus a léiríonn iompar bulaíochta. Leag sí béim ar a thábhachtaí atá oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) mar spás le haghaidh oiliúint dhóthanach ionas go mbeidh an t-eolas réamhriachtanach ag múinteoirí sula dtosaíonn siad ag múineadh agus mhol sí gur chóir go mbeadh cur chuige ó bharr anuas ag an oiliúint seo freisin chun comhsheasmhacht a chinntiú i measc ceannairí scoile. Threisigh sí freisin an ról a d'fhéadfadh a bheith ag comhlachtaí meán sóisialta maidir le feasacht a ardú agus dul i ngleic leis an mbulaíocht sa spás ar líne.

### *Mai Fanning, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí – Iar-bhunbhrainse (CNT-BB)*

Bhí Mai Fanning ar aon intinn leis na hionadaithe ó Parentline agus Webwise. Dhírigh sí aird ar na fadhbanna agus na deacrachtaí a bhíonn ag tuismitheoirí, an easpa tuisceana a bhíonn acu ar pholasaithe agus ar an duine ar cheart dóibh dul i dteagmháil leis/léi sa scoil má rinneadh bulaíocht ar a leanbh. Dúirt sí nach dteastaíonn ó roinnt leanaí go ndéanfadh a dtuismitheoirí idirghabháil. Mhínigh sí go bhféadfadh fadhb a bheith ann nuair a tharlaíonn an bhulaíocht lasmuigh de gheataí na scoile, maidir leis an bhfreagracht tacaíocht a thabhairt agus aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb. Thug sí faoi deara go nglactar le polasaithe ach nach gcuirtear i bhfeidhm iad agus go bhféadfadh an scéal dul in olcas dá bharr. Tharraing sí aird freisin ar an leanbh a bhfuil iompar bulaíochta á léiriú aige, agus d'iarr sí go ndéanfaí taighde agus iniúchtaí chun a fháil amach cén fáth a mbíonn leanaí ag déanamh bulaíochta ar dhaoine eile. Thug sí faoi deara an tábhacht a bhaineann leis an gclár Oideachas Sóisialta, Pearsanta, Sláinte (OSPS) agus leis an gclár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG), agus dhírigh sí aird ar an úsáid is féidir a bhaint astu seo chun an a chaoi mothaíonn leanaí fúthu féin a neartú trína bhféinfhiúntas agus a athléimneacht a fhorbairt. Mhol sí faoi thábhacht na teanga sa phlean gníomhaíochta agus mhol sí gur gá an teanga a threisiú, mar shampla, 'ba cheart' seachas 'ba chóir' a úsáid.

### *Sarah Benson, Cúnamh na mBan*

Leagadh béim i gcur i láthair Sarah Benson ar an gcóineasú idir an t-athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013 agus an dréacht tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (FBGIB). Thug Sarah faoi deara príomhghníomhartha atá sa dréacht- FBGIB a bhaineann le seachadadh idirghabhálacha aois-oiriúnach do bhuachaillí chun dul i ngleic le foréigean fireann, aird a dhíriú ar an gcaoi a spreagann pornagrafaíocht mí-eolaíocht agus éagothroime inscne, agus gníomh 1.4.5 a thagraíonn go sonrach d'obair na Roinne Oideachais ar fhrithbhulaíocht agus athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta agus ar na nósanna imeachta a bhaineann leis. Tharraing Sarah aird ar dhá shuirbhé náisiúnta do dhaoine óga idir 18-25 bliana d'aois a choimisiúnaigh Cúnamh na mBan i gcomhar le RedC. Thug sí suntas do thorthaí lom a léirigh gur fhulaing 1/5 de mhná óga mí-úsáid ó dhlúth-chomhpháirtithe faoin am go raibh siad 25 bliana d'aois. Astu seo cuireadh iallach gnéis ar 75%, rinne ionsaí gnéasach ar 50% agus rinneadh éigniú ar os cionn aon cheathrú díobh. Thug sí faoi deara an difríocht idir taithí mná óga i gcomparáid le fir óga maidir le mí-úsáid dlúth-chomhpháirtithe. Thug sí faoi deara nach raibh an bhulaíocht ghnéasach luaite sa phlean gníomhaíochta reatha, agus thug sí faoi deara freisin gur gá inscne, féiniúlacht inscne agus gnéasacht a idirdhealú agus a dhifreáil mar thrí théarma ar leith, le trí huaire níos mó seans go mbeadh gnéasacht agus tráchtanna gnéis nach dteastaíonn mar thoisc riosca do dhaoine óga LADTA+ i gcomparáid lena bpiaraí heitrighnéasacha. Dhírigh sí aird ar roinnt tosca trasnacha nach mór a chur san áireamh freisin lena n-áirítear cine, eitneachas, cumas, gnéasacht, agus/nó féiniúlacht inscne, agus thug sí faoi deara nach mór tomhas agus measúnú ar fhoirm agus ar ábhar na bulaíochta a bhreithniú freisin.

### *Seònaid Ó Murchadha, Gluaiseacht Maireachtála Neamhspleách Éireann*

Dhírigh Seònaid Ó Murchadha, comhalta boird Ghluaiseacht Maireachtála Neamhspleách Éireann, aird ar eispéireas leanaí faoi mhíchumas agus gur mó seans go bhfulaingeoidh siad foréigean agus mí-úsáid ná a bpiaraí neamh-mhíchumais. Dúirt sí gur féidir le nósanna imeachta ar fud an chórais leanaí a bhfuil 'riachtanais speisialta oideachais' acu a eisiamh, ar nós leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a scaradh óna bpiaraí. Leag sí béim ar a thábhachtaí atá sé breathnú ar an gceist ó pheirspictíocht chearta an duine agus na baic atá cheana féin roimh leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bhreithniú, mar shampla áit a fháil sa chóras oideachais. Thug sí faoi deara go mbíonn tionchar díréireach ag an mbulaíocht ar leanaí agus ar dhaoine óga faoi mhíchumas, agus thagraigh sí do thuarascáil EOECNA faoin taithí a bhí ag leanaí a bhfuil riachtanais oideachais agus míchumais acu ar fhoréigean agus ar bhulaíocht i suíomhanna oideachais (EOECNA 2021c). Luaigh Seònaid an láithreán gréasáin *DisAbuse* freisin a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aige cuidiú le bulaíocht mhíchumais a chomhrac agus aird a dhíriú ar acmhainní oiliúna a forbraíodh sa réimse seo[2].

Ní raibh ar chumas beirt bhall den Choiste Stiúrtha a bheith i láthair ag dara cruinniú na gcur i láthair ach rinne siad a láithreoireachtaí ag tús an tríú cruinniú. Threisigh Áine Lynch, ionadaí Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí-bunscoile, agus Maria Joyce, ionadaí Fhóram Náisiúnta na mBan Lucht Siúil, an tábhacht a bhaineann le cultúr agus timpeallacht dhearfach scoile, oiliúint do phobal na scoile uile agus an gá atá le comhsheasmhacht laistigh den chóras scoile maidir le cur i bhfeidhm na nósanna imeachta fhrithbhulaíochta.

[2] www.disabuse.eu

### *Áine Lynch, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí – Bunbhrainse (CNT-B)*

Dhírigh Áine Lynch aird ar an tábhacht a bhaineann le bearta coisctheacha agus le cultúr na scoile. Dúirt sí go bhfeictear na nósanna imeachta reatha i roinnt scoileanna mar shraith nósanna imeachta chun déileáil le saincheisteanna nuair a tharlaíonn eachtra bulaíochta, agus nach dtugtar an oiread sin airde ar chultúr na scoile agus ar bhearta coisctheacha. Chomhairligh sí gur gá níos mó comhsheasmhachta agus suntais a léiriú ar fud an chórais oideachais ar chosc agus ar chultúr na scoile. Nuair a tháinig na nósanna imeachta isteach sna scoileanna ar dtús bhí scoileanna báite ag acmhainní agus ag póstaeir a chuir comhlachtaí ar fáil agus bhí siad seo le feiceáil i mbeagnach gach scoil ach is léir, áfach, nach iad na póstaeir a chothaíonn cultúr dearfach scoile – tá tuilleadh ag teastáil. Chomhairligh sí freisin faoin ngá atá le tacaíochtaí do leanaí agus do dhaoine óga a mbíonn iompar bulaíochta mar thaithí acu agus dóibh siúd freisin a bhfuil iompar bulaíochta á léiriú acu mar go dtarlíonn go minic gur léiriú a leithéid ar ábhair imní bhunúsacha.

### *Maria Joyce, National Traveller Women's Forum*

Dhírigh Maria Joyce béim ar fhoilseacháin le déanaí a bhain le heispéireas dhaltaí den Lucht Siúil agus na Romach laistigh de chóras oideachais na hÉireann agus thagair sí freisin d'fhoilseachán a bhain go sonrach le cur i bhfeidhm nósanna imeachta frithbhulaíochta i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna (Dupont 2022). Dúirt sí gur bhailigh an taighde faisnéis maidir le gafacht, rannpháirtíocht, tinreamh agus coinneáil ar scoil. Threisigh sí an tábhacht a bhaineann le cosc chun an bhulaíocht a laghdú, agus mhol sí go bhfuil sé tábhachtach go beadh curaclam cuimsitheach agus éagsúlacht i measc ghairm na múinteoireachta chun timpeallacht chothrom, chuimsitheach agus fháilteach a chur chun cinn do leanaí an Lucht Siúil agus na Romach. Dhírigh sí ar an ngá atá le tuiscint a fháil ar thábhacht an trasnachais fiú laistigh den Lucht Siúil féin agus mhol sí gur cheart tagairt go follasach do gach cineál bulaíochta bunaithe ar fhéiniúlacht agus ar chiníochas lena n-áirítear bulaíocht ar bhaill den phobal LADTA+, ar leanaí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu agus ar ghrúpaí mionlaigh eile.

D'fháiltigh comhaltaí uile an Choiste Stiúrtha roimh mholtaí an Chomhchoiste Oireachtais go háirithe maidir leis an ngá atá le hoiliúint phobail scoile uile, an tábhacht a bhaineann le glór agus rannpháirtíocht an dalta agus an fócas forleathan polasaí is gá chun gach cineál bulaíochta a chomhrac. Bhí dearcadh ag roinnt láithreoirí gur ceist sláinte phoiblí agus cearta an duine araon í an bhulaíocht agus gur cheart díriú ar na réimsí sin sa phlean gníomhaíochta nuashonraithe ar an mbulaíocht.



## Cuir i láthair don Choiste Stiúrtha

### Cuir i láthair ó Thaighdeoirí, Eagraíochtaí Abhcóideachta, Cuideachtaí Meán Sóisialta, Comhlachtaí Rialtais agus Rialála, Daoine Aonair agus Scoileanna – Cruinnithe 3-7

Dhírigh cruinnithe 3–7 ar chuir i láthair ó thaighdeoirí, eagraíochtaí abhcóideachta, chomhlachtaí meán sóisialta, an Rialtas agus comhlachtaí rialála, daoine aonair agus scoileanna. Tharraing na láithreoirí aird ar ról an phobail oideachais uile maidir le bulaíocht a chosc agus a chomhrac, an luach a bhaineann le guth agus rannpháirtíocht bhríoch na ndaltaí, an tábhacht a bhaineann le hoiliúint chuimsitheach rialta d'fhoireann na scoile agus an gá atá le freagairt oiriúnaitheach agus gasta ag brath ar chomhthéacs agus ar chultúr gach pobail scoile aonair. Tá breac-chuntas tugtha thíos ar na príomhphointí eolais ó na cuir i láthair seo.

### Taighdeoirí

Rinne roinnt taighdeoirí agus acadóirí cuir i láthair ar réimsí éagsúla le linn na gcruinnithe, ar thopaicí ó bhulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht reiligiúnach, an taithí i dTuaisceart Éireann ar reachtaíocht fhrithbhulaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus taithí an Lucht Siúil agus daltaí Romacha ar chur i bhfeidhm na nósanna imeachta frithbhulaíochta i scoileanna.

#### *Professor Peter K. Smith, Ollamh Emeritus, Ollscoil Goldsmiths Londain*

Thug an tOllamh Peter K. Smith aiseolas dearfach ar phlean gníomhaíochta 2013 agus mhol sé go bhféadfadh an plean gníomhaíochta nua díriú níos mó ar réimsí éagsúla lena n-áirítear oiliúint treallúis agus tógáil caidrimh trí obair ghrúpa chomhoibríodh. Thug sé forléargas leathan ar réimsí tábhachtacha lena n-áirítear béim a chur ar ról tábhachtach an mhúinteora ranga agus na foirne neamhtheagaisc agus an tionchar suntasach is féidir a bheith ag a bhfreagairt. Leag sé béim ar ról tuismitheoirí agus siblíní agus go háirithe ról tuismitheoirí maidir le bulaíocht ar líne a réiteach. Chuir sé clabhsúr lena chur i láthair trí bhéim a chur ar a thábhachtaí atá sé guth a thabhairt do dhaoine óga sa réimse seo agus dhírigh sé aird ar Ionaid an Bhalúin Dheirg sa RA.

#### *An Dochtúir Noel Purdy*

Thug Cathaoirleach an Choiste Stiúrtha, an Dochtúir Noel Purdy, cur i láthair ar fhorbairtí i dTuaisceart Éireann, a d'achtaigh reachtaíocht le déanaí maidir le dul i ngleic le bulaíocht i scoileanna trí mhaoirseacht mhéadaithe do scoileanna agus do bhoird ghobharnóirí. Soláthraíonn an reachtaíocht soiléireacht faoi na hamanna a mbíonn an t-údarás ag scoileanna déileáil le bulaíocht a d'fhéadfadh tarlú lasmuigh den scoil, agus gurb é sin nuair is dócha go mbeidh drochthionchar aige ar oideachas an linbh nó an duine óig. Thug sé breac-chuntas ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le reachtaíocht a thabhairt isteach chun dul i ngleic le bulaíocht i scoileanna, lena n-áirítear an t-am a thógann sé reachtaíocht a leasú, na dúshláin a bhaineann le teacht ar shainmhíniú atá infheidhmithe mar reachtaíocht, agus na freagrachtaí a leagtar ar scoileanna sa ghnó seo.

### *An Dochtúir Amalee Meehan*

Thug an Dr Amalee Meehan léargas ar bhulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht reiligiúnach ar dhaltaí in Éirinn. Phléigh sí taighde ar fhéiniúlacht reiligiúnach, ar bhulaíocht agus ar chuimsiú, le múinteoirí ag tabhairt le fios go raibh imní orthu faoi chohóirt áirithe daltaí a bhféadfaí díriú orthu go sonrach mar gheall ar a bhféiniúlacht reiligiúnach. Thug sí le fios go bhfuil daltaí a chleachtann aon chineál reiligiún i mbaol bulaíochta agus dúirt sí go bhfuil sé tábhachtach go n-aithneofaí é seo agus an plean gníomhaíochta á fhorbairt.

### *An Dochtúir Maeve Dupont*

Rinne an Dr Maeve Dupont cur i láthair ar a taighde ar thaithí dhaltaí an Lucht Siúil agus na Romach maidir le cur i bhfeidhm na nósanna imeachta frithbhulaíochta do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna (Dupont 2022). Chomhairligh sí faoin mbaol méadaithe a bhíonn ag cohóirt áirithe leanaí agus daoine óga maidir le hiompar bulaíochta. Phléigh sí na torthaí éagsúla, lena n-áirítear na heispéiris dhúshlánacha a bhíonn ag daltaí den Lucht Siúil agus Romach ar bhulaíocht agus iad sna scoileanna agus an fhreagairt ó scoileanna nuair a bhíonn teagmhais bhulaíocht á dtuairisciú acu. Luaigh sí an tábhacht a bhaineann le comhsheasmhacht i gcur i bhfeidhm na nósanna imeachta i scoileanna, agus a thábhachtaí atá sé deireadh a chur le bacainní ar thuairisciú. Luaigh sí nach bhfuil sna moltaí ach comhpháirt amháin de straitéis níos iomlánaí agus níos cuimsithí atá de dhíth chun a chinntiú go mbíonn na torthaí do leanaí agus do dhaoine óga an Lucht Siúil agus na Romach ionann agus torthaí scoláirí eile.

Go minic spreagann taighde forbairt ar chláir agus ar thionscnaimh éagsúla a bhfuil sé mar aidhm acu bulaíocht a chosc agus a chomhrac. D'éist an Coiste Stiúrtha freisin le cuir i láthair ó roinnt eagraíochtaí a bhfuil cláir fhrithbhulaíochta forbartha acu, agus curtha ar fáil ag cuid acu, do scoileanna.

### Eagraíochtaí Abhcóideachta

Tá roinnt eagraíochtaí ann a oibríonn i réimse a bhaineann le bulaíocht a chosc agus a chomhrac. Tá cláir shaincheaptha forbartha ag roinnt de na heagraíochtaí ar féidir iad a chur i bhfeidhm i scoileanna chun treoir agus tacaíocht a sholáthar maidir le bulaíocht a chosc agus a chomhrac. Bhí cuir i láthair ó ionadaithe Chlár an Bhrait Bhuí, Barnardos, ISPCC, LÉÉÉ, ÚRC, ABA RA agus clár FUSE OCBÁC do chomhaltaí an Choiste Stiúrtha le linn an athbhreithnithe.

### *Molly Brady-Martin, Comhordaitheoir Náisiúnta Chlár an Bhrait Bhuí*[3]

Thug Molly Brady-Martin breac-chuntas ar thaithí dhaltaí ar bhulaíocht bunaithe ar chiníochas agus ar fhéiniúlacht in Éirinn, agus iad ag tagairt do thaighde iReport, OCBÁC, SpunOut agus CNÓ. Dhírigh sí aird ar shonraí an Bhrait Bhuí féin ar an taithí atá ag daltaí dubha agus ó mhionlaigh eitneacha ar chiníochas a fhulaingt agus nach bhfuil muinín acu teagmhais chiníochais a thuairisciú. Thug sí breac-chuntas ar na hocht gcéim de Chlár an Bhrait Bhuí atá bunaithe ar Chreat Féinmheastóireachta Scoile na Roinne Oideachais, a thugann dúshlán don chiníochas agus a cheiliúrann éagsúlacht. Dhírigh sí aird ar thionchar an chreata meastóireachta a úsáideann Clár an Bhrait Bhuí, agus thug sí le fios go ndéanann 78% de scoileanna an Bhrait Bhuí oideachas idirchultúrtha á chomhtháthú sa churaclam foirmiúil tar éis dóibh an clár a chríochnú. D'iarr sí go ndéanfaí na polasaithe a ailíniú níos fearr le cohórt leathan na dtionscnaimh pholasaí sa réimse seo lena n-áirítear An Straitéis um Chomhtháthú Imirceach, an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais, An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach agus creataí leathan polasaí eile laistigh den Roinn Oideachais.

### *Martha Evans, Comhaontas Frithbhulaíochta RA (Anti-Bullying Alliance – ABA)*

Is comhghuaillíocht eagraíochtaí agus daoine aonair é an Comhaontas Frithbhulaíochta (ABA) sa RA, a oibríonn le chéile chun bulaíocht a chosc agus chun timpeallachtaí níos sábháilte a chruthú inar féidir le leanaí agus le daoine óga maireachtáil, fás, súgradh agus foghlaim. Rinne Martha Evans, Stiúrthóir an ABA, cur i láthair don Choiste ar a bpríomhréimsí oibre, lena n-áirítear feachtais feasachta, forbairt polasaí agus feabhsú cleachtais. Thug sí breac-chuntas ar a gclár scoile uile, ina mbíonn fáil ag scoileanna ar acmhainní iniúchta agus uirlisí gníomh-phleanála, forbairt ghairmiúil leanúnach agus ceistneoir ar líne do dhaltaí chun eolas a bhailiú faoi leibhéil bulaíochta agus stádas folláine chun bealach a thabhairt do scoileanna chun teacht ar thomhas bunlíne agus chun cuidiú le cleachtais a fheabhsú. Bíonn luach saothair le fáil ag scoileanna as a rannpháirtíocht sa chlár seo trí phróiseas aitheantais bunaithe ar a bhfeabhsuithe chun an bhulaíocht a chomhrac. Spreagtar scoileanna freisin chun a gcleachtas agus a ndúshlán a roinnt le pobail scoileanna eile. Chur sí in iúl gur thug 71% de na scoileanna le fios go raibh laghdú tagtha ar an mbulaíocht mar thoradh ar an gclár. Chuir sí moltaí ar fáil chun plean gníomhaíochta nua a fhorbairt, lena n-áirítear na nithe seo a leanas: a chinntiú go bhfuil fócas láidir ar bhulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht lena n-áirítear bulaíocht míchumais; an cheist a bhreithniú ó thaobh na sochaí de le fáil amach conas is féidir le dinimic ghrúpa dul i bhfeidhm ar bhulaíocht; agus an tábhacht a bhaineann le comhoibriú idir eagraíochtaí agus tíortha chun a chinntiú gur féidir linn an méid is mó is féidir a fhoghlaim óna chéile.

### *Kerri Smith agus Clíodhna Purdue, Barnardos*

Thug Barnardos suntas do ríthábhacht ghuth an linbh in aon straitéis chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac agus díríodh ar an tábhacht a bhaineann le cosc agus luath-idirghabháil. Chuir Kerri Smith agus Clíodhna Purdue eolas ar fáil faoin gcur chuige agus na tacaíochtaí a bhíonn ar fáil ó Barnardos do theaghlaigh, do phobail agus do scoileanna. Mhol siad gur gá breathnú ar thionchar na bulaíochta ó pheirspictíocht tráma-bhunaithe ina dtugtar aird ar

[3] https://yellowflag.ie/

riachtanais an linbh nó an duine óig a bhfuil an bhulaíocht á fhulaingt acu agus freisin orthu siúd a léirigh an t-iompar bulaíochta, agus gur gá don fhreagairt a bheith réamhghníomhach agus coisctheach. Threisigh siad an gá atá le plean solúbtha a fhorbraíonn de réir mar a bhíonn an saol sa tsochaí ag síorathrú, lena n-áirítear méadú ar an am a dháiltear chun plé ar an mbulaíocht a éascú sa seomra ranga. Tugadh forléargas ar an chlár Roots of Empathy[4] Barnardos. Díríonn an clár ar bhearta coisctheacha a bhfuil sé mar aidhm acu folláine mhothúchánach a mhéadú agus iompar sóisialta a fheabhsú. Thug siad breac-chuntas ar an dara clár atá ar fáil ó Barnardos ar Shábháilteacht Ar Líne ina bhfuil ceardlanna agus acmhainní curtha ar fáil do mhúinteoirí, do scoláirí agus do thuismitheoirí, agus é mar chuspóir go gcuirfí ar chumas leanaí roghanna maithe a dhéanamh agus cineáltas a léiriú ar líne. Tharraing siad aird ar shonraí maidir le hábhair imní a léirigh leanaí faoi theachtaireachtaí a fhaigheann siad ó chairde agus ó strainséirí, agus treisíodh an gá atá le cur chuige ilshraitheach scoile uile chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac, le béim ar níos mó muiníne a chruthú do thuismitheoirí ionas gur féidir leo dul i ngleic le saincheisteanna ar líne lena leanaí.

### *Victoria Howson, CÉCL*

Rinne Victoria Howson cur i láthair ar Chlár Frithbhulaíochta Sciath an CÉCL a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le leanaí, teaghlaigh agus pobail chun bulaíocht a chosc. Ar aon dul le cláir eile, díríonn an clár ar theacht aniar agus ar chumas déileála leanaí, teaghlaigh agus pobail a fheabhsú. Díríonn an Clár Sciath ar mhúscailt feasachta ach tá uirlis féinmheastóireachta scoile mar chuid de anois, agus tá sé bunaithe ar fhianaise agus ar thaighde cothrom le dáta. Thug sí cúlra ar chur chuige agus ar ábhar an chláir agus rinne sí cur síos ar na naisc idir an Clár Sciath agus tacaíochtaí eile CÉCL. Threisigh sí an gá atá ag scoileanna le treoir agus tacaíocht bhreise chun a bhfreagrachtaí maidir le bulaíocht a chomhlíonadh, agus dúirt sí gur



[4] https://anti-bullyingalliance.org.uk/

féidir le cláir ar nós Sciath go leor de na tacaíochtaí sin a sholáthar.

### *Julie Ahern and Tanya Ward, An Chomhghuallaíocht um Chearta Leanaí*

Dhírigh an Chomhghuallaíocht um Chearta Leanaí aird ar shonraí a bhain le líon na ndaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu agus iad siúd nár mhothaigh sábháilte ina dtimpeallacht scoile. Leag Tanya Ward béim ar an tionchar ollmhór atá ag an mbulaíocht ar fholláine mhothúchánach daoine óga agus ar na hiarmhairtí a bhaineann leis seo lena n-áirítear neamhláithreacht ar scoil, imní agus féindochar. Chuir Julie Ahern faisnéis ar fáil faoi seo ó pheirspictíocht chearta leanaí lena n-áirítear an gá atá le faisnéis atá aoisoiriúnach, agus rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga mar chomhthaighdeoirí sa spás seo. D'fháiltigh siad roimh an moladh go gcuirfí láithreán gréasáin tiomnaithe frithbhulaíochta ar fáil. Dhírigh siad aird ar roinnt bearnaí sa soláthar reatha lena n-áirítear tacaíochtaí do leanaí atá ag fulaingt bulaíochta, tacaíochtaí d'fhoirne scoile agus luaigh siad an easpa sonraí atá ar fáil chun a chinntiú go bhfuil lucht déanta polasaí agus cinnteoireachta ar an eolas faoi mhéid agus chineálacha na bulaíochta i scoileanna. Tá an t-eolas seo ríthábhachtach chun cuidiú a chinntiú go dtugtar aghaidh uirthi go héifeachtach. Leag siad béim ar an tábhachtach a bhaineann leis an mBille *um Rialáil* Sábháilteachta *ar Líne agus* na *Meán* sa réimse seo.

### *Darran Heaney, Clár Frithbhulaíochta FUSE*

Féachann an clár Frithbhulaíochta FUSE ar an gcur chuige oideachais iomlán chun bulaíocht agus cibearbhulaíocht a chosc agus a chomhrac. Mhínigh Darran Heaney, Bainisteoir Tionscadail le FUSE, go bhfuil sé mar aidhm ag an tsraith ceardlann a bhí in úsáid le linn FUSE pobail scoile a chumasú chun bulaíocht agus sábháilteacht ar líne a chosc agus a chomhrac. Thug sé le fios go léiríonn taighde gur féidir tionscnaimh rathúla a fhorbairt chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac nuair a oibríonn pobail i dteannta a chéile, le tacaíocht ón gcóras oideachais agus ón tsochaí. Chuir sé in iúl go bhfuil an clár deartha de réir an churaclaim OSPS agus go bhfuil sé comhpháirtithe leis an gclár "Fighting Words" do bhunscoileanna. Mhínigh sé go ndéantar suirbhé ar rannpháirtithe le fáil amach cén muinín atá acu agus cén cumas atá iontu chun bulaíocht a thabhairt faoi deara, freagairt di agus tuairisciú uirthi tar éis dóibh páirt a ghlacadh sna ceardlanna.

### *An Dochtúir Clíona Saidléar, Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann*

D'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt an Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (Rialtas na hÉireann 2022), ina leagtar amach cur chuige neamhfhulaingthe i leith FBGIB i sochaí na hÉireann. Tá sé seo tábhachtach i gcomhthéacs taighde ina dtugtar le fios go bhfuil tionchar díréireach ar mhná agus ar chailíní mar íospartaigh/mharthanóirí FBGIB. Rinne an an Dochtúir Clíona Saidléar ó Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann (LÉÉÉ), cur i láthair don choiste ar ról LÉÉÉ, inar díríodh aird ar an taighde a foilsíodh in 2021, ag féachaint ar thaithí an chiapadh gnéis i measc ógánaigh, agus tugadh sonraí cothrom le dáta ar ghnéaschiapadh i scoileanna. Leagadh béim sa tuarascáil seo ar an tábhacht a bhaineann le luath-idirghabháil chun leanaí a chosc agus a chosaint ó fhoréigean gnéasach, agus díríodh aird ar na príomhthosca riosca lena n-áirítear inscne, gnéasacht agus aois. Chruthaigh sí nasc idir é seo agus moltaí féideartha chun an plean gníomhaíochta a nuashonrú lena n-áirítear aird níos mó a dhíriú ar eispéiris ban agus cailíní óga, fócas níos géire a dhíriú ar ghnéasachas, agus tromchúiseacht an ghnéasachais agus na bulaíochta gnéasaí agus grúmaeireachta le haghaidh dúshaothraithe a aithint. Ar aon dul le go leor láithreoirí eile, leag sí

béim ar an tábhacht a bhaineann le sonraí cruinne, an gá atá le fócas méadaithe ar bhulaíocht ar líne (cibearbhulaíocht) a chosc agus a chomhrac agus a chinntiú go mbíonn teanga ar nós gnéasachas san áireamh sa phlean gníomhaíochta nuashonraithe.

## Comhlachtaí Meán Cumarsáide

Tá forbairt na dteicneolaíochtaí digiteacha tar éis athruithe móra a chruthú sna bealaí inar féidir linn cumarsáid a dhéanamh lena chéile. Tá sé seo tar éis bealaí a chruthú freisin trína mbíonn iompar bulaíochta mar thaithí ag leanaí agus daoine óga. Is feiniméan í an bhulaíocht ar líne, agus is cosúil gur tháinig méadú air le linn na dianghlasála COVID-19 (Milosevic T et al., 2021). Tá rochtain níos mó anois ná riamh ag leanaí agus ag daoine óga ar an idirlíon, ar fheidhmchláir teachtaireachtaí agus ar na meáin shóisialta. Chuir Ofcom sonraí ón RA i láthair a léiríonn go bhfuil próifílí meán sóisialta ag leanaí chomh hóg le 3 bliana d'aois. Léirigh na sonraí freisin go ndúirt ochtar as gach deichniúr tuismitheoirí leanaí 3-17 mbliana d'aois go raibh a fhios acu go raibh íosriachtanas aoise ann chun próifíl meán sóisialta a bheith acu (81%). Astu seo, áfach, ní raibh ach 42% a d'fhéadfadh an aois cheart a thabhairt (13).

Tá ról suntasach ag comhlachtaí meán sóisialta maidir leis na polasaithe a chruthaíonn siad agus na gníomhartha a ghlacann siad ó thaobh measarthachta ábhar díobhálach agus láimhseáil gearán ó úsáideoirí a n-ardán ar a ndéantar cibearbhulaíocht agus ciapadh ar líne. Bhí an Coiste Stiúrtha den tuairim go raibh sé tábhachtach dul i dteagmháil le hardáin na meán sóisialta chun a gcur chuige maidir leis an gceist seo a phlé. Rinne roinnt eagraíochtaí meán cumarsáide cuir i láthair don choiste lena n-áirítear META, TikTok agus YouTube.

### *Susan Moss, TikTok*

Rinne Susan Moss, Bainisteoir Polasaí Poiblí agus Caidrimh Rialtais TikTok, cur i láthair don Choiste Stiúrtha ag an gcúigiú cruinniú. Thug sí breac-chuntas ar smaointeoireacht agus ar fhís TikTok. Rinne sí tagairt don *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* a deir "Go minic bíonn cumarsáid ar líne idir dhaoine óga ceilte ó dhaoine fásta agus saor ó mhaoirsiú." (Grúpa Oibre Frithbhulaíochta, 2013). Dúirt sí nach gá gur mar sin a bheadh in 2022. Tharraing sí aird ar an ról atá ag tuismitheoirí maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chineál agus ar mhéid úsáide na meán sóisialta ag a leanaí, lena n-áirítear srianta a chur i bhfeidhm maidir le socruithe príobháideachais agus roghanna péireála teaghlaigh.

Luaigh sí gur féidir saincheisteanna maidir le mí-úsáid a thuairisciú go díreach agus go bhfuil múnla braite meabhrach ag TikTok a bhaineann ábhar sula dtuairiscítear é, agus go mbaintear 87% den ábhar sula mbíonn deis ag aon duine breathnú ar an ngearrthóg. Phléigh sí freisin na gnéithe réamhghníomhacha féin-mhodhnaithe a thug TikTok isteach chun cineáltas agus comhbhá a chothú, ag spreagadh úsáideoirí chun stopadh agus smaoineamh sula bpostáiltear físeáin nó tuairimí. Leag sí béim ar a thábhachtaí atá sé go bhfoghlaimíonn daltaí óna bpiaraí, agus gur gá straitéisí idirghabhála fianaise-bhunaithe a bhunú. Thug sí suntas

freisin do ról gach ball den phobal maidir le hábhar díobhálach lena n-áirítear comhlachtaí gléasanna fón póca, comhlachtaí meán, tuismitheoirí agus daltaí.

### *Dualta Ó Broin, META*

Is comhlacht é META a bhfuil a n-ardáin ar nós Facebook, WhatsApp agus Instagram á n-úsáid ag líon mór daoine óga agus a bhfuil thart ar 9% d'úsáideoirí Instagram idir 13-17 mbliana d'aois (www.statista.com 2022). Ag an séú cruinniú den Choiste Stiúrtha rinne Dualta Ó Broin, Ceannasaí Polasaí Poiblí META don RA agus d'Éirinn, cur i láthair don Choiste Stiúrtha. Thug sé cuntas ar an obair a dhéanann META chun tacú le sábháilteacht ar líne agus le cláir phobail. Thug sé breac-chuntas ar chur chuige META maidir leis na bearta sábháilteachta agus réamhghníomhacha a ghlactar chun fuathchaint, bulaíocht agus ciapadh a bhaint ar Instagram fiú sula dtuairiscítear eachtra. Chuir sé in iúl go bhfuil uirlisí agus teicneolaíochtaí sábháilteachta forbartha ag META atá dírithe ar dhíobháil a chosc, daoine óga a chumhachtú agus tacú lena bhfolláine. Dúirt sé go gceadaíonn uirlisí maoirseachta do thuismitheoirí agus caomhnóirí cabhrú lena leanaí a dtaithí thar ardáin META a bhainistiú.

### *Iain Bundred, YouTube*

Rinne Iain Bundred, Ceannasaí Bheartas Poiblí na RA agus na hÉireann do YouTube, cur i láthair don Choiste Stiúrtha. Luaigh sé go nglacann an socrú réamhshocraithe d'úsáideoirí YouTube leis anois go bhfuil siad faoi bhun 18 mbliana d'aois. D'inis sé faoi na céimeanna atá glactha ag YouTube chun tráchtaireachtaí mí-oiriúnacha ó thaobh aoise a bhaint agus modhnóireacht a dhéanamh ar thráchtaireachtaí eile. Leag sé béim ar a thábhachtaí atá oideachas tiomnaithe ar litearthacht na meán i scoileanna le go múinfí do dhaltaí faoina bhfreagrachtaí ar líne agus faoin tionchar a bhíonn ag a ngníomhaíocht ar líne orthu féin agus ar dhaoine eile. Tharraing sé aird ar shraith ar líne a chuir YouTube ar fáil dar teideal *Reframe* agus táthar ag súil go bhfeabhsóidh sé litearthacht sna meáin do dhaoine óga (Tackling Online Hate YouTube 2022).

Is léir ó na cuir i láthair ó chomhlachtaí meán sóisialta go bhfuil raon polasaithe le haghaidh modhnóireachta agus tacaíochtaí do rialuithe tuismitheoirí. Tá an fhreagracht ar chuideachtaí na meán sóisialta gníomhú go tapa le hábhar míchuí a bhaint. Tá freagracht ar an uile dhuine freisin a bheith feasach ar na huirlisí agus ar an teicneolaíocht atá ar fáil d'úsáideoirí chun a bpríobháideacht a chosaint, nósanna imeachta a leanúint chun [illegible]irisciú agus a bheith feasach ar na hiarmhairtí a bhaineann le trácht[illegible]ha a phost[illegible]



## Comhlachtaí Rialtais agus Rialála

### *Cigireacht na Roinne Oideachais*

Rinne Cigireacht na Roinne Oideachais cur i láthair don Choiste Stiúrtha ar dhá ócáid ar leith chun faisnéis agus sonraí a sholáthar maidir le dhá phíosa taighde a rinne an chigireacht i dtús na bliana acadúla 2021. Rinne an Chigireacht cigireachtaí teagmhasacha, iad ag breathnú ar chur i bhfeidhm gnéithe áirithe de na nósanna imeachta frithbhulaíochta agus ar a bhfuil á dhéanamh ag scoileanna chun cultúr dearfach scoile a chothú (An Roinn Oideachais 2022d). D'eagraigh siad grúpaí fócais freisin le leanaí agus daoine óga maidir le bulaíocht (An Roinn Oideachais 2022a). Chuir an Chigireacht béim ar an ngá atá le maoirseacht bhreise ag leibhéal na scoile maidir le cur i bhfeidhm nósanna imeachta frithbhulaíochta agus le tacaíocht a sholáthar do scoileanna a bhfuil dúshláin rompu sa réimse seo. Leag na fócasghrúpaí leanaí agus daoine óga béim ar an tábhacht a bhaineann le guth an dalta agus a rannpháirtíocht i gcinnteoireacht agus polasaí. Thuairiscigh daltaí ar eispéiris éagsúla, idir dhearfach agus dhiúltach, i réimsí éagsúla lena n-áirítear: cultúr agus atmaisféar i scoileanna, cur chuige scoile uile i leith bearta frithbhulaíochta agus an gá atá le hoideachas sa litearthacht dhigiteach agus sa chibearbhulaíocht.

### *An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)*

Rinne an SNSO cur i láthair faoi dhó don Choiste. Ag an gcéad chruinniú den Choiste Stiúrtha thug Sharon Eustace forléargas ar *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* (Rialtas na hÉireann 2019b) inar leagadh béim ar a struchtúr agus ar a fhís, is é sin comhairle a chur ar scoileanna faoin gcaoi is fearr le folláine a chur chun cinn i bpobal na scoile ar fud na gceithre phríomhréimse: Cultúr agus Timpeallacht, Curaclam (Teagasc agus Foghlaim), Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí, agus Polasaí agus Pleanáil.

D'fhorbair an SNSO treoir d'iar-bhunscoileanna a bhain le Foireann Tacaíochta do Scoláirí (FTS), "an fhoireann uileghabhálach í a bhaineann le dul chun cinn gníomhaíochtaí ar mhaithe le leas agus folláine gach scoláire" (SNSO, 2021). Ag seachtú cruinniú an Choiste Stiúrtha thug Deirdre Mc Hugh, Stiúrthóir Réigiúnach, breac-chuntas ar an tsamhail seo agus ar a chúlra. Mhínigh sí go bhfeidhmíonn FTS mar fhoireann lárnach laistigh de scoil chun comhleanúnachas a thabhairt trí chomhordú a dhéanamh ar obair na bpríomhpháirtithe leasmhara agus na bhfoirne laistigh den scoil, lena n-áirítear ceannaireacht scoile, tréadchúram, riachtanais speisialta oideachais (RSO), treoir agus foireann bhainistíochta um theagmhas criticiúil (FBTC). Shoiléirigh sí ról an FTS sa mhéid is gur cheart go nglacfadh sé cur chuige iomlánaíoch scoile uile maidir le riachtanais na scoláirí ag leibhéal uilíoch dírithe ar chontanam tacaíochta mar a leagtar amach sa *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019*. Chomhairligh sí gur chóir go mbeadh FTSanna dírithe ar réitigh. Thug sí le fios gur léirigh meastóireacht SNSO ar an tsamhail FTS éifeachtacht na FTSanna i scoileanna inar tugadh faoi deara go bhfuil an tsamhail fréamhaithe i dtaighde fianaise-bhunaithe agus i ndea-chleachtas. Tharraing sí aird ar théamaí coitianta a d'eascair as anailís ar aiseolas cáilíochtúil a fuair an SNSO maidir le cur i bhfeidhm na samhla FTS. I measc na dtéamaí sin bhí: go bhfuil an fhoireann sásta le struchtúr na FTSanna agus leis an gcur chuige scoile uile i leith na tacaíochta do scoláirí; go bhfuil an tacaíocht ann do gach ball de phobal na scoile, an fhoireann san áireamh; agus go dtugann sé deis don fhoireann líonrú le scoileanna eile agus ar an gcaoi sin a gcuid eolais agus a ndeiseanna foghlama a mhéadú.

### *John Kennedy, OFSTED*

I mí an Mheithimh 2021, d'fhoilsigh Oifig um Chaighdeáin san Oideachas, Seirbhísí Leanaí agus Scileanna (OFSTED) na RA athbhreithniú ar mhí-úsáid ghnéasach i scoileanna agus i gcoláistí i Sasana. Rinne John Kennedy, Stiúrthóir Cúnta Réigiúnach le OFSTED cur i láthair don choiste ag a chúigiú cruinniú. Dúirt John gur fhéach siad ar roinnt príomhréimsí lena n-áirítear cumhdach, curaclam agus tuairisciú. Chuir sé cúlra agus príomhthorthaí na tuarascála ar fáil. Dhírigh sé aird ar an tábhacht a bhaineann le leanaí agus daoine óga a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu mar thoradh ar iompar míchuí a shainaithint go luath, chun iompar níos tromchúisí a chosc. Thug sé faoi deara éagothroime an tionchair ar chailíní agus ar mhná óga maidir lena n-eispéireas ar thráchtanna gnéasúla agus ar iompar gnéis mhíchuí a dhírítear orthu. Dúirt sé go mbíonn dearcadh difriúil ag buachaillí agus ag fir óga ar a bhfuil i gceist le hiompar inghlactha agus do-ghlactha. Dhírigh sé aird go sonrach ar thaithí na scoláirí LADTA+, a raibh thráchtanna gnéis míchuí á ndíriú orthu go seasta. Threisigh sé an gá atá le múineadh do leanaí faoi mheas a léiriú ó aois an-óg, lena n-áirítear ón Oideachas Luathbhlianta ar aghaidh, cé go bhfuil sé tábhachtach freisin gan neamhaird a thabhairt ar riachtanais scoláirí níos sine ag an dara leibhéal.

Leag sé béim ar an ngá atá leis an gcuraclam a bheith ag an leibhéal ceart, lena n-áirítear teagasc faoi thoiliú agus sábháilteacht ar líne agus thagraigh sé do fhianaise a léirigh easpa muiníne ag múinteoirí maidir leis an ngné seo den churaclam a sheachadadh. Leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé sonraí a bhailiú, agus dhírigh sé aird ar an difríocht sa suirbhé idir an leibhéal ciaptha a bhraitear ar leibhéal na scoile agus taithí saoil na scoláirí, agus chomhairligh sé mura dtuairiscítear an bhulaíocht nach gciallaíonn sé sin nach bhfuil sé ag tarlú. Luaigh sé na réimsí dea-chleachtais seo mar phríomhréimsí idirghabhála, lena n-áirítear teacht ar bhealaí chun éisteacht le guthanna scoláirí sa réimse seo. Dúirt sé go ndéanann comhoibriú éifeachtach idir tuismitheoirí, scoileanna, gníomhaireachtaí seachtracha lena n-áirítear gardaí agus cúram sóisialta difríocht. Pléadh réimse na (cibear)bulaíochta ar líne freisin i gcomhthéacs easpa muiníne tuismitheoirí agus tuismitheoirí ag mothú nach bhfuil ar a gcumas déileáil le húsáid na meán sóisialta agus le rochtain ar ábhar míchuí ag a leanaí.

### *Ciarán Shanley, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán*

Rinne Ciarán Shanley cur i láthair ar an mBille um Shábháilteacht Ar Líne agus Rialú na Meán a bhí ag dul tríd an Oireachtas ag am a láithreachta. Thug sé breac-chuntas ar fhorálacha an Bhille, lena n-áirítear rialtóir nua a bhunú, an rialtóir a bhí ann roimhe a dhíscaoileadh agus creat rialála a chruthú le haghaidh sábháilteachta ar líne. Phléigh sé cruthú coimisiúin meán, ag a mbeadh feidhmeanna oideachais, comhoibrithe agus ardú feasachta. Luaigh sé go mbeadh cumhachtaí rialála aige amhail imscrúduithe a dhéanamh agus smachtbhannaí airgeadais a chur i bhfeidhm. Chuir sé in iúl go bhfuil an Bille ag gluaiseacht tríd an bpróiseas reachtaíochta agus gur cuireadh síos roinnt leasuithe.

### *An Dochtúir Niall Muldoon, Ombudsman do Leanaí*

Is institiúid cearta daonna í Oifig an Ombudsman do Leanaí a oibríonn chun cearta leanaí agus daoine óga in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn. Cuireann siad acmhainní ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga chun a gcuid eolais agus tuisceana ar a gcearta a fheabhsú agus déanann siad imscrúduithe ar ghearáin faoi sheirbhísí a chuireann eagraíochtaí poiblí ar fáil do leanaí.

Ag a séú cruinniú, rinne an Dochtúir Niall Muldoon, an tOmbudsman do Leanaí, cur i láthair don Choiste Stiúrtha. Dhírigh a chur i láthair ar an mbulaíocht mar shaincheist chearta leanaí agus thug sé le fios gur chuir an bhulaíocht isteach ar roinnt cearta dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún na NA ar Chearta an Linbh. Rinne an Dr Muldoon tagairt do thuarascáil 2012 a d'fhoilsigh Oifig an Ombudsman do Leanaí (OOL) dar teideal *Ag Dul i nGleic le Bulaíocht i Scoileanna*. Luaigh sé an tábhacht a bhaineann le roinnt saincheisteanna a bhreithniú lena n-áirítear an tábhacht a bhaineann le tuairimí agus aiseolas a lorg ó leanaí agus ó dhaoine óga sa réimse seo. Threisigh sé an gá atá le caoinfhulaingt laghdaithe agus feasacht mhéadaithe ar an mbulaíocht. Dúirt sé go mbraitheann leanaí agus daoine óga go bhfuil gá le níos mó smachta maidir le ceisteanna bulaíochta a chomhrac. Leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé sonraí dí-chomhbhailithe anaithnide a bhailiú ar bhonn bliantúil chun léargas a fháil ar líon agus ar chineál na n-eachtraí bulaíochta a tharlaíonn i scoileanna agus chun na bearta a glacadh chun na teagmhais seo a réiteach agus cabhrú le hiad a mhaolú agus a chinntiú nach dtarlóidís arís a aithint. Dhírigh sé aird ar an tábhacht a bhaineann le sainmhíniú soiléir ar an mbulaíocht, ionas gur féidir le scoileanna bulaíocht a idirdhealú ó chineálacha eile iompair. Threisigh sé an tábhacht a bhaineann le comhsheasmhacht nuair a bhítear ag déileáil le heachtraí tromchúiseacha bulaíochta agus d'iarr sé go mbeadh tacaíocht theiripeach ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga a ndearnadh bulaíocht orthu agus a léiríonn iompar bulaíochta. Labhair sé faoin tábhacht a bhaineann le hoiliúint agus uasoiliúint a chur ar fhoireann uile na scoile agus ar bhoird bhainistíochta agus an gá atá le soláthar tacaíochtaí agus acmhainní leordhóthanacha ag leibhéal na meánbhainistíochta.

Thagraigh láithreoirí don ghá atá le tacaíocht a sholáthar do dhaltaí a ndéantar bulaíocht orthu agus a léiríonn iompar bulaíochta freisin. Dhírigh siad aird freisin ar ról na ngníomhaireachtaí eile a bhfuil cúram orthu sa réimse seo lena n-áirítear iad siúd a thacaíonn le meabhairshláinte agus folláine leanaí, iad siúd atá i mbun taighde sa réimse seo, iad siúd a chuireann tacaíocht leasa oideachais bhreise ar fáil agus a chabhraíonn nuair a bhíonn an bhulaíocht ina ábhar imní ó thaobh cosaint leanaí.



### *Dr Philip Dodd, An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc agus Dr Eamon Raji, CAMHS*

Thug an Dochtúir Philip Dodd, Síciatraí Comhairleach/Ollamh Cliniciúil agus Comhairleoir Cliniciúil san Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc (ONFC) agus an Dochtúir Eamon Raji, Síciatraí Comhairleach Leanaí agus Ógánach leis an tSeirbhís Mheabhairshláinte Leanaí agus Ógánach (CAMHS) CHO2 (Gaillimh agus Ros Comáin) cur i láthair. Sholáthraigh an Dr Dodd cúlra ar dhá straitéis meabhairshláinte atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair, is iad sin an clár *Connecting For Life*, Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú 2015-2024[5], agus an clár *Ag Roinnt na Físe: Polasaí Náisiúnta um Shláinte Mheabhrach do chách*[6]. Chuir sé eolas ar fáil ar chúlra na straitéisí agus na bpríomhphíosaí faisnéise lena n-áirítear an treocht atá ag ardú i leith féindochair i measc ban óga idir 15-19 mbliana d'aois agus an treocht chéanna i measc na bhfear óg. Mhínigh sé go bhfuil an clár *Connecting for Life* bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta a chuimsíonn cur chuige gníomhaireachta ilchineálach córais-uile toisc gur minic go mbíonn na saincheisteanna seo casta. Luaigh sé go mbíonn rátaí níos airde féindochair ag daoine óga a ndéantar bulaíocht orthu ná mar a bhíonn acu siúd nach ndéantar bulaíocht orthu agus dúirt sé go mbíonn sé seo níos airde i measc daoine óga a léiríonn iompar bulaíochta, ach mhínigh sé nach mbíonn cúis agus éifeacht shoiléir idir bulaíocht agus féindochar agus go bhféadfadh neamhoird imní tinneas dúlagair agus coinbhleacht tuismitheora é seo a chur as riocht.

Thug an Dochtúir Eamon Raji, breac-chuntas ar CAHMS, an tseirbhís meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine óga, , agus ar an tionchar a bhíonn ag bulaíocht ar roinnt de na leanaí a mbíonn leas á bhaint acu as an tseirbhís seo. Leag sé béim ar an tábhacht a bhaineann le hidirghabhálacha sóisialta i gcóireáil na síciatrachta le fócas ar shamhail bith-sícea-sóisialta lena n-áirítear idirghabhálacha ar nós teiripe chognaíoch iompraíochta agus tairbhe tacaíochta scoile agus teaghlaigh araon.

### *Jean Rafter, Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla*

Thug Jean Rafter, Bainisteoir Réigiúnach le Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT), cur i láthair inar leagadh amach na seirbhísí a sholáthraíonn STOT maidir le Teagmháil Baile, Scoile agus an Phobail (TBSP), an Clár Críochnaithe Scoile (SCP) i scoileanna atá mar chuid den chlár Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna (DEIS), an tSeirbhís Leasa Oideachais (SLO) agus dhírigh sí aird ar an ról agus ar na tacaíochtaí a sholáthraíonn gach ceann de na seirbhísí seo. Dúirt sí go dtugann Oifigigh Leasa Oideachais faoi deara go minic go mbíonn an bhulaíocht mar thoisc do leanaí agus do dhaoine óga atá ag tarraingt siar ón scoil agus luaigh sí na hiarmhairtí dochracha do leanaí nach bhfuil fonn orthu filleadh ar an scoil má tá siad amuigh as an scoil cheana féin mar gheall ar bhulaíocht. Tharraing sí aird freisin ar cheist na leanaí sin atá á gcur ar fionraí nó á ndíbirt as scoileanna mar thoradh ar ghníomh díoltais tar éis eachtra iompair bhulaíochta orthu. Dúirt sí go bhfeiceann an SLO leanaí a bhfuil imní orthu, leanaí le Neamhord ar Speictream an Uathachais (NSU), nó leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu go háirithe iad siúd atá ag éirí as an scoil mar thoradh ar bhulaíocht agus go mbíonn áiteanna in Ógtheagmháil nó suíomhanna oideachais eile ar nós iScoil á éileamh ag roinnt de na leanaí seo. Chuir sí in iúl go bhfuil oideachais baile iScoil á chur ar fáil faoi láthair do thuairim is 100 leanbh idir 13-16 bliana d'aois atá as láthair ón scoil le 6 mhí ar a laghad. Bíonn an bhulaíocht go minic ar cheann de na fáthanna nach mbíonn na daoine seo ar scoil. Ghríosaigh sí an Coiste Stiúrtha chun dul i dteagmháil le

[5] https://www.gov.ie/en/publication/7dfe4c-connecting-for-life-irelands-national-strategy-to-reduce-suicide-201/

[6] https://www.gov.ie/en/publication/2e46f-sharing-the-vision-a-mental-health-policy-for-everyone/



leanaí agus le daoine óga i suíomhanna eile scoile chun a dtaithí ar an mbulaíocht mar thoisc fágála na scoile a chloisteáil.

Is féidir le nádúr téaltaitheach agus casta na bulaíochta a bheith ar cheann de na cúiseanna a bhaineann le torthaí díobhálacha meabhairshláinte (Evans C.B.R. et al., 2019). D'fhéadfadh tionchar na bulaíochta a bheith suntasach agus fadtéarmach mar a léiríodh sa chur i láthair a thug Jean Rafter faoi choinneáil scoile, agus freisin maidir le torthaí meabhairshláinte. Is féidir breathnú ar an mbulaíocht freisin mar speictream iompair mhíchuí a tharlaíonn d'aon ghnó agus a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh agus ábhair imní a ardú maidir le leas agus sábháilteacht linbh nó duine óig. Tá sé tábhachtach mar sin gur féidir le soláthraithe oideachais agus baill de phobal na scoile tuiscint a fháil ar an uair a bheidh an bhulaíocht ina ábhar imní maidir le cosaint leanaí.

### *Charney Weitzman agus Maureen Crowley, Oifigigh Faisnéise agus Comhairle Tús Áite do Leanaí do TUSLA*

Thug Charney Weitzman le fios go bhfuil tosca éagsúla le cur san áireamh nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le hábhair imní faoi chumhdach leanaí agus gur cheart tuairisc a chur chuig Tusla, lena n-áirítear an tionchar ar an leanbh/leanaí, an tacaíocht atá ar fáil ó thuismitheoirí agus na leibhéil rannpháirtíochta nó idirghabhála ón scoil agus ó sheirbhísí seachtracha (m.sh. SNSO, STOT, CAMH, srl.). Chomhairligh sé gur cheart do scoileanna, agus cinneadh á dhéanamh acu ar cheart tuairisc a thabhairt do Tusla, a mheas an bhfuil cásanna tromchúiseacha bulaíochta ina n-ábhar imní freisin maidir le cosaint leanaí faoin Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí (forais réasúnacha imní) nó faoin Acht um Thús Áite do Leanaí ('dochar').

Luaigh Charney go léiríonn taighde leibhéal ard foréigean ó dhlúth-chomhpháirtithe i gcaidrimh na ndéagóirí. Thug sé faoi deara freisin go bhféadfadh leibhéil arda anacair tarlú mar thoradh ar dhlúth íomhánna a chomhroinnt go míchuí agus gur cheart do scoileanna na gnéithe coiriúla a bhaineann le comhroinnt na n-íomhánna pearsanta a mheas (lena n-áirítear mar a bhaineann siad le 'pornagrafaíocht leanaí' agus freagrachtaí faoin reachtaíocht um Cheartas Coiriúil a Shiarchoinneáil). Maidir le sábháilteacht ar líne, rinne Charney tagairt don aguisín le Tús Áite do Leanaí, a bhaineann go sonrach le sábháilteacht ar líne. Cuireadh an aguisín seo ar fáil chun leochaileacht mhéadaithe leanaí sa domhan ar líne a aithint. I measc na leochaileachtaí breise i leith na bulaíochta d'fhéadfadh eitneachas, cine, ballraíocht an phobail LADTAI+ nó leanbh nó duine óg atá faoi mhíchumas a bheith san áireamh.

Tá tairseacha i bhfeidhm chun ábhair imní a thuairisciú do Tusla, lena n-áirítear forais réasúnacha imní (Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí), agus 'dochar' (an tairseach le haghaidh tuarascálacha sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015). Mhol Charney gur cheart do scoileanna agus do thuismitheoirí an próiseas 'comhairliúcháin neamhfhoirmiúil' a úsáid, nuair nach bhfuil duine cinnte ar cheart teagmhas a thuairisciú do Tusla. Phléigh Charney freisin cur chuige náisiúnta Tusla i leith cleachtais, Comharthaí Sábháilteachta, a dhíríonn ar dhochar reatha agus riosca díobhála a mheas, agus a dhíríonn ar oibriú i dtreo sábháilteacht a chruthú don leanbh. Thug sé breac-chuntas ar bhealaí freagartha Tusla agus ar na treoanna éagsúla ar féidir le tuarascáil gluaiseacht chun cinn tar éis scagthástála tosaigh.

## Daoine Aonair a bhfuil Spéis acu sa Réimse

### *Emer O'Neill, Gníomhaí Frithchiníochais*

Ag an gcúigiú cruinniú den Choiste, rinne Emer O'Neill, gníomhaí Frithchiníochais, cur i láthair. D'oibrigh Emer le comhghleacaí chun polasaí tiomnaithe frithchiníochais a fhorbairt do scoileanna agus thug sí le fios gur gá do scoileanna polasaí frithchiníochais ar leith a bheith acu. Phléigh Emer a taithí ar an gciníochas agus í ag fás aníos in Éirinn. Maidir leis an bplean gníomhaíochta agus na nósanna imeachta, leag Emer béim ar an ngá atá le tagairtí don bhulaíocht chiníoch a chur san áireamh. Tharraing sí aird ar an ngá atá le sonraí ar eachtraí bulaíochta ionas go mbíonn eolas ar mhéid agus ar chineál na bulaíochta atá ag tarlú agus gur féidir leis seo bonn eolais a chruthú do pholasaí todhchaí. Rinne sí tagairt d'obair an ghrúpa a freisin go gcuirfí oideachas agus oiliúint ar fáil d'fhoirne scoile faoi fhrithchiníochas agus threisigh sí an gá atá le hoiliúint ar chlaonadh neamh-chomhfhiosach. Rinne sí tagairt d'obair an ghrúpa a bhí ag forbairt an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais. D'iarr sí freisin go gcuirfí oideachas agus oiliúint ar fáil d'fhoirne scoile sa fhrithchiníochas agus ar an ngá atá le hoiliúint ar chlaonadh neamh-chomhfhiosach.

### *Chloe Heaslip, Gníomhaí Frithchiníochais*

Ag an séú cruinniú labhair Chloe Heaslip, múinteoir faoi oiliúint agus Gníomhaí Frithbhulaíochta, faoi eispéireas a muintire ar bhás a deartháir Eden, i gcúinsí tragóideacha tar éis na bulaíochta. Bhreithnigh Chloe *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* i bhfianaise a taithí féin mar mhúinteoir faoi oiliúint agus mhol sí roinnt breithnithe sa phlean gníomhaíochta nua. Ina measc bhí: athbhreithniú ar an oiliúint reatha a chuirtear ar fáil ag leibhéal oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) ionas go mbeidh ar chumas múinteoirí nua déileáil le heachtraí bulaíochta; athbhreithniú ar pholasaithe scoile i rith na scoilbhliana chun a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don chleachtadh; go mbeadh ar scoileanna gach eachtra bulaíochta a thaifeadadh, lena n-áirítear an chúis a spreag eachtra bulaíochta, an cineál bulaíochta agus an chaoi inar déileáladh léi. Luaigh sí gur féidir le daltaí a fhulaingíonn bulaíocht cinneadh a dhéanamh an scoil a fhágáil agus go bhfuil sé tábhachtach eolas a fháil ar na fáthanna go bhfágann daltaí an scoil go luath. Leag sí béim ar thábhacht na comhairleoireachta i scoileanna do dhaltaí a fhulaingíonn bulaíocht, agus leag sí béim ar an tairbhe a bhaineann le bearta coisctheacha chun an bhulaíocht a stop ar an gcéad dul síos. Phléigh sí an sainmhíniú atá ann faoi láthair agus luaigh sí an tábhacht a bhaineann le tuiscint na scoile ar an sainmhíniú.

## Samhlacha Dea-Chleachtais

### *Laura Maher, Príomhoide, Pobalscoil Náisiúnta Choilm*

Rinne dhá scoil cuir i láthair don Choiste Stiúrtha chun breac-chuntas a thabhairt ar a n-eispéiris maidir le cur chun cinn na folláine, caidrimh láidre a chothú laistigh de phobal na scoile agus an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac. Mhínigh Laura Maher ó Phobalscoil Náisiúnta Choilm gur céim thábhachtach maidir le cultúr dearfach scoile a bhí i bhforbairt a n-éiteas. Mhínigh Laura mar a d'úsáid siad cur chuige scoile uile chun dul i ngleic le ciníochas. Tá cur chuige idirnasctha traschuraclaim acu agus an t-ábhar comhtháite sna ceachtanna ag leibhéal a oireann dá n-aois. Tá cairt chomhionannais agus éagsúlachta ag an scoil a úsáideann teanga shimplí intuigthe chun teachtaireachtaí dearfacha a chothú agus tá taispeántais ar fud na scoile chun cineáltas agus meas a chothú. Cinntíonn an scoil rannpháirtíocht tuismitheoirí trí laethanta pobail a óstáil agus trí cheiliúrtha ilchultúrtha a eagrú. Tá comhairle daltaí ag an scoil a dhéanann ionadaíocht ar chultúir éagsúla na scoile agus a chuimsíonn leanaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu. Dhírigh sí aird ar roinnt de na príomhchláir agus de na tionscnaimh atá curtha i bhfeidhm ag an scoil lena n-áirítear Tabhair an Cárta Dearg don Chiníochas agus Clár an Bhrait Bhuí[7]. Thug sí suntas freisin don úsáid a bhaineann an scoil as litearthacht agus leabhair a bhfuil fáil go héasca ag daltaí orthu agus atá aois-oiriúnach chun meas a chothú tríd an litearthacht, ag cur scéalta ar fáil do dhaltaí ar raon ábhar lena n-áirítear éagsúlacht reiligiúnach agus éagsúlacht teaghlaigh.

### *Dave Hayes agus Nicola Garvey, Pobalscoil Mhullach Íde*

Ionann agus Scoil Choilm, i bPobalscoil Mhullach Íde (MCS) bíonn luach ard ar chaidrimh a fhorbairt idir baill uile phobal na scoile. Rinne Dave Hayes agus Nicola Garvey ó MCS cur i láthair don Choiste faoina straitéisí dearfacha a bhí acu chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac. Bíonn béim ag an scoil ar léirithe infheicthe de luachanna agus de phrionsabail phobal na scoile agus bíonn siad seo fite fuaite i ngach gné de shaol na scoile. Cuimsíonn sé seo freisin cumarsáid le tuismitheoirí agus a struchtúir tréadchúraim. Leag siad béim ar an ról ollmhór atá ag Cumann na dTuismitheoirí ina leith seo. Ba léir dóibh go bhfuil ceangal idir folláine agus frithbhulaíocht. Threisigh Nicola a thábhachtaí atá sé go mothaíonn daltaí sábháilte agus gur eol dóibh go dtabharfar aghaidh ar iompar bulaíochta. Luaigh sí a thábhachtaí atá sé córas maith tuairiscithe a bheith ann ionas go dtuigeann gach duine nach nglactar le bulaíocht. Thug sí suntas freisin don tairbhe a bhaineann le tacaíochtaí seachtracha ar nós SNSO, chun comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna faoin gcaoi le heachtraí tromchúiseacha bulaíochta a láimhseáil. Dhírigh siad aird freisin ar ról na meán sóisialta maidir le briseadh caidrimh agus gur gá do chomhlachtaí meán sóisialta a bheith cuntasach lena n-áirítear monatóireacht mhéadaithe agus ábhar míchuí a bhaint.

[7] https://www.yellowflag.ie

## Príomhthorthaí agus gníomhartha molta

Chruthaigh cruinnithe 8 – 11 deis do na scríbhneoirí tuarascála a bhí freagrach as an fhaisnéis a thiomsú ó na ceithre phríomhshnáithe comhairliúcháin - an comhairliúchán le leanaí agus daoine óga; na fócasghrúpaí foirne scoile; an suirbhé comhairliúcháin phoiblí ar líne; agus an t-iarratas ar aighneachtaí scríofa ón bpobal - na príomhléargais a fuarthas ó eispéiris, tuairimí agus aiseolas rannpháirtithe le linn an phróisis chomhairliúcháin a chur i láthair. Tá grinnléargas tugtha ar phríomhthorthaí na dtuairiscí seo i gCaibidil 5 agus tá gach tuairisc chomhairliúcháin ar fáil ar líne [8].

Le linn Chruinniú 10, cruinniú leathdheireanach an Choiste Stiúrtha, díríodh ar na príomhthorthaí ó láithreoireachtaí, ón taighde agus ó chomhairliúcháin a bhreithniú mar aon leis na gníomhartha is gá chun aird a thabhairt ar na torthaí. Rinneadh na torthaí agus na gníomhartha molta araon a mhapáil ar na ceithre phríomhréimse de chur chun cinn na folláine mar atá leagtha amach i *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* (Rialtas na hÉireann 2019b). Is iad sin Cultúr agus Timpeallacht, Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí, Curaclam (Teagasc agus Foghlaim) agus Polasaí agus Pleanáil.

Sa réimse *Cultúr agus Timpeallacht*, chuimsigh na torthaí an gá atá le ham agus acmhainní, le cur chuige phobal na scoile uile i leith na frithbhulaíochta agus an chuimsithe, rochtain ar áiteanna sábháilte laistigh den scoil agus an bhulaíocht a chosc in ionad freagairt di.

Maidir le *Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí*, i measc na dtorthaí faoin ábhar seo tá rannpháirtíocht bhríoch leanaí agus daoine óga, éagsúlacht i gcomhairlí daltaí agus i bhfoirne scoile, neamhfhulaingt don bhulaíocht agus an tábhacht a bhaineann le duine fásta iontaofa ó thaobh teagmhais bhulaíochta a nochtadh.

Sa réimse *Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)* i measc na bpríomhthorthaí tá muinín agus scileanna múinteoirí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an mbulaíocht, tábhacht na gclár frithbhulaíochta ar nós FUSE, cigireachtaí dírithe ar chultúr na scoile agus ar fholláine agus fócas méadaithe ar chuimsiú, frithchiníochas. agus éagsúlacht in Oideachas Tosaigh Múinteoirí, Oideachas Múinteoirí Nuacháilithe agus san fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

Maidir le *Polasaí agus Pleanáil* i measc na bpríomhthorthaí tá an tábhacht a bhaineann le Coimisinéir um Shábháilteacht Ar Líne, sonraí dí-chomhbhailithe ar an mbulaíocht mar bhonn eolais do pholasaithe, measúnú riosca bliantúil ag leibhéal na scoile agus tuiscint a bheith ag pobal uile na scoile ar a róil agus a bhfreagrachtaí.

Ag cruinniú deiridh an Choiste Stiúrtha rinneadh an dréachtphlean gníomhaíochta agus an sainmhíniú nuashonraithe a athbhreithniú agus a mhionphlé. Thug an Coiste Stiúrtha aiseolas ar na gníomhartha molta agus gealladh aon aiseolas breise a sholáthar i scríbhinn.

[8] https://www.gov.ie/en/publication/52aaf-cinealtas-action-plan-on-bullying/

## Achoimre

Níl léargas iomlán ar an eolas a cuireadh faoi bhráid chruinnithe an Choiste Stiúrtha sna gearrchuntais ar na cuir i láthair atá sa chaibidil seo agus ní chuimsítear iontu an plé a tharla idir láithreoirí agus comhaltaí an Choiste Stiúrtha. Is féidir teacht air sin i miontuairiscí gach cruinniú den Choiste Stiúrtha atá le fáil ar láithreán gréasáin gov.ie ag https://www.gov.ie/en/organisation-information/53ee6-steering-committee-to-review-the-action-plan-on-bullying/.

Tá an Coiste Stiúrtha go mór faoi chomaoin as méid ama, as an bhfuinneamh, as an t-eolas agus as an saineolas a chuir na láithreoirí ar fad ar fáil le linn a gcur i láthair a chuidíonn le bonn eolais a sholáthar d'obair an Choiste Stiúrtha.

Déantar cur síos i gCaibidil 5 ar thorthaí na bpríomhshnáitheanna comhairliúcháin eile lena n-áirítear an comhairliúchán le leanaí agus daoine óga, grúpaí fócais na bhfoirne scoile, an suirbhé comhairliúcháin phoiblí ar líne agus an t-iarratas ar aighneachtaí scríofa ón bpobal.



# 5 | Consultation Process for Review of the Action Plan on Bullying 2013



# Caibidil 5: Próiseas Comhairliúcháin don Athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013

Tharla próiseas comhairliúcháin fadréimseach lena chinntiú go gcuirtfí san áireamh tuairimí na bpáirtithe leasmhara iomadúla sa phróiseas tábhachtach seo. Bhí rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga, tuismitheoirí agus foireann na scoile lárnach san athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013.




Rinneadh os cionn **50** cur i láthair don Choiste Stiúrtha



Fuarthas os cionn **4,600** freagra ar an suirbhé comhairliúcháin phoiblí ar líne



Fuarthas **78** aighneacht ar an iarratas ar aighneachtaí ón bpobal



Ghlac **41** ball foirne scoile agus ball de bhoird bhainistíochta páirt i bhfócasghrúpaí scoile



Chuathas i gcomhairle le **170** leanbh agus duine óg lena n-áirítear leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, leanaí den Lucht Siúil agus leanaí Romach, leanaí ón Úcráin agus leanaí sa chóras cosanta idirnáisiúnta.

## Cuir i láthair don Choiste Stiúrtha

Rinne páirtithe leasmhara os cionn 50 cur i láthair don Choiste Stiúrtha. Ina measc bhí cur i láthair ó thaighdeoir frithbhulaíochta iomráiteach idirnáisiúnta, an tOllamh Peter K. Smith, taighdeoirí ón Ionad Frithbhulaíochta, ón gComhaontas Frithbhulaíochta sa RA, Roinn na Cigireachta Oideachais sa RA, an tOmbudsman do Leanaí, Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann, Barnardos, Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (CÉCL), an Chomhghuallaíocht um Chearta Leanaí, an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc, Tusla agus comhlachtaí meáin shóisialta i meas comhlachtaí eile.

Iarradh ar na láithreoirí go léir machnamh a dhéanamh ar Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013 agus a dtuairimí a léiriú ar nithe a raibh ag éirí go maith leo agus nithe a bhí in easnamh nó ar ghá iad a fheabhsú. D'éirigh leis an gCoiste Stiúrtha an-tairbhe a bhaint as an rannpháirtíocht sin. I gCaibidil 4 tá forléargas ar na cuir i láthair mar aon le sonraí breise ó mhiontuairiscí chruinnithe ábhartha an Choiste Stiúrtha. In Aguisín 2 tá liosta iomlán na láithreoirí don Choiste Stiúrtha.

Bhí an tAire Foley, leanaí, daoine óga, tuismitheoirí agus baill foirne scoile i láthair ag cruinniú an Choiste Stiúrtha ar an 24 Bealtaine 2022. Rinneadh na daoine a bhí i láthair a dháileadh ar bhoird ar a raibh comhaltaí an Choiste Stiúrtha, leanaí agus daoine óga, tuismitheoirí agus baill foirne scoile. Iarradh ar gach grúpa páirt a ghlacadh i ngníomhaíochta mata boird chun plé a dhéanamh ar 'Cad atá á dhéanamh chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac?', 'Cad iad na nithe a bhfuil ag éirí go maith leo?' agus 'Cad eile is gá dúinn a dhéanamh?'. Tá tuilleadh sonraí faoin rannpháirtíocht ar fáil i miontuairiscí an chruinnithe seo.



## Fócasghrúpaí le leanaí agus daoine óga

D'oibrigh an Roinn Oideachais le hOifig Náisiúnta Rannpháirtíochta na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) chun socrú a dhéanamh do dhá lá comhairliúcháin le leanaí agus daoine óga. Ar 11 Bealtaine 2022 tionóladh fócasghrúpa le 48 leanbh ó dhá bhunscoil déag ar fud na tíre ag an Miesian Plaza. D'fhreastail an tAire Foley ar an gcomhairliúchán seo. Ceann de na ceisteanna a cuireadh ar na leanaí ná cad ba cheart don Aire a dhéanamh chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac, dar leo. Chaith an tAire Foley roinnt mhór ama ag plé réimse na frithbhulaíochta leis na leanaí agus na rudaí a chuidíonn le bulaíocht a chosc agus a stop i scoileanna. Roinn beirt leanaí a dtaithí ar an mbulaíocht agus rinne siad cur síos ar an gcaoi inar mhothaigh siad dofheicthe dá bharr. Chruthaigh sé seo spreagadh tábhachtach do phlé spéisiúil idir an tAire agus na leanaí faoi chineálacha bulaíochta agus eisiaimh a raibh cur amach acu orthu, faoin tábhacht a bhaineann le hinsint do dhuine nuair a tharlaíonn bulaíocht agus faoi bhealaí ina bhféadfadh na leanaí, dar leo, bheith mar chara do dhaoine eile ar scoil. D'fhoghlaim na leanaí faoi obair an Aire maidir lena chinntiú gur áiteanna foghlama sábháilte, sonasacha iad na scoileanna go léir agus an chaoi ina raibh na leanaí ag cabhrú leis an Aire a leithéid a bhaint amach.

Ar 12 Bealtaine 2022, tionóladh an dara fócasghrúpa ag Miesian Plaza le scoláirí iar-bhunscoile a d'ainmnigh iad féin le bheith i láthair tar éis cuireadh ríomhphoist a fháil ón gComhordaitheoir Rannpháirtíochta ag RLCMLÓ chuig gach grúpa de Chomhairle na nÓg ar fud na tíre agus chuig raon eagraíochtaí óige. Chuir caoga scoláire iar-bhunscoile ó Chomhairle na nÓg, BeLonGTo, Obair Óige na hÉireann, Foróige agus Gasóga i measc grúpaí eile ar fud na tíre iad féin ar fáil le bheith i láthair mar thoradh ar an gcuireadh ríomhphoist inar tugadh breac-chuntas ar chuspóir an chomhairliúcháin.

I mí Iúil 2022, d'eagraigh agus d'éascaigh an Roinn Oideachais ceithre chomhairliúchán leathlae breise ina raibh leanaí agus daoine óga ag freastal ar chláir samhraidh i ranganna speisialta, i scoileanna speisialta, agus in ionad cláir STAR a sholáthraíonn do leanaí agus daoine óga den Lucht Siúil agus na Romach. Tugadh éisteacht freisin sna comhairliúcháin seo do leanaí agus do dhaoine óga sa chóras cosanta idirnáisiúnta, ón Úcráin (iad ag teitheadh ón gcogadh). Ghlac 73 leanbh agus duine óg san iomlán páirt sna comhairliúcháin seo. Ina theannta sin, chomhlánaigh roinnt scoláirí a bhí ag freastal ar iScoil[9] ceistneoir ar líne.

Bhain rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí seo le cineálacha éagsúla scoileanna lena n-áirítear scoileanna príomhshrutha, speisialta, uirbeacha, tuaithe agus scoileanna a bhí páirteach sa chlár Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna (DEIS).

---

[9] Is seirbhís aitheanta, neamhbhrabúis, foghlama chumaisc é iScoil atá deartha do dhaoine óga (13-16 bliana d'aois) atá tar éis tarraingt siar ón oideachas príomhshrutha ar chúiseanna éagsúla. Cruthaíonn iScoil bealach eile foghlama do na daoine óga seo óna dtagann creidiúnú CCÉ le deiseanna rochtana ar bhreisoideachas, oiliúint agus fostaíocht. Bíonn iScoil i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí áitiúla éagsúla agus le heagraíochtaí óige chun raon deiseanna foghlama a sholáthar; bíonn cuid den fhoghlaim ar líne, cuid eile duine le duine agus cuid eile mar fhoghlaim chumaisc idir ar líne agus duine le duine. Is iad Oifigigh Leasa Oideachais sa tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT) a dhéanann gach atreorú chuig iScoil.

## Modheolaíocht

Rinne an Grúpa Comhairleach Óige (GCÓ) na modheolaíochtaí do na laethanta comhairliúcháin a thriail agus a fhaomhadh agus rinne foireann an GCÓ, a bhí mórán ar chomhaois leis na rannpháirtithe, an comhairliúchán leis na daoine óga a chomhéascú.

Baineadh úsáid as modheolaíocht chreat rannpháirtíochta Lundy lena chinntiú go raibh guthanna na leanaí agus na ndaoine óga cumasaithe agus go raibh meas orthu i rith an ama. Cruthaíodh atmaisféar an-suáilceach agus timpeallacht shábháilte do na leanaí agus daoine óga chun a dtuairimí agus a ndearcthaí a chur in iúl.

Ghlac na leanaí agus na daoine óga páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla a bhí dírithe go mór ar smaointeoireacht chruthaitheach na leanaí agus na ndaoine óga, ag tosú lena saol, a n-eispéiris, agus a láidreachtaí.

D'fhéadfadh na rannpháirtithe freagairt i bhfocail (na comhchainteanna) nó scríobh nó tarraingt ar na póstaeir agus na míreanna mearaí grafach-dheartha éagsúla. Dearadh na teimpléid póstaer éagsúla go cúramach chun na leanaí agus na daoine óga a ghríosadh. Tharla roinnt gníomhaíochtaí ina n-aonar agus roinnt eile mar ghníomhaíocht grúpa/bord iomláin. Bhí sé de rogha ag na leanaí agus na daoine óga gan labhairt ar an topaic ach bheith ina mbreathnóirí ar an bplé.

I ngeall ar íogaireachtaí agus leochaileachtaí a bhaineann le bulaíocht agus a tionchar, d'fhreastail síceolaithe de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) ar na laethanta comhairliúcháin go léir má bhí cúnamh de dhíth ar leanbh nó ar dhuine óg.



## Príomhthorthaí

D'eascair aon cheann déag de thorthaí ó na sonraí a bailíodh le linn an chomhairliúcháin. Tá na torthaí leagtha amach faoi na ceithre phríomhréimse do chur chun cinn na folláine mar atá leagtha amach i *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* na Roinne (Rialtas na hÉireann 2019b):

> Cultúr agus Timpeallacht

> Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí

> Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)

> Polasaí & Pleanáil

### *Cultúr agus Timpeallacht*

**Toradh 1: Atmaisféar na Scoile:** Nuair a mhothaigh leanaí agus daoine óga go raibh a múinteoirí ag éisteacht leo agus go raibh meas acu orthu, chuidigh sé seo mothúcháin eisiamh agus leithlis a chosc.

**Toradh 2: Ceannaireacht:** Tá sé de chumhacht ag ceannaireacht scoile rudaí a dhéanamh níos fearr agus níos cothroime do gach dalta.

**Toradh 3: Foirgnimh agus Fearann na Scoile: Áiteanna Sábháilte:** Is mian le gach leanbh agus duine óg áiteanna sábháilte, ciúine a bheith ar fáil dóibh ar scoil.

**Toradh 4: Tacaíochtaí:** Tá tacaíochtaí éagsúla de dhíth ar gach leanbh agus duine óg chun cabhrú leo déileáil leis an mbulaíocht.

### *Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí*

**Toradh 5: Gréasán Caidrimh (Scoil-i-bPobal):** Is mian le leanaí agus daoine léirithe measa agus muiníne a fheiceáil agus a mhothú, agus is mian leo go mbeadh iontaoibh astu agus go gcaithfí go cothrom leo ar scoil. Bíonn luach acu ar chaidrimh scoile-pobail.

**Toradh 6: Duine Fásta Iontaofa: Aghaidheanna Sábháilte:** Ní mór duine fásta iontaofa amháin ar a laghad a bheith ar fáil do gach leanbh agus gach duine óg ar scoil. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an múinteoir ranga do leanaí bunscoile agus leis an gcomhairleoir gairmthreorach do scoláirí iar-bhunscoile. Tá príobháideacht agus rúndacht an-tábhachtach do gach leanbh agus do gach duine óg.

**Toradh 7: Comhairle na nDaltaí:** Teastaíonn ó leanaí agus ó dhaoine óga go mbeadh obair bhríoch le déanamh acu ar Chomhairle na nDaltaí atá ionadaíoch ar gach dalta. Féachann siad ar Chomhairle na nDaltaí mar fhóram tábhachtach chun oibriú ar pholasaithe scoile agus chun a dtuairimí a chur in iúl ar nithe a théann i bhfeidhm go díreach orthu sa scoil. Is spás maith é seo don éisteacht.

**Toradh 8: Cumarsáid agus Teanga:** Ní mian le leanaí agus daoine óga (a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu) gur orthu siúd amháin a bheidh an fhreagracht mar aistreoirí teanga agus mar mheán cumarsáide do theagasc curaclaim i scoileanna. Ní mhothaíonn siad ach an oiread go bhfuil sé cóir ná cothrom go mbeifí ag súil lena leithéid uathu.




### *Curaclam (Teagasc & Foghlaim)*

**Toradh 9: Ábhair agus Cláir:** Ní mór don teagasc agus don churaclam a bheith ag teacht le fíorshaol na ndaltaí agus a chinntiú go múintear do dhaltaí faoi bhulaíocht a bhaineann le gnéaschiapadh, bulaíocht féiniúlachta, cibearbhulaíocht, agus ciníochas.

**Toradh 10: Oideachas múinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach:** Molann leanaí agus daoine óga gur cheart go mbeadh modúil ar ghnéaschiapadh, cibearbhulaíocht, bulaíocht féiniúlachta, homafóibe, feasacht mheabhairshláinte agus feasacht chultúrtha san áireamh in oideachas tosaigh múinteoirí agus san fhorbairt ghairmiúil leanúnach do gach múinteoir (bunscoil agus iar-bhunscoil) agus do CRSanna. Ba chóir an tsíceolaíocht faoin gcaoi a fhoghlaimíonn daoine óga a chur san áireamh do chách.

### *Polasaí & Pleanáil*

**Toradh 11: Forbairt agus scaipeadh polasaí:** Is mian le leanaí agus daoine óga go mbeadh guth bríoch agus aitheanta acu i bhforbairt polasaí scoile. Is mian leo go dtabharfadh pobal na scoile faoi deara na naisc idir an polasaí agus nósanna imeachta frithbhulaíochta agus polasaithe eile na scoile a bhaineann go díreach le frithbhulaíocht (m.sh. Cód Iompair, Ráiteas um Chosaint Leanaí, Polasaí um Úsáid Inghlactha (Teicneolaíochtaí Digiteacha), Polasaí Folláine, Polasaí OCG/OSPS) agus fís, misean agus an Cód Cleachtais Ghairmiúil do Mhúinteoirí. Iarradh go mbeadh na polasaithe soiléir agus ar fáil go poiblí.

Tá an tuarascáil ar na comhairliúcháin le leanaí agus daoine óga ar fáil ag gov.ie - Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht (www.gov.ie)

## Fócasghrúpaí le Foirne Scoile

### Rannpháirtithe

Ghlac 27 ball foirne bunscoile agus ball bord bainistíochta páirt i bhfócasghrúpa ar líne ar 8 Meitheamh 2022. Ghlac 14 ball foirne iar-bhunscoile agus ball bord bainistíochta páirt i bhfocasghrúpa ar líne ar 1 Meitheamh 2022. Bhí sé mar chuspóir ag na fócasghrúpaí a chinntiú go raibh éisteacht faighte sa phróiseas comhairliúcháin ag comhaltaí ár bpobail scoileanna lena n-áirítear múinteoirí, príomhoidí, cathaoirligh agus baill eile de bhoird bhainistíochta, cúntóirí riachtanais speisialta (CRSanna), rúnaithe scoile, feighlithe agus foirne tacaíochta coimhdeacha eile.

### Modheolaíocht

D'éascaigh an Roinn na fócasghrúpaí seo agus mhair gach ceann acu 90 nóiméad.

Iarradh ar rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar dhá phríomhcheist:

> Conas a dhéantar an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac i do scoil?

> Cad iad na tacaíochtaí atá ag teastáil uait féin agus/nó ón scoil chun é seo a dhéanamh ar bhealach níos fearr?

### Príomhthorthaí


D'eascair cúig cinn is fiche de thorthaí ó na sonraí a bailíodh le linn an chomhairliúcháin. Tá na torthaí leagtha amach faoi na ceithre phríomhréimse do chur chun cinn na folláine mar atá leagtha amach i *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* na Roinne:

> Cultúr agus Timpeallacht

> Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí

> Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)

> Polasaí & Pleanáil



### *Cultúr agus Timpeallacht*

**Toradh 1: Cultúr scoile dearfach agus cuimsitheach a chruthú:** Chun an bhulaíocht a chosc bhí rannpháirtithe den tuairim go raibh sé ríthábhachtach cultúr scoile a chruthú ina raibh cuimsiú, cineáltas agus meas ar chách lárnach.

**Toradh 2: Cur chuige scoile uile i leith na cuimsitheachta agus na frithbhulaíochta:** Chreid rannpháirtithe go bhféadfaí é seo a bhaint amach má oiltear pobal uile na scoile ar chroíluachanna agus ar ionchais na scoile.

**Toradh 3: Cultúr muiníne agus tacaíochta a fhorbairt i measc na foirne:** Chreid rannpháirtithe gur gá cultúr muiníne agus tacaíochta a fhorbairt i measc na foirne go léir, seachas múinteoirí, d'fhonn spiorad comhpháirtíochta agus oibre foirne a chothú ar fud phobal na scoile uile.

**Toradh 4: Timpeallacht oscailte muiníne agus díospóireachta a chruthú do leanaí:** Bhí rannpháirtithe den tuairim gur gá don scoil a bheith mar áit ina spreagtar leanaí agus daoine óga chun saincheisteanna a phlé agus chun teagmhais bhulaíochta a thuairisciú agus go mothaíonn siad sách sábháilte agus slán a leithéid a dhéanamh gan mothú breithiúnais.

**Toradh 5: Guth an dalta a chothú** Luaigh rannpháirtithe go minic an tábhacht a bhaineann le caint agus plé a spreagadh faoi cheisteanna a bhaineann le cuimsiú agus bulaíocht sa seomra ranga. Ina theannta sin, bhíothas den tuairim gur cheart leanaí agus daoine óga a spreagadh chun éisteacht lena chéile faoin bhfrithbhulaíocht.

**Toradh 6: Difríocht a cheiliúradh agus caitheamh go measúil agus go cothrom le gach duine:** Cabhróidh scoil ina gcaitear le daoine go measúil agus go cothrom le bulaíocht a chosc, dar le go leor rannpháirtithe.

**Toradh 7: Dea-iompar agus cuimsitheacht a dhreasú:** Chreid rannpháirtithe gur gá dea-iompar agus cuimsitheacht a cheiliúradh, mar shampla trí chórais luaíochtaí agus tuilleamas.

**Toradh 8: Bearta frithbhulaíochta a chur chun cinn:** Bhí rannpháirtithe den tuairim gur cheart do scoileanna cur chuige frithbhulaíochta a chur chun cinn go gníomhach agus feasacht air seo a ardú, trí straitéisí ar nós póstaeir a úsáid, suirbhéanna scoile uile agus na meáin shóisialta a úsáid, daltaí sinsearacha a oiliúint chun faire amach don bhulaíocht.

### *Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)*

**Toradh 9: Feasacht a ardú:** Chreid rannpháirtithe gur cheart do scoileanna feasacht a ardú go gníomhach ar an éagsúlacht agus, go háirithe, feasacht ar shaincheisteanna LADTA+ go háirithe saincheisteanna trasinscne.

**Toradh 10: Cur chuige agus cláir úsáideacha chun dul i ngleic leis an mbulaíocht:** Tharraing rannpháirtithe aird ar roinnt sainchlár frithbhulaíochta a bhí úsáideach dóibh ar scoil.

**Toradh 11: Éiteas na Scoile:** Thug rannpháirtithe ó roinnt scoileanna faoi deara go bhféadfadh drogall a bheith ar roinnt ball de phobal na scoile faoin gcineál ábhair atá sna curaclaim reatha lena n-áirítear Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG).

### *Polasaí agus Pleanáil*

**Toradh 12: Polasaí agus nósanna imeachta soiléire a chinntiú:** Bhíothas go láidir den tuairim nach mór do phobal na scoile a bheith iomlán feasach ar na nósanna imeachta chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac.

**Toradh 13: 'Lipéadú' daltaí a sheachaint:** Moladh cur chuige 'gan milleán' nach ndéantar leanaí agus daoine óga a lipéadú mar bhulaithe nó íospartaigh. Bhain sé seo le 'cleachtadh aisiríoch' freisin.

**Toradh 14: Eachtraí bulaíochta a thaifead agus a mhonatóireacht:** Leag go leor rannpháirtithe béim ar an ngá a chinntiú go roinntear faisnéis ábhartha maidir le heachtraí bulaíochta agus go bhfuil taifead soiléir ar fáil.

**Toradh 15: Soiléire níos fearr a sholáthar sna nósanna imeachta frithbhulaíochta:** Bhíothas go láidir den tuairim gur cheart go mbeadh fáil níos éasca ag leanaí agus ag daoine óga ar na nósanna imeachta frithbhulaíochta do scoileanna agus gur chóir iad a ardú go dtí an leibhéal céanna tábhachta leis na nósanna imeachta um chosaint leanaí.

**Toradh 16: Tuilleadh treorach a sholáthar faoin gcibearbhulaíocht:** Bhíothas den tuairim gur cheart don Roinn breathnú ar an gceist maidir le freagracht a bheith ag an scoil ar eachtraí cibearbhulaíochta a tharlaíonn lasmuigh den scoil a fhiosrú.

**Toradh 17: Athbhreithniú a dhéanamh ar na teimpléid chun teagmhais bhulaíochta a thaifeadadh:** Iarradh ar an Roinn teimpléid nuashonraithe frithbhulaíochta a dhearadh agus a thriail lena n-áirítear deireadh a chur leis an gceanglas duine a ainmniú mar bhulaí agus na teimpléid a oiriúnú d'aoisghrúpaí éagsúla.

**Toradh 18: Acmhainní a chur ar fáil chun foirne cúraim breise a sholáthar:** Rinneadh moltaí gur cheart don Roinn luach breise a chur ar an tábhacht a bhaineann le 'tréadchúram' mar bhealach chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac.

**Toradh 19: Oiliúint ábhartha a chur ar fáil don Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus do Mhúinteoirí Nua-Cháilithe:** Éilíodh gcuirfí oiliúint bhreise ar fáil ag an gcéim oideachas tosaigh múinteoirí,  do mhúinteoirí nua-cháilithe agus do mhúinteoirí atá sa chóras le tamall.

**Toradh 20: Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) Ábhartha a sholáthar do phobal uile na scoile:** Bhí na rannpháirtithe soiléir gur cheart don Roinn clár náisiúnta FGL ábhartha maidir le bulaíocht a chosc agus a chomhrac a cheapadh agus a rolladh amach do phobal uile na scoile.

**Toradh 21: Am cuí do phobal na scoile uile chun freastal ar FGL ábhartha:** Mhol rannpháirtithe gur cheart scoileanna a dhúnadh d'fhonn an fhoireann ar fad a scaoileadh chun freastal ar FGL i ngrúpaí réigiúnacha. Chruthódh sé sin deis do na foirne agus na scoileanna go léir an t-eolas agus an oiliúint chéanna a fháil agus comhráite gairmiúla a bheith acu in éineacht le baill foirne ó scoileanna eile.

### *Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí*

**Toradh 22: Bíodh tuismitheoirí páirteach:** Ní mór tuismitheoirí a bheith rannpháirteach go dearfach agus dea-chumarsáid a bhunú le tuismitheoirí ionas gur féidir dul i ngleic leis an mbulaíocht, dar le go leor rannpháirtithe.


**Toradh 23: Nasc le scoileanna eile:** Mhol roinnt rannpháirtithe gur cheart do scoileanna líonrú agus nascadh le scoileanna eile, go háirithe scoileanna ina bpobal féin, ionas gur féidir cur chuige pobail uile a chur i bhfeidhm.

**Toradh 24: Gairm mhúinteoireachta nach bhfuil chomh haonchineálach:** Ionas go mbainfear amach fíor-chuimsitheacht, chreid go leor rannpháirtithe go gcaithfidh scoileanna eiseamláirí ciníocha, cumais agus féiniúlachtaí éagsúla a bheith ag obair ina measc.

**Toradh 25: Taighde ábhartha a dhéanamh:** D'iarr roinnt rannpháirtithe ar an Roinn taighde a dhéanamh ar na fáthanna nach dtuairiscíonn leanaí bulaíocht de réir mar a théann siad in aois.

Tá an tuarascáil ar na comhairliúcháin le foirne scoile ar fáil ag gov.ie - Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht (www.gov.ie).





## Comhairliúchán Poiblí trí Shuirbhé Ar Líne

### Rannpháirtithe

Bhí an ceistneoir ar fáil do gach ball den phobal. Tháinig formhór na bhfreagairtí ó thuismitheoirí, ó bhaill foirne scoile, ó scoláirí iar-bhunscoile agus ó dhaltaí bunscoile. D'fhreagair 2774 tuismitheoir. Ba thuismitheoirí daltaí bunscoile 1895 díobh, ba thuismitheoirí daltaí iar-bhunscoile 807 díobh agus ba thuismitheoiri daltaí Youthreach ná Eile 72 díobh . Ba thuismitheoirí leanaí ó rang a trí sa bhunscoil go dtí an tríú bliain san iar-bhunscoil a bhformhór. D'fhreagair 1086 ball foirne scoile, lena n-áirítear 482 múinteoir agus 290 príomhoide, agus raon leathan foirne a bhí i róil tacaíochta daltaí. D'fhreagair 226 dalta iar-bhunscoile agus 88 dalta bunscoile an ceistneoir.

### Modheolaíocht

Rinne an Roinn comhairliúchán ar líne a eagrú a bhí oscailte do gach ball den phobal ón 26 Bealtaine go dtí an 21 Meitheamh 2022. Seoladh eolas faoin suirbhé agus an chaoi le páirt a ghlacadh ann trí chumarsáid leictreonach chuig gach bunscoil, iar-bhunscoil agus scoil speisialta, agus chuig suíomhanna eile ar nós ionaid Ógtheagmhála. Cuireadh eolas ar fáil freisin do roinnt páirtithe leasmhara oideachais, lena n-áirítear Comhairlí Náisiúnta na dTuismitheoirí, Aontas na Scoláirí Dara Leibhéal, agus eagraíochtaí a thacaíonn le héagsúlacht agus cuimsiú i scoileanna.

Foilsíodh teimpléid suirbhéanna ar líne agus rinneadh iad a oiriúnú chun teacht ar dhearcthaí na ngrúpaí éagsúla ar tugadh cuireadh dóibh freagairt: daltaí bunscoile, scoláirí iar-bhunscoile, tuismitheoirí daltaí bunscoile, tuismitheoirí daltaí iar-bhunscoile, foirne scoile agus an pobal i gcoitinne.

Maidir le réimsí áirithe den suirbhé, bhí na ceisteanna céanna ann do ghrúpaí éagsúla, ionas go bhféadfaí comparáid a dhéanamh idir na freagraí ó na grúpaí seo. Cuireadh ceisteanna éagsúla ar ghrúpaí éagsúla freisin chun léargas chomh hiomlán agus ab fhéidir a fháil ar iliomad gnéithe den bhulaíocht agus ar na céimeanna a glacadh i scoileanna chun í a chosc agus a chomhrac.

### Príomhthorthaí


D'eascair sé cinn is fiche de thorthaí ó na sonraí a bailíodh le linn an chomhairliúcháin. Tá na torthaí leagtha amach faoi na ceithre phríomhréimse do chur chun cinn na folláine mar atá leagtha amach i *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* na Roinne:

> Cultúr agus Timpeallacht

> Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí

> Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)

> Polasaí & Pleanáil




### *Cultúr agus Timpeallacht*

**Toradh 1: Eachtraí bulaíochta a thuairisciú:** Ba mhó seans go dtuairisceodh daltaí bunscoile seachas scoláirí iar-bhunscoile eachtraí bulaíochta. I measc na bpríomhchúiseanna nár thuairiscigh daltaí iar-bhunscoile teagmhais bhulaíochta bhí easpa muiníne i gcumas na scoile nó an mhúinteora déileáil go cuí leis an bhfadhb nó cabhrú leis an scéal, imní faoi iarmhairtí diúltacha a d'eascródh ón insint, eagla go rachadh an bhulaíocht in olcas; go mbeadh an t-íospartach i dtrioblóid; nó nach gcreidfí an t-íospartach.

**Toradh 2: Ba mhó seans go dtuairisceodh daltaí agus scoláirí teagmhais bhulaíochta do thuismitheoir nó do dhuine fásta sa bhaile:** Níorbh ionann mar a thuairisceodh daltaí bunscoile agus scoláirí iar-bhunscoile faoin mbulaíocht. Ba mhó seans go n-inseodh an dá ghrúpa do thuismitheoir nó do dhuine éigin sa bhaile. Ina dhiaidh sin, ba dhóichí go n-inseofaí do mhúinteoir nó do dhuine fásta eile ar scoil. Ba mhó seans go n-inseodh scoláirí iar-bhunscoile do chara nó nach n-inseoidís do dhuine ar bith i gcomparáid lena gcomhghleacaithe bunscoile.

**Toradh 3: Bíonn tuairisciú ar bhulaíocht míshásúil go minic dar le scoláirí iar-bhunscoile:** Léirigh formhór mór na ndaltaí bunscoile muinín go gcuideodh tuairisciú ar bhulaíocht ach thug nach mór leath den 30% de na scoláirí iar-bhunscoile a thuairiscigh ar bhulaíocht le fios nár tháinig aon fheabhas ar an scéal agus dúirt duine as seisear go ndeachaigh rudaí in olcas tar éis an scéal a thuairisciú.

**Toradh 4: Eispéireas tuismitheoirí ar bhulaíocht a thuairisciú:** Thuairiscigh formhór mór na dtuismitheoirí eachtraí bulaíochta don scoil, agus bhí díreach os cionn leath díobh sásta le toradh an tuairiscithe. Luaigh na tuismitheoirí nár thuairiscigh bulaíocht easpa muiníne sa chaoi a ndéileálfaí leis an tuairisciú.

**Toradh 5: Eispéireas fhoireann na scoile ar bhulaíocht a thuairisciú dóibh:** Dúirt formhór na foirne nár tuairiscíodh bulaíocht dóibh riamh nó gur go hannamh a tuairiscíodh bulaíocht. Ba iad tuismitheoirí nó caomhnóirí an grúpa aonair ba mhó a thuairiscigh eachtraí bulaíochta don fhoireann. Tháinig beagnach leath de na tuairiscí chuig an fhoireann ó dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu nó ó dhalta eile.

**Toradh 6: Atmaisféar agus idirghníomhaíochtaí sa scoil:** Léiríonn freagraí ó fhoireann na scoile, ó thuismitheoirí agus ó dhaltaí go raibh formhór mór na bhfreagróirí dearfach faoi atmaisféar na scoile, faoi fháilte na scoile, agus faoi na caidrimh mheasúla idir scoláirí agus idir an fhoireann agus na scoláirí. Bhí roinnt éagsúlachta idir freagairtí na foirne, na dtuismitheoirí agus na scoláirí, agus ba iad foireann na scoile ba mhó a bhí dearfach agus na scoláirí ba lú a bhí dearfach.

**Toradh 7: Bulaíocht agus an chaoi ina ndéileáiltear léi:** Dúirt duine as gach triúr de na scoláirí iar-bhunscoile a d'fhreagair agus níos mó ná duine as gach ceathrar de na freagróirí tuismitheora go raibh fadhb bulaíochta ina scoil. Thug na freagraí le fios go bhfuil feasacht shuntasach ar an tacaíocht atá ar fáil agus ar thimpeallacht thacúil a chothú, ach thug níos lú ná duine as gach triúr le fios go raibh a fhios acu go raibh ball foirne ar leith i gceannas ar dhéileáil le bulaíocht ina scoil.

**Toradh 8: Éisteacht le tuismitheoirí agus le daltaí:** Bhí freagairtí fhoireann na scoile maidir le cé acu an dtugtar éisteacht do thuismitheoirí agus do scoláirí maidir le bulaíocht i bhfad níos dearfaí ná na freagairtí ó thuismitheoirí agus ó dhaltaí.

**Toradh 9: Scoileanna ag cothú iompar measúil agus cuimsitheach:** Bhí freagairtí na foirne scoile, na dtuismitheoirí agus na scoláirí iar-bhunscoile dearfach i gcoitinne maidir le hiompar measúil cuimsitheach a chothú. Ní raibh tuismitheoirí agus scoláirí chomh dearfach céanna faoi fhoireann na scoile a bheith ag moladh bealaí inar féidir argóintí a réiteach go síochánta.

**Toradh 10: Tuairimí tuismitheoirí faoi rudaí eile a d'fhéadfadh scoileanna a dhéanamh:** I measc na moltaí a bhain le rudaí breise a d'fhéadfadh scoileanna a dhéanamh luadh go n-éistfí le gach tuismitheoir agus dalta agus go gcaithfí go cothrom leo nuair a bheadh imní faoin mbulaíocht á ardú acu, go gcuirfí an polasaí frithbhulaíochta i bhfeidhm, go ndéileálfadh múinteoirí le bulaíocht, go mbeadh polasaí neamhfhulaingthe i leith na bulaíochta, go ngníomhófaí go dearfach chun iompar cairdiúil agus measúil a spreagadh, agus go gcuirfí pionóis i bhfeidhm go pras dá dtarlódh eachtraí bulaíochta.

**Toradh 11: Tuairimí fhoireann na scoile ar rudaí breise a d'fhéadfadh scoileanna a dhéanamh:** Áirítear i measc moltaí na foirne maidir le rudaí breise a d'fhéadfadh scoileanna a dhéanamh comhoibriú níos fearr idir an scoil agus an baile chun dul i ngleic le ceist na bulaíochta, timpeallacht scoile mheasúil agus chuimsitheach a bhunú do chách, a chinntiú go ndéantar dearcthaí measúla a mhúnlú in idirghníomhaíochtaí idir daoine fásta, cleachtas aisiríoch a ghlacadh, an gá le hoideachas follasach chun cásanna a réiteach inar tharla gortú nó díobháil, agus an deacracht a bhaineann le polasaí neamhfhulaingthe a bhunú.

**Toradh 12: Tuairimí scoláirí iar-bhunscoile ar rudaí breise a d'fhéadfadh scoileanna a dhéanamh:** Leag scoláirí béim ar a thábhachtaí atá sé a bheith in ann ábhair imní agus eachtraí bulaíochta a thuairisciú go sábháilte, go n-éisteadh múinteoirí agus daoine fásta eile sa scoil leo, go dtuigfeadh scoláirí cad is bulaíocht ann agus cé chomh díobhálach is féidir léi a bheith.



### *Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí*

**Toradh 13: Iompar bulaíochta i scoileanna mar chomhartha nach dtuigtear agus nach bhfuil meas ar an éagsúlacht:** I gcás tuismitheoirí agus foirne scoile araon, ba í an chúis ba mhó a raibh bulaíocht á déanamh ar leanaí ná iad a bheith difriúil óna bpiaraí. Ba iad na cúiseanna ba choitianta a thug scoláirí iar-bhunscoile le fios go ndearnadh bulaíocht orthu ná gur léirigh siad iad féin mar LADTAI+, go raibh tuairim ann go raibh cumas eisceachtúil iontu agus nó míchumas foghlama orthu nó go raibh tacaíocht á fháil acu ar scoil do riachtanais bhreise. Príomhchúis freisin ag tuismitheoirí, daltaí agus baill foirne ná daltaí a bheith mar bhall de mhionlach eitneach.

**Toradh 14: Taithí ar bhulaíocht:** Luaigh díreach faoi bhun leath de na tuismitheoirí agus d'fhoireann na scoile go ndearnadh bulaíocht orthu, agus luaigh 40% de dhaltaí iar-bhunscoile go ndearnadh bulaíocht orthu.

**Toradh 15: Cineálacha iompar bulaíochta:** Ba iad na cúig chineál bulaíochta ba mhó a fulaingíodh ná tráchtanna gránna, a bheith eisiata, doicheall a bheith rompu, cúlchaint, agus glaoch ainmneacha. I bhfreagraí na ndaltaí iar-bhunscoile rinneadh an bhulaíocht homafóbach a rangú sa deichiú háit agus an chibearbhulaíocht san aonú háit déag.

**Toradh 16. Cúiseanna nach bhfaightear taithí ar bhulaíocht:** Déantar na cúiseanna nach ndéantar bulaíocht a chatagóiriú i gcoitinne faoi dhá cheannteideal: tosca scoile agus sochaíocha, agus tosca pearsanta. I measc na dtéamaí tá tábhacht atmaisféar na scoile agus ionchais iompraíochta, béim ar smacht, cineáltas agus meas a chothú laistigh de phobal na scoile, an tábhacht a bhaineann le bearta frithbhulaíochta follasacha, ról na meán sóisialta, an tábhacht a bhaineann le grúpaí láidre cairdis agus muintearas agus féiniúlacht. Luadh gur cosaint ón mbulaíocht gan seasamh amach, bheith láidir muiníneach, féinmheas maith agus gan a bheith ró-íogair.






***Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)***

**Toradh 17: Oiliúint agus oideachas chun cabhrú le déileáil le bulaíocht agus í a chosc:** Thug trí cheathrú den fhoireann le fios go raibh oiliúint de chineál éigin faighte acu chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac ach níor léirigh ach líon beag oiliúint shuntasach nó oiliúint le déanaí. Thug beagnach trian den fhoireann le fios go raibh tuilleadh oiliúna de dhíth orthu sa réimse sin. Luaigh céatadán ard d'fhoireann na scoile raon oiliúna a bhí faighte acu i réimsí a thacaíonn le timpeallacht shábháilte agus chuimsitheach scoile lena n-áirítear sábháilteacht idirlín, oideachas riachtanas speisialta, bheith ina scoil chuimsitheach agus feasacht ar thrasincne.

**Toradh 18: Mothú foirne gur féidir leo déileáil le bulaíocht:** Mhothaigh príomhoidí scoile i gcoitinne go raibh siad níos ullmhaithe chun déileáil le bulaíocht ná mar a bhí foireann na scoile.

**Toradh 19: Foghlaim daltaí bunscoile maidir le fanacht sábháilte:** D'fhoghlaim formhór mór na ndaltaí bunscoile faoi raon ábhar, de ghnáth: cineálacha éagsúla bulaíochta, mothú sábháilte agus neamhshábháilte, mothúcháin agus sábháilteacht ar líne. Níor fhoghlaim ach líon beag daltaí faoin gciníochas.

**Toradh 20: Foghlaim scoláirí iar-bhunscoile maidir leis an mbulaíocht:** I measc na n-ábhar ba mhó a d'fhoghlaim daltaí iar-bhunscoile fúthu bhí an chibearbhulaíocht, cearta agus freagrachtaí, conas a bheith sábháilte ar líne, sábháilteacht idirlín agus béasaíocht ar líne, piarbhrú, cineálacha éagsúla bulaíochta, sláinte mhothúchánach agus mheabhrach agus an tábhacht a bhaineann le hiompar measúil agus cuimsitheach.

**Toradh 21: An áit a bhfoghlaimíonn daltaí iar-bhunscoile faoin mbulaíocht:** Dúirt tromlach mór na scoláirí iar-bhunscoile go bhfoghlaimíonn siad faoin mbulaíocht agus faoin gcibearbhulaíocht ar scoil. Is mó seans go bhfoghlaimeoidh siad faoin mbulaíocht i gceachtanna Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), agus ina dhiaidh sin i gceachtanna Folláine agus i gCláir Frithbhulaíochta.

### *Polasaí & Pleanáil*

**Toradh 22: Iompar bulaíochta a shainmhíniú:** Bhí go leor freagróirí sásta le sainmhíniú 2013. I measc na moltaí chun an sainmhíniú a fheabhsú luadh an dochar a dhéanann iompar bulaíochta, rinneadh tagairt don chibearbhulaíocht agus gur gnáthach gur d'aon ghnó a tharlaíonn bulaíocht. Ceistíodh nádúr athchleachtach na bulaíochta, go háirithe sa chomhthéacs ar líne. Moladh go n-áireofaí cineálacha eile bulaíochta sa sainmhíniú, amhail eisiamh d'aon ghnó agus cumhacht a ghlacadh ar dhuine.

**Toradh 23: Feasacht ar agus gafacht leis an bpolasaí frithbhulaíochta:** Ar an iomlán bhí feasacht mhaith ar pholasaí frithbhulaíochta na scoile i measc na foirne, na dtuismitheoirí agus na ndaltaí. Bhí an leibhéal feasachta ab airde ag foireann na scoile agus ba iad na daltaí ba lú a bhí feasach. Bhí baint ag formhór na foirne le forbairt an pholasaí frithbhulaíochta, ach bhí rannpháirtíocht na dtuismitheoirí agus na ndaltaí teoranta.

**Toradh 24: Éifeachtacht, soiléireacht agus cur i bhfeidhm an pholasaí:** Ba iad na foirne scoile ba dhearfaí agus na scoláirí ba lú a bhí dearfach ina gcuid freagraí ar éifeachtacht, soiléireacht agus cur i bhfeidhm an pholasaí frithbhulaíochta. Bhí dearcadh níos diúltaí ag tuismitheoirí iar-bhunscoile ná mar a bhí ag tuismitheoirí bunscoile i leith gach gné den pholasaí frithbhulaíochta ina gcuid scoileanna: éifeachtacht; soiléireacht; agus cur i bhfeidhm.

**Toradh 25: D'fhéadfadh scoileanna níos mó a dhéanamh faoin mbulaíocht:** Dúirt níos mó ná leath de fhoirne scoile agus de na tuismitheoirí go bhféadfadh scoileanna níos mó a dhéanamh faoin mbulaíocht. Creideann formhór na ndaltaí bunscoile agus iar-bhunscoile go bhfuil gach is féidir leo á dhéanamh ag scoileanna. D'iarr daltaí agus scoláirí go mbeadh maoirseacht ó dhaoine fásta i ngach áit sa scoil, córais tuairiscithe anaithnide, fíor-iarmhairtí dóibh siúd a bhíonn gafa in iompraíochtaí bulaíochta, éisteacht do dhaltaí nuair a insíonn siad faoin mbulaíocht, oiliúint d'fhoireann na scoile chun déileáil le bulaíocht, agus foghlaim faoi chineáltas agus caitheamh go cothrom le daoine eile.

**Toradh 26: Rudaí a d'fhéadfadh an tAire a dhéanamh chun stop a chur le bulaíocht i scoileanna:** D'iarr tuismitheoirí go mbeadh struchtúir sheachtracha ar fáil do saincheisteanna bulaíochta gan réiteach, cuntasacht bhreise do scoileanna trí chigireacht agus rochtain ar ghairmithe oilte ar nós síceolaithe. D'iarr baill foirne agus tuismitheoirí scoile go mbeadh níos mó cuntasachta agus rialála maidir le hardáin na meán sóisialta, go ndéanfaí oiliúint agus tionscnaimh frithbhulaíochta do scoileanna agus do thuismitheoirí a mhaoiniú. D'iarr foireann na scoile go gcuirfí acmhainní breise ar fáil do scoileanna agus go gcuirfí le cumas na foirne agus na bainistíochta scoile chun déileáil le bulaíocht. Tháinig moltaí breise ó dhaltaí lena n-áirítear seachtain náisiúnta frithbhulaíochta agus líonra gníomhaíochtaí pobalbhunaithe do dhaoine óga.

Tá an tuarascáil ar an suirbhé comhairliúchán poiblí ar líne ar fáil ag gov.ie - Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht (www.gov.ie).

## Comhairliúchán Poiblí trí Aighneachtaí Scríofa

### Rannpháirtithe

I mí na Bealtaine 2022, thug an Roinn cuireadh do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí aighneacht scríofa a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* agus na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile 2013* agus na rudaí is gá a neartú chun tacú le bulaíocht a chosc agus a chomhrac i scoileanna a aithint.

Fuarthas móriomlán ocht n-aighneacht scríofa is seachtó. Tháinig díreach os cionn leath de na haighneachtaí ó dhaoine aonair ar nós príomhoidí, múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí agus tháinig an chuid eile ó eagraíochtaí a rinne ionadaíocht thar ceann raon páirtithe leasmhara oideachais agus grúpaí eile.

### Modheolaíocht

Chruthaigh an Roinn tairseach aighneachtaí ar líne a bhféadfaí aighneachtaí scríofa a dhéanamh chuici. Bhí an comhairliúchán oscailte ar feadh míosa, idir 26 Bealtaine 2022 agus 24 Meitheamh 2022.

Iarradh ar rannpháirtithe a n-ainm, an eagraíocht lenar bhain siad (dá mba ábhartha) agus a sonraí teagmhála a chur ar fáil ina bhfreagra. Ansin cuireadh ceithre shaincheist orthu:

1. Tabhair breac-chuntas ar do thuairimí faoin gcaoi ar thacaigh *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* agus na Gnásanna le scoileanna bulaíocht a chosc agus a chomhrac.
2. Tabhair aon staitisticí nó taighde ábhartha le déanaí maidir le bulaíocht/ frithbhulaíocht ar mhaith leat aird an Choiste Stiúrtha a dhíriú orthu.
3. Tabhair breac-chuntas ar do thuairimí maidir le rudaí a cheapann tú atá in easnamh nó ar gá iad a neartú san *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013*.
4. Tabhair breac-chuntas ar do thuairimí faoi rudaí atá, dar leat, in easnamh nó ar gá iad a neartú sna *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile 2013*.

### Príomhthorthaí

D'eascair cúig thoradh is tríocha ó na sonraí a bailíodh le linn an chomhairliúcháin. Tá na torthaí leagtha amach faoi na ceithre phríomhréimse do chur chun cinn na folláine mar atá leagtha amach i *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* na Roinne:

- Cultúr agus Timpeallacht
- Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí
- Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)
- Polasaí & Pleanáil

### *Cultúr agus Timpeallacht*

**Toradh 1: Cultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach:** Ba chóir béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige scoile uile chun cultúr scoile dearfach agus oscailte a chruthú.

**Toradh 2: Rólmhúnlú an mhúinteora:** Ba chóir béim a leagan sa Phlean Gníomhaíochta ar an tábhacht a bhaineann le rólmhúnlú an mhúinteora.

**Toradh 3: Aonchineálacht ghairm na múinteoireachta:** Tá gá le héagsúlacht bhreise i ngairm na múinteoireachta.

### *Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí*

**Toradh 4: Rannpháirtíocht agus tuairisciú daltaí:** Ba chóir go leagfaí béim sa Phlean Gníomhaíochta ar an tábhacht a bhaineann le Rannpháirtíocht Daltaí agus le Conairí Sábháilte chun bulaíocht a thuairisciú.

**Toradh 5: Cearta leanaí:** Moladh gur chóir bulaíocht a láimhseáil mar cheist chearta leanaí.

**Toradh 6: Bulaíocht ó mhúinteoirí**: Ní mór dul i ngleic le bulaíocht ó mhúinteoirí.

**Toradh 7: Bulaíocht ar an bhfoireann**: Ní mór dul i ngleic le bulaíocht ar an bhfoireann.

**Toradh 8: Ról an Bhoird Bhainistíochta:** Ba cheart go mbeadh fócas breise ar ról an Bhoird Bhainistíochta.

**Toradh 9: Cuntasacht foirne:** Ba cheart go mbeadh fócas breise ar chuntasacht foirne.

**Toradh 10: Oideachas ar thionchar na bulaíochta:** Ba cheart go mbeadh fócas breise ar oideachas faoi thionchar na bulaíochta a chur ar phobal na scoile.



### *Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)*

**Toradh 11: Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) agus Oiliúint:** Tá gá le FGL agus Oiliúint éigeantach, leanúnach agus oiriúnach.

**Toradh 12: OTM:** Ba chóir do sholáthraithe oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) díriú níos mó ar fhrithbhulaíocht.

**Toradh 13: Curaclam cuimsitheach:** Ní mór béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le curaclam cuimsitheach.

**Toradh 14: Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) agus Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS):** Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir OCG agus OSPS.

**Toradh 15: Cigireacht:** Ba chóir don Chigireacht tuairisciú ar cháilíocht na bpolasaithe frithbhulaíochta agus ar a gcur i bhfeidhm.

**Toradh 16: Acmhainní do scoileanna:** Ba cheart acmhainní do scoileanna a mhéadú.

### *Polasaí agus Pleanáil*

**Cinneadh 17: Iniúchadh ar chur i bhfeidhm:** Ba chóir iniúchadh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí sna *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* 2013.

**Toradh 18: Taighde cothrom le dáta:** Ba chóir go mbeadh an plean gníomhaíochta bunaithe ar thaighde cothrom le dáta.

**Toradh 19: Bailiú sonraí:** Ba chóir sonraí dí-chomhbhailithe anaithnide a bhailiú.

**Toradh 20: Cineálacha éagsúla bulaíochta:** Ba chóir go dtabharfadh an plean gníomhaíochta fócas breise ar chineálacha éagsúla bulaíochta.

**Toradh 21: Ailíniú le polasaithe eile:** Ba chóir an polasaí frithbhulaíochta a ailíniú le polasaithe agus straitéisí eile.



## Achoimre ar nithe i Nósanna Imeachta 2013 a shíl freagróirí a bhí in easnamh nó ar ghá iad a neartú

**Toradh 22: Sainmhíniú ar an téarma "bulaíocht":** I líon mór aighneachtaí iarradh soiléireacht maidir le sainmhíniú ar bhulaíocht agus ar phríomh-shainmhínithe áirithe eile lena n-áirítear sainmhíniú ar chineálacha éagsúla bulaíochta.

**Toradh 23: Soiléiriú ar ghnéithe de na Nósanna Imeachta:** Ba chóir róil agus freagrachtaí na scoileanna a shoiléiriú.

**Toradh 24: Treoir maidir le bulaíocht mar ábhar imní um chosaint leanaí:** Ba chóir treoir a sholáthar maidir leis an uair is ábhar imní cosaint leanaí í an bhulaíocht.

**Toradh 25: Iarmhairtí na bulaíochta:** Ba chóir go leagfadh na Nósanna Imeachta Scoile amach na hiarmhairtí don bhulaíocht.

**Toradh 26: Tuairisciú agus taifeadadh:** Ba chóir gach eachtra bulaíochta a thuairisciú agus a thaifeadadh.

**Toradh 27: Leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chosaint:** Ba chóir treoir a sholáthar faoin gcaoi le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chosaint.

**Toradh 28: Breisithe agus leasuithe:** Iarradh go ndéanfaí raon breisithe agus leasuithe molta a chur leis na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile 2013*.

**Toradh 29: Teimpléad polasaí:** Moladh raon nuashonruithe ar an teimpléad polasaí frithbhulaíochta lena n-áirítear aidhmeanna, sainmhínithe, straitéisí, monatóireacht agus róil agus freagrachtaí.

**Toradh 30: Aguisíní leis na nósanna imeachta:** Ba chóir Aguisíní 2, 3 agus 4 a nuashonrú.

**Toradh 31: Cleachtais Aisiríoch:** Ba chóir úsáid Cleachtais Aisiríoch a mholadh sna Nósanna Imeachta.

**Toradh 32: Feiceálacht ar na nósanna imeachta frithbhulaíochta:** Ba chóir go leagfaí béim sna nósanna imeachta ar a thábhachtaí atá feiceálacht na bpolasaithe frithbhulaíochta.

**Toradh 33: Athbhreithniú bliantúil:** Ba chóir go leagfaí béim sna nósanna imeachta ar a thábhachtaí atá athbhreithniú bliantúil.

**Toradh 34: Tábhacht na monatóireachta:** Ba chóir go leagfaí béim sna nósanna imeachta ar a thábhachtaí atá monatóireacht.

**Toradh 35: Córas gearáin do thuismitheoirí:** Ba chóir go mbeadh córas gearáin do thuismitheoirí mar chuid de na nósanna imeachta.

Tá an tuarascáil ar an na haighneachtaí scríofa ón gcomhairliúchán poiblí ar fáil ag gov.ie - Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht (www.gov.ie).



# Torthaí Achomair

## Cultúr agus Timpeallacht

> An tábhacht a bhaineann le pobal scoile fáilteach ina bhfuil cultúr a chothaíonn cuimsitheacht, comhionannas, meas agus éagsúlacht agus inar léir nach nglactar beag ná mór le bulaíocht

> An ról lárnach atá ag ceannairí scoile i gcruthú an chultúir seo

> An tábhacht a bhaineann le guth an dalta

> Timpeallacht a chruthú ina mothaíonn leanaí agus daoine óga sábháilte agus muiníneach maidir le hiompar bulaíochta a thuairisciú

> Áiteanna sábháilte a bheith ar fáil laistigh den scoil, agus an gá atá le breithniú a dhéanamh ar dhearadh scoileanna do spásanna laistigh agus lasmuigh lena chinntiú go laghdaítear an baol go bhféadfadh bulaíocht tarlú

> Fócas breise a dhíriú ar chultúr na scoile agus ar fholláine scoláirí le linn cigireachtaí scoile

> Tacaíochtaí a bheith ar fáil do dhaltai agus don fhoireann, nuair is gá

> An tábhacht a bhaineann le hiarrachtaí bulaíocht a chosc in ionad freagairt di

> Feasacht a ardú i measc bhaill uile phobal na scoile ar an gcaoi le dul i ngleic leis an mbulaíocht agus le tionchar na bulaíochta

> Éagsúlacht bhreise i ngairm na múinteoireachta

> Príomhról fhoireann na scoile maidir le hiompar dearfach a mhúnlú

## Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)

> Curaclam cuimsitheach, ina mbíonn oideachas ar éagsúlacht agus meas ar chultúir eile, frithchiníochas agus feasacht mhéadaithe ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach do phobal uile na scoile

> Fócas méadaithe ar chuimsiú, ar chomhionannas agus ar éagsúlacht in oideachas tosaigh múinteoirí, oideachas múinteoirí nuacháilithe agus forbairt ghairmiúil leanúnach

> Scileanna múinteoirí a fhorbairt chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac

> An tábhacht a bhaineann le cláir fhrithbhulaíochta atá fianaisebhunaithe, aoisoiriúnach agus atá ábhartha ó thaobh cultúir de, ar nós FUSE

> Leabhair agus ceachtanna a threisíonn teachtaireacht an chuimsithe agus an chomhionannais, agus a léiríonn sochaí agus í ag athrú

> Saincháilíocht in OSPS a fhorbairt do mhúinteoirí iar-bhunscoile

## Polasaí agus Pleanáil

> An tábhacht a bhaineann le cineálacha cur chuige cuimsitheacha i leith polasaí scoile a fhorbairt, ina mbeidh leanaí agus daoine óga páirteach go fónta

> Folláine phobal uile na scoile a bheith go lárnach i bpolasaithe agus i bpleananna

> Forbairt a dhéanamh ar réimse de chuir chuige éifeachtacha laistigh de scoileanna chun tuairisciú sábháilte ar iompar bulaíochta a chumasú, lena n-áirítear anaithnideacht sa tuairisciú

> An gá atá le gach eachtra bulaíochta líomhnaithe a thuairisciú, lena n-áirítear sonraí faoin gcineál iompair bulaíochta agus an cur chuige maidir le dul i ngleic leis

> An tábhacht a bhaineann le hoiliúint a bheith ar fhoireann na scoile chun raon freagairtí cuí ar iompar bulaíochta líomhnaithe a chur i bhfeidhm

> An gá atá le sonraí imdhealaithe a bhailiú ar an mbulaíocht i scoileanna chun eolas a chur ar fáil do pholasaithe todhchaí, agus chun forbairt ghairmiúil leanúnach a threorú

> An tábhacht a bhaineann le polasaithe scoile a athbhreithniú go rialta

> An tábhacht a bhaineann le polasaithe scoile ina leagtar amach go soiléir róil agus freagrachtaí gach ball de phobal na scoile agus na freagrachtaí atá orthu i bpolasaithe na scoile

> An fiúntas a bhaineann le próiseas na Féinmheastóireachta Scoile i dtaca le folláine a chur chun cinn

> An tábhacht a bhaineann le Coimisinéir um Shábháilteacht ar Líne, ar féidir leis nó léi gearáin aonair a bhreithniú

> An polasaí frithbhulaíochta a ailíniú le polasaithe agus straitéisí eile

## Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí

> An tábhacht a bhaineann le caidrimh dhearfacha ar fud phobal uile na scoile chun ionbhá, tuiscint agus meas a chothú agus feasacht ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach a ardú

> An tábhacht a bhaineann le foireann uile na scoile a bheith ag coinneáil 'súil ghéar' ar na leanaí agus ar na daoine óga atá faoina gcúram agus foireann uile na scoile a bheith muiníneach as a gcuid eolais ar an dea-chleachtas faoin gcaoi le dul i ngleic le hiompar bulaíochta

> An tábhacht a bhaineann le duine fásta iontaofa a bheith ar fáil do nochtadh eachtraí bulaíochta

> Rannpháirtíocht fhónta leanaí agus daoine óga

> An tábhacht a bhaineann le teagmháil le tuismitheoirí mar aitheantas ar a bpríomhról chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac

> Na buntáistí a bhaineann le héagsúlacht rannpháirtíochta bhreise a spreagadh ar fud phobal na scoile uile, lena n-áirítear comhairlí na ndaltaí agus foireann na scoile

> An fhéidearthacht go mbeadh ról ag meantóirí daltaí chun bulaíocht a chosc i scoileanna

> An ról fiúntach a bhaineann le Foirne Tacaíochta Scoláirí

> An gá breathnú ar an mbulaíocht mar cheist chearta leanaí

# 6 | Sainmhíniú agus Cineálacha Bulaíochta



# Caibidil 6: Sainmhíniú agus Cineálacha Bulaíochta

## Bulaíocht a Shainmhíniú

Tá go leor cineálacha éagsúla iompar bulaíochta ann lena n-áirítear foirmeacha fisiceacha, briathartha agus caidrimh, ar féidir leo tarlú go pearsanta agus ar líne. Tá go leor cúiseanna éagsúla ann freisin a spreagann iompar bulaíochta ar leibhéal aonair (m.sh. dúil i dtiarnas, stádas, díoltas) agus/nó ar leibhéal sochaíoch (m.sh. bulaíocht mar bhulaíocht chiníoch, mhíchumais, ghnéasach nó LADTA+). Go minic bíonn tionchar láidir ag dearcthaí, iompraíochtaí, noirm agus dinimic chumhachta atá fréamhaithe go domhain inár sochaí ar iompar bulaíochta i scoileanna.

Ghlac an Coiste Stiúrtha cur chuige tomhaiste chun an sainmhíniú nuashonraithe ar an mbulaíocht a mhúnlú, ag breathnú ar raon taighde agus ar litríocht idirnáisiúnta ar bhulaíocht lena n-áirítear sainmhíniú an EOECNA 2021:

> ***Is éard is bulaíocht scoile ann ná iompar pearsanta agus ar líne idir daltaí laistigh de líonra sóisialta a dhéanann dochar fisiciúil, mothúchánach nó sóisialta do dhaltaí a ndírítear orthu. Is í saintréith na bulaíochta ná éagothroime cumhachta atá cumasaithe nó coiscthe ag noirm agus ag comhthéacsanna sóisialta agus institiúideacha scoileanna agus an chórais oideachais. Tugann bulaíocht scoile le fios easpa freagairtí éifeachtacha agus easpa cúraim ó phiaraí agus ó dhaoine fásta. don té ar a bhfuiltear ag díriú.***
> *(EOECNA, 2021a)*

Tá an sainmhíniú seo suntasach sa mhéid is go leagtar níos mó béime ar an eispéireas pearsanta dochair don leanbh a bhfuil an iompar bulaíochta ag tarlú dó/di, iompar a d'fhéadfadh a bheith fisiciúil, mothúchánach nó sóisialta. Cuireann sainmhíniú an EOECNA in iúl freisin go dtugann an bhulaíocht le fios easpa freagairtí éifeachtacha agus easpa cúraim don té ar a bhfuiltear ag díriú, agus tá béim leagtha ar fhreagracht an phobail níos leithne as atmaisféar scoile a fhorbairt inar féidir le gach leanbh mothú sábháilte agus ina bhfuil luach agus meas ar éagsúlacht. Tá léiriú breise le fáil ar an gcur chuige seo san Cur Chuige Oideachas-Uile chun foréigean agus bulaíocht a laghdú i scoileanna (EOECNA, 2021b).



Sainmhíníonn Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta 2013 an bhulaíocht mar:

> ***iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile thar thréimhse ama. Tá na cineálacha iompair bulaíochta seo san áireamh sa sainmhíniú neamh-uileghabhálach seo: (i) duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidreamh bulaíochta; (ii) cibearbhulaíocht; agus (iii) bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas nó ar dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.***

Chinn an coiste nach bhfuil aon sainmhíniú údarásach, uileghabhálach nó comhaontaithe ar an mbulaíocht i measc phobal domhanda na dtaighdeoirí frithbhulaíochta. In ainneoin sin tuigtear go hiomlán an tábhacht a bhaineann le critéir soiléire idirdhealaithe sainmhínithe a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga, dá dtuismitheoirí, do mhúinteoirí agus d'fhoireann eile na scoile, agus don phobal i gcoitinne. É seo san áireamh, tá sé mar aidhm ag an sainmhíniú nuashonraithe ar iompar bulaíochta atá in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*, cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le croí-shainmhíniú achomair agus an tábhacht a bhaineann le tráchtaireacht mhínitheach bhreise a sholáthar chun tacú leis an bpobal oideachais agus é ag tabhairt faoi gach cineál iompair bulaíochta i measc leanaí agus daoine óga a shainaithint, a chosc agus a chomhrac.

Sa chroí-shainmhíniú nua coinnítear soiléire sainmhínithe ar thrí phríomhghné d'iompar bulaíochta: bulaíocht mar iompar spriocdhírithe, d'aon ghnó agus neamhiarrtha a dhéanann dochar do dhaoine eile, a dhéantar arís agus arís thar thréimhse ama, agus a bhaineann le héagothroime cumhachta i gcaidrimh idir beirt nó idir grúpaí daoine sa tsochaí.

Sna nótaí míniúcháin a leanann an croí-shainmhíniú, cuirtear treoir bhreise ar fáil do scoileanna ar ár dtuiscint ar iompar bulaíochta ar leibhéal an duine aonair agus ar leibhéal na sochaí. Aithnímid mar sin an chaoi a bhféadfadh cinntithigh aonair agus síceolaíochta *araon* a bheith ag iompar bulaíochta *agus* go bhféadfadh dearcthaí sochaíocha, iompraíochtaí, noirm agus dinimic cumhachta níos leithne a bheith mar thionchar orthu.

Léiríonn an sainmhíniú nua ár dtuiscint atá ag teacht chun cinn ar iompraíochtaí bulaíochta agus tá sé ag teacht níos mó leis an taighde idirnáisiúnta is déanaí.

**Sainmhíníonn Cineáltas bulaíocht mar:**

> ***iompar spriocdhírithe a dhéanann dochar, ar líne nó as líne. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompar bulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt daoine nó grúpaí daoine sa tsochaí.***

Déantar cur síos breise ar phríomhghnéithe an tsainmhínithe thíos:

## Iompar spriocdhírithe

Is éard is bulaíocht ann na iompar a léirítear d'aon ghnó, nach n-iarrtar agus a dhéanann dochar do dhaoine eile, agus nuair is eol don leanbh nó don duine óg a bhfuil an t-iompar bulaíochta á léiriú aige nó aici go bhféachann nó go bhféachfaidh an leanbh nó an duine óg a fhulaingíonn ar an iompar sin mar iompar díobhálach. Ní iompar timpisteach ná meargánta atá sa bhulaíocht. D'fhéadfadh sé gur dochar fisiciúil a bheadh i gceist (mar shampla díobháil phearsanta, damáiste do mhaoin nó cailleadh maoine) dochar sóisialta (mar shampla cúlú, uaigneas, eisiamh) agus/nó dochar mothúchánach (mar shampla lagmheas, dúlagar, imní) agus d'fhéadfadh sé tionchar diúltach atá tromchúiseach agus fadtéarmach a bheith aige ar an leanbh nó ar an duine óg a fhulaingíonn an t-iompar bulaíochta. Má cheapann an leanbh nó an duine óg atá ag fulaingt an iompair go bhfuil an dochar leantach fíor ach nach bhfuil sé ar intinn ag an leanbh nó ag an duine óg eile dochar a dhéanamh, ní hionann é sin agus bulaíocht ach tá sé tábhachtach fós féin go rachfaí i ngleic leis faoi chód iompair na scoile.

## Iompar leantach

Patrún iompair atá córasach agus a leantar ar aghaidh leis thar thréimhse ama is ea bulaíocht. Ní mheastar gurb ionann eachtraí aonair as líne ina léirítear iompar diúltach d'aon ghnó agus a bhfuil neamhchothroime cumhachta i gceist leo agus bulaíocht, ach fós féin ní mór dul i ngleic leo sin faoi chód iompair na scoile. D'fhéadfadh sé, mar sin féin, go measfaí gurb ionann agus bulaíocht teachtaireacht/íomhá/físeán aonair a phostáil ar líne nuair is ródhócha go ndéanfar a leithéid a athphostáil nó a roinnt le daoine eile.

## Neamhchothroime cumhachta

In eachtraí bulaíochta, bíonn sé deacair ar an leanbh nó ar an duine óg atá ag fulaingt an iompair bulaíochta é féin nó í féin a chosaint de bhrí go bhfuil mí-úsáid á baint as neamhchothroime cumhachta, bíodh an neamhchothroime cumhachta sin fíor nó braite. D'fhéadfadh an neamhchothroime cumhachta sin é féin a léiriú trí dhifríochtaí a bhaineann le méid, neart, aois, cumas, cumhacht an phiarghrúpa, stádas eacnamaíochta, stádas sóisialta, reiligiún, cine, bunús eitneach lena n-áirítear a bheith mar bhall de phobal an Lucht Siúil agus/nó de phobal na Romach, gnéaschlaonadh, cúinsí teaghlaigh, inscne, féiniúlacht inscne, léiriú inscne, taithí ar an gcóras cúraim, míchumas nó a bheith ag fáil oideachas speisialta. In eachtraí a bhaineann le bulaíocht ar líne (nó cibearbhulaíocht) d'fhéadfadh sé go mbainfeadh an neamhchothroime cumhachta le hanaithnideacht ar líne, inniúlacht theicniúil agus seilbh ar fhaisnéis/íomhánna/fhíseáin, agus nach bhfuil an duine ar a bhfuil an t-iompar dírithe ábalta ábhar maslach ar líne a bhaint nó éalú ón mbulaíocht.



## Cineálacha Iompair Bulaíochta

Agus an sainmhíniú nuashonraithe ar bhulaíocht *i gCineáltas* á fhorbairt, chuir an Coiste Stiúrtha san áireamh an iliomad cineálacha éagsúla bulaíochta ar ghá do scoileanna a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu agus go háirithe réimsí inar díríodh aird orthu sa taighde mar réimsí a bhí mar ábhar imní ar leith ar nós cibearbhulaíocht, bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht agus gnéaschiapadh.

### Cibearbhulaíocht

Dar le CÉINEAL (2022) is í an chibearbhulaíocht an bhulaíocht ina n-úsáidtear teicneolaíochtaí digiteacha. D'fhéadfadh sí tarlú ar na meáin shóisialta, ar ardáin teachtaireachtaí, ar ardáin cluichíochta agus ar fhóin phóca. Tarlaíonn an t-iompar seo arís agus arís eile agus é mar aidhm aige scanradh, fearg nó náire a chur orthu siúd ar a bhfuiltear ag díriú.

Tá cineálacha nua cibearbhulaíochta á n-aithint bunaithe ar na meáin a úsáidtear nó ar an gcineál gnímh (Slonje, Smith & Frisen, 2013). Tá na cineálacha nua bulaíochta seo tar éis níos mó doiléire a chruthú maidir leis na teorainneacha idir an scoil, an baile agus an cibearspás (Whittaker & Kowalski, 2015).

Léirigh roinnt staidéar le déanaí fairsinge agus tionchar na cibearbhulaíochta in Éirinn:

Léirigh meiti-anailís ar 39 staidéar foilsithe ar chibearbhulaíocht in Éirinn go raibh ráta cibear-íospartha de 13.7% do dhaltaí bunscoile agus de 9.6% do dhaltaí iar-bhunscoile (Foody, Samara, & O'Higgins Norman, 2017).

> Léirigh taighde a rinneadh le déanaí ar shampla ógánach Éireannach (aois 12-16) go ndearnadh bulaíocht ar líne ar 12.4% de dhaltaí iar-bhunscoile; bhí 2.9% de na daltaí mar sprioc agus mar ghníomhaí cibearbhulaíochta, ach níor admhaigh ach 1.5% de na hógánaigh go ndearna siad bulaíocht ar líne ar dhaoine eile (Foody, McGuire, Kuldas & O'Higgins, 2019).

> I mí na Bealtaine 2020, rinne Lárionad Frithbhulaíochta OCBÁC staidéar i gcomhpháirtíocht le Lárionad Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh, ar thaithí leanaí agus teaghlaigh Éireannacha le linn dianghlasáil Covid-19 (Milosevic, Laffan & O'Higgins Norman, 2021). Ba é cuspóir an taighde seo ná tuiscint a fháil ar an gcaoi ina ndearna leanaí agus tuismitheoirí an teicneolaíocht dhigiteach a láimhseáil agus iad sa bhaile agus an chaoi ina bhféadfadh go raibh tionchar ag an taithí sin ar shábháilteacht ar líne leanaí agus ar leas iomlán an teaghlaigh. Léiríonn na torthaí gur thuairiscigh 28% de na leanaí sa sampla go raibh siad mar sprioc don chibearbhulaíocht le linn na dianghlasála, agus thuairiscigh 50% go bhfaca siad daoine eile ag déanamh cibearbhulaíochta (ról fianaiseach). Dá óige an aois a bhí acu, is mó an seans go ndearnadh spriocdhíriú orthu don chibearbhulaíocht. Ar an iomlán, d'fhulaing 49% d'fhireannaigh cibearbhulaíocht i bhfad níos minice ó thréimhse na dianghlasála. D'fhulaing seasca sé faoin gcéad (66%) de na leanaí go léir idir 14-16 bliana d'aois i bhfad níos mó cibearbhulaíochta (i gcomparáid le tréimhse na dianghlasála) trí sheirbhísí teachtaireachtaí meandracha/príobháideacha ar nós WhatsApp, Viber nó Telegram.

> Fuarthas amach i staidéar a rinne An Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht Ar Líne (2021) gur thuairiscigh 17% de leanaí idir 9-17 mbliana d'aois gur fhulaing siad bulaíocht de chineál éigin, ar líne nó as líne, le bliain anuas. Tháinig an líon ab airde de na tuairiscí ó leanaí a bhí idir 13-14 bliana d'aois agus thuairiscigh 22% díobh

siúd go ndearnadh bulaíocht orthu le bliain anuas. Ina theannta sin, thug 11% de na leanaí go léir le fios gur fhulaing siad cibearbhulaíocht le 12 mhí anuas agus thuairiscigh 18% de leanaí idir 13-14 bliana d'aois na rátaí tarlaithe ab airde. Tugann na sonraí le tuiscint gur mó seans go ndéanfaí bulaíocht ar chailíní agus gur mó seans go mbeadh ceisteanna a bhaineann le sábháilteacht ar líne ag cur as dóibh (An Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht ar Líne (CCNSL), 2021)

## Bulaíocht ar Fhéiniúlacht Inscne

Tá bulaíocht a bhaineann le féiniúlacht inscne dírithe ar dhaoine aonair nach mbraitear go n-oireann 'gnáthróil' inscne steiréitipiciúla dóibh. Tagraítear freisin don chineál seo bulaíochta mar bhulaíocht thrasfóbach, rud a léiríonn fuath nó faitíos roimh dhaoine nach bhfuil ag teacht le hionchais inscne na sochaí (DCSF, 2009; Hill, 2002). D'fhéadfaí bulaíocht thrasfóbach a dhéanamh ar dhuine freisin mar thoradh ar an dearcadh go bhfuil 'éagsúlacht' inscne á léiriú ag tuismitheoir, gaol nó duine suntasach eile nó gur trasinscneach é/í.

Léiríonn féiniúlacht inscne braistint inmheánach an duine féin mar dhuine fireann, baineann, nó féiniúlacht idir nó lasmuigh den dá cheann sin. Tá baint aige seo le dearcthaí sóisialta atá cruthaithe ar róil inscne; an dearcadh ag cultúr ar leith gur chóir do chuma agus d'iompar duine aonair a bheith ag teacht lena saininscne (Nagoshi et al., 2008).

Tá naoi gcúis faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann ina n-éilítear ar scoileanna gan leatrom a dhéanamh. Tá inscne ar cheann acu sin. Chinn Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa gur idirdhealú ar fhorais gnéis é an t-idirdhealú i gcoinne duine trasghnéasach.

Sna hAchtanna um Stádas Comhionann luaitear go sonrach ceithre réimse nach féidir le scoil idirdhealú a dhéanamh iontu: ligean isteach dalta, lena n-áirítear téarmaí nó coinníollacha do ligean isteach dalta; rochtain dalta ar chúrsa, ar shaoráid nó ar shochar a chuireann an scoil ar fáil; aon téarma nó coinníoll rannpháirtíochta eile sa scoil; agus dalta a dhíbirt nó aon phionós eile.

Bhreathnaigh Suirbhé Atmaisféar Scoile BeLonGto ar bhulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht inscne agus ar eispéiris leanaí agus daoine óga trasinscne i scoileanna. Chuir an Suirbhé ceist ar 1,208 dalta idir 13 agus 20 bliain d'aois a aithníonn mar LADTA+ faoina mothúcháin sábháilteachta, faoi chásanna leatrom LADTA+, faoi chiapadh a rinneadh orthu agus faoin bhfáil a bhí ar thuairisc agus ar acmhainní scoilbhunaithe.

Tuairiscíonn na torthaí gur timpeallacht dhoicheallach í an scoil do go leor daltaí LADTA+ ina mbíonn dúshláin rompu go leanúnach. Ní mhothaíonn 76% de dhaltaí LADTA+ sábháilte ar scoil in Éirinn. Thuairiscigh go leor rannpháirtithe eispéiris ar bhulaíocht agus ar chiapadh fisiciúil, briathartha agus gnéasach. Ina ainneoin seo bhí roinnt táscairí dearfacha, go háirithe, go raibh 99% de dhaltaí LADTA+ ar an eolas faoi bhall scoile amháin ar a laghad a thacaíonn le féiniúlachtaí LADTA+. Léiríonn an tuarascáil an tionchar cumhachtach, dearfach atá ag múinteoirí uileghabhálacha agus tacaíochta.



## Gnéaschiapadh

"Is cuid de chontanam iompraíochta é an gnéaschiapadh a mbíonn tionchar diúltach aige ar an duine, agus tá ceangal idir go leor de ghnéithe an chiapadh seo agus iad siúd a fheictear go minic san fhoréigean i gcoinne mná. Léirítear gnéaschiapadh mar iompraíochtaí gnéis, briathartha agus neamhbhriathartha nach dteastaíonn agus a mbíonn dearcthaí inscne-bhunaithe agus coimhthíos inscne mar bhonn leo. D'fhéadfadh gur spochadh gan iarraidh, jócanna, tráchtaireachtaí gangaideacha, gothaí, agus cluanaireacht ghnéis gan fáilte nó gan cuireadh a bheadh ann. Iompar é seo a sháraíonn dínit duine agus a chruthaíonn timpeallacht imeaglaithe, doicheallach, táireach nó náireach don duine óg." (Walsh 2021, lch 7)

Cuireann an tAcht um Stádas Comhionann 2000 cosc ar ghnéaschiapadh agus ar chiapadh (An tÚdarás Comhionannais 2005). Tá cosc ar chiapadh ar fhorais idirdhealaitheacha agus ar ghnéaschiapadh. Ní ceadmhach do phríomhoidí, múinteoirí agus daoine eile i bpoist freagrachta scoile daltaí scoile nó aon duine a chuir isteach ar áit sa scoil a chiapadh nó a chiapadh go gnéasach. Ní ceadmhach dóibh ligean do dhaltaí – nó d'aon duine eile a bhfuil sé de cheart acu a bheith sa scoil, ar nós tuismitheoirí – ciapadh nó gnéaschiapadh a dhéanamh ar dhaltaí eile.

Nuair a bhí *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* á fhorbairt, thug an Coiste Stiúrtha aird ar thaighde ar chiapadh agus drochíde gnéasach i scoileanna.

> I mí an Mhárta 2021, d'iarr Roinn Oideachais na RA ar Ofsted athbhreithniú a dhéanamh láithreach ar mhí-úsáid ghnéasach ar fud scoileanna stáit agus scoileanna neamhspleácha. Léirigh an t-athbhreithniú, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2021, ábhair imní shuntasacha faoi iompar gnéasach dochrach agus míchuí i scoileanna. Léirigh an t-athbhreithniú roinnt príomhcheisteanna lena n-áirítear go raibh leitheadúlacht an chiaptha gnéis agus na mí-úsáide ar líne do chailíní i bhfad níos coitianta ná mar a thuig daoine fásta, chomh coitianta sin gur mheas roinnt leanaí agus daoine óga gur gnáthrud é sin. Fuarthas amach san athbhreithniú gur bhain foréigean gnéis go hiondúil le spásanna gan mhaoirseacht lasmuigh den scoil, ach gur tharla sé ar scoil freisin. Bhí leisce ar leanaí agus ar dhaoine óga gnéaschiapadh a thuairisciú ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear faitíos a bheith orthu go ndéanfadh a bpiaraí iad a chealú, nach gcreidfí iad, nó go gcuirfí an milleán orthu. Thuairiscigh leanaí agus daoine óga nár ullmhaigh OCGS (RSHE) iad i gcoitinne don fhíorshaol agus go raibh siad ag brath go minic ar a bpiaraí nó ar na meáin shóisialta le haghaidh oideachais. Léiríodh ón athbhreithniú nár thuig roinnt múinteoirí agus ceannairí áirithe cé chomh mór agus a bhí an fhadhb agus nár léir dóibh go raibh gnéaschiapadh agus teanga ghnéasach mar fhadhb nó nárbh eol dóibh go raibh a leithéid ag tarlú. Léiríodh freisin nár bhraith foireann na scoile go rabhadar sách oilte ag an treoir a cuireadh ar fáil dóibh chun freagairt go cuí do ghnéaschiapadh agus do mhí-úsáid.

> Foilsíodh taighde Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann (LÉÉE), 'Storm and Stress' LÉEE i mí Lúnasa 2021. Léiríodh sa staidéar go ndearnadh cailíní a ghnéaschiapadh níos mó ná buachaillí, agus go ndearnadh déagóirí LADT+ a ghnéaschiapadh níos mó ná iad siúd a bhí heitrighnéasach, agus go ndearnadh déagóirí idir 16-17 bliana a ghnéaschiapadh i bhfad níos mó ná déagóirí 13-15 bliana d'aois. Fuarthas amach freisin sa tréimhse 12 mhí:

  - gur thug 80% d'ógánaigh le fios go ndearnadh iad a ghnéaschiapadh ar bhealach éigin
  - gur thug 24% d'ógánaigh le fios go ndearnadh iad a ghnéaschiapadh go fisiceach nó go ndearnadh iad a ghéar-ghnéaschiapadh

- go bhfaca 83% d'ógánaigh cineál éigin gnéaschiapadh ag tarlú
- go bhfaca 28% d'ógánaigh cineálacha éigin ghnéaschiapadh fisiceach nó ghéar-ghnéaschiapadh ag tarlú
- go ndúirt 78% de na hógánaigh rannpháirteacha gur tharla gnéaschiapadh laistigh dá bpobal piaraí
- go ndúirt na hoibrithe óige go léir a ghlac páirt sa staidéar go bhfaca siad gnéaschiapadh ag tarlú ag leibhéil éagsúla ó chiapadh labhartha go géar-ghnéaschiapadh de chineálacha éagsúla
- gur fhulaing 57% d'oibrithe óige gnéaschiapadh ó ógánaigh agus iad ag obair
- gur fhulaing 68% d'ógánaigh LADT+ rannpháirteacha géar-ghnéaschiapadh i gcomparáid le 20% den daonra i gcoitinne
- nach raibh a fhios ag 47% d'ógánaigh conas gnéaschiapadh a thuairisciú laistigh dá scoil

## Bulaíocht Chiníoch

In Airteagal 1 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú (CIICD), foráiltear go gciallaíonn an téarma: '…"idirdhealú ciníoch" aon idirdhealú, eisiamh, srian nó tosaíocht bunaithe ar chine, dath, sliocht, nó ar bhunús náisiúnta nó eitneach a bhfuil sé mar chuspóir nó d'éifeacht aige aitheantas, taitneamh nó cleachtadh a neamhniú nó a lagú, ar chomhchéim, ar chearta an duine agus saoirsí bunúsacha sa réimse polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha nó aon réimse eile den saol poiblí." (OACCD gan dáta).

I bPlean Gníomhaíochta an AE i gCoinne an Chiníochais 2020-2025 (An Coimisiún Eorpach 2020) aithnítear leitheadúlacht agus tionchar an chiníochais ar fud an AE, agus luaitear (lch 1):

"Tagann ciníochas i bhfoirmeacha éagsúla. Is iad na léirithe follasacha ar chiníochas aonair agus ar leatrom ciníoch na cinn is soiléire. Go ró-mhinic, baintear úsáid as bunús ciníoch nó eitneach mar chúis le hidirdhealú a dhéanamh – níl sa phaindéim COVID-19 agus sna hiarmhairtí ó ionsaithe sceimhlitheoireachta ach na cásanna is déanaí inar díríodh an milleán go héagórach ar dhaoine a bhfuil cúlra mionlach ciníoch nó eitneach acu. D'fhulaing daoine de shliocht na hÁise agus na hAfraice, Moslamaigh, Giúdaigh agus na Romaigh ón éadulaingt. Ach is féidir le cineálacha eile ciníochais agus idirdhealaithe ciníocha nach bhfuil chomh follasach, amhail iad siúd atá bunaithe ar chlaonadh neamh-chomhfhiosach, a bheith chomh díobhálach céanna."

Dar le Líonra na hÉireann i gCoinne an Chiníochais (LÉCC) áirítear i measc na bpríomhfhoirmeacha ciníochais in Éirinn:

> Ciníochas in aghaidh an Lucht Siúil: Baineann sé seo le ciníochas nó leithcheal a fhulaingíonn daoine toisc go bhfuil siad nó go bhfeictear go bhfuil siad mar Lucht Siúil nó de chúlra Lucht Siúil.

> Ciníochas Frithdhubh: Afrafóibe a luaitear leis seo uaireanta, baineann sé le ciníochas nó leithcheal a dhéantar ar dhaoine toisc go bhfuil nó go bhfeictear go bhfuil siad dubh nó Afracach nó ó chúlra dubh nó Afracach.

> Ciníochas Frith-Mhuslamach: Ioslamafóibe a luaitear leis seo freisin, baineann sé le ciníochas nó leithcheal a fhulaingíonn daoine toisc gur Moslamaigh iad nó go bhfeictear iad mar Mhoslamaigh nó de bhunadh Moslamach.

> Ciníochas Frith-Rómach: Frith-ghipseachas nó Romafóibe a luaitear leis seo freisin, baineann sé le ciníochas nó idirdhealú a fhulaingíonn daoine toisc go bhfuil siad nó go bhfeictear iad mar Romaigh, Giofóga nó de chúlra na Romach nó na nGiofóg.

- Ciníochas Frith-Imirceach: Seineafóibe a luaitear leis seo freisin, baineann sé le ciníochas nó leithcheal a fhulaingíonn daoine toisc gur imircigh iad nó go bhfeictear iad mar imircigh nó de chúlra imirceach.
- Ciníochas Frith-Ghiúdach: Frith-Sheimíteachas a luaitear leis seo freisin, baineann sé le ciníochas nó leithcheal a fhulaingíonn daoine toisc go bhfuil nó go bhfeictear iad mar Giúdaigh nó gur de bhunadh Giúdach.

Bhreithnigh an Coiste Stiúrtha raon taighde a rinneadh ar an mbulaíocht chiníoch in Éirinn lena n-áirítear:

- *Out of the Shadows, Traveller and ROMA Education – Voices from the Communities*, 2021 ina dtuairiscítear go bhfuil easpa tuisceana i scoileanna ar chultúr an Lucht Siúil.
- Scrúdaíodh an staidéar a rinne Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC i 2022 ar éifeachtacht chur i bhfeidhm na nósanna imeachta frithbhulaíochta ar eispéiris daltaí an Lucht Siúil agus daltaí Romach sa chóras scoile (‘*A study into the effectiveness of the Anti-Bullying Procedures on Traveller and Roma pupils’ experiences in the school system*’). Tá roinnt moltaí sa tuarascáil lena n-áirítear:
  - bulaíocht ar leanaí agus ar dhaoine óga den Lucht Siúil agus Romach a ainmniú i polasaithe frithbhulaíochta;
  - oiliúint ar fhrithchiníochais a fhí isteach i bhforbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí;
  - meas, muintearas agus cuimsiú a chur chun cinn sa churaclam;
  - feasacht tuismitheoirí ar pholasaithe frithbhulaíochta a ardú agus aghaidh a thabhairt ar an drogall atá ar thuismitheoirí bulaíocht a thuairisciú;
  - feasacht a ardú faoinar chóir a dhéanamh maidir le hábhair imní faoi mhúinteoirí atá ag déanamh bulaíochta;
  - cur chuige comhsheasmhach a ghlacadh chun déileáil leis an mbulaíocht agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil bulaíocht á déanamh orthu;
  - maoirseacht agus monatóireacht chuimsitheach a sholáthar ar gach gníomhaíocht scoile chun cabhrú deiseanna bulaíochta a íoslaghdú; agus
  - eachtraí bulaíochta a leanúint, a thaifeadadh agus a thuairisciú ionas gur féidir sonraí a anailísiú chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil iompair bulaíochta agus chun treochtaí ina bhfuil idirghabháil bhreise de dhíth a aithint.



## Bulaíocht Mhíchumais

Is éard is bulaíocht míchumasaithe ann ná iompar nó teanga a fhágann leanbh nó duine óg ag mothú nach bhfuil fáilte roimhe/roimpi nó go bhfuil sé/sí imeallaithe mar gheall ar mhíchumas braite nó iarbhír nó toisc riachtanas breise . (www.endbullying.org.uk gan dáta)

Is cineál bulaíochta ar leith í an bhulaíocht mhíchumais ina spreagtar claontacht in aghaidh daoine faoi mhíchumas. D'fhéadfadh baint a bheith aige seo le míchumas braite nó iarbhír/riachtanas breise. D'fhéadfadh leanaí áirithe tréith fhisiciúil nó 'iompraíochta' ag leanbh eile a fheiceáil mar mhíchumas, agus eisiamh nó bulaíocht a dhéanamh mar gheall air sin, cé nach measann an leanbh féin go bhfuil sé/sí faoi mhíchumas.

Tá bulaíocht mhíchumais dochrach toisc go bhfuil sé bunaithe ar chlaontacht agus b'fhéidir nach mbeadh a fhios acu siúd ar a bhfuiltear ag díriú conas tacaíocht a lorg nó an chaoi ina bhfuil siad ag fulaingt a chur in iúl. Ionann agus cineálacha eile bulaíochta, is iomaí cineál bulaíochta a bhíonn i gceist le bulaíocht mhíchumais agus d'fhéadfadh a leithéid tarlú ar líne, ar an bhfón nó sa domhan fisiceach.

Nuair a bhí Cineáltas á fhorbairt rinne an Coiste Stiúrtha raon taighde bainteach le bulaíocht mhíchumais a mheas:

- I dtuarascáil 2015, *Disablist Bullying in Schools: Giving a Voice to Student Teachers*, díríodh aird ar easpa ullmhúcháin mhúinteoirí faoi oiliúint toisc easpa fócais ar bhulaíocht mhíchumais i gcúrsaí oideachais tosaigh múinteoirí i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann araon. Léiríodh freisin go raibh easpa muiníne dá réir maidir le déileáil le heachtraí dá leithéid a bhí dúshlánach agus casta go minic.
- In 2014 fuair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) gur mó an seans go ndéanfaí bulaíocht ar dhaoine aonair a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais agus Míchumais (RSOM) acu ná ar dhaoine aonair gan RSOM. Ba mhó an seans go ndéanfaí bulaíocht ar/íospartaigh de leanaí a bhfuil RSOM acu ar fud an domhain ná leanaí nach bhfuil RSOM acu. Má táthar chun dul i ngleic go héifeachtach le bulaíocht do gach leanbh, ní mór do scoileanna, múinteoirí, gairmithe oideachais agus tuismitheoirí/caomhnóirí a bheith feasach ar conas a thagann iompraíochtaí bulaíochta chun cinn agus an fáth a bhfuil leanaí le RSOM i mbaol níos mó 'go ndéanfaí bulaíocht orthu' agus, freisin, i gcásanna áirithe, níos mó i mbaol, go ndéanfaí bulaíocht ar dhaoine eile. Caithfidh siad tuiscint a fháil ar na tosca riosca agus cosanta a bhaineann le hiompraíochtaí bulaíochta, lena n-áirítear na tosca sonracha do leanaí ar a bhfuil RSOM.
- De réir Rapóirtéir Speisialta um chearta daoine faoi mhíchumas (2018) tá sé huaire níos mó seans go mbeidh foréigean agus mí-úsáid mar thaithí ag leanaí faoi mhíchumas i gcomparáid le leanaí eile. Tuairiscítear freisin go n-éascaíonn an chaoi a scartar leanaí le riachtanais bhreise óna bpiaraí laistigh den chóras oideachais cultúr ina gcaitheann a bpiaraí, a múinteoirí agus an córas féin le leanaí faoi mhíchumas intleachta mar "dhaoine eile".

## Nuair is Ábhar Imní um Chosaint Leanaí í an Bhulaíocht

Tá forálacha sa Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí 2017 agus sna Gnásanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2013) gur féidir cásanna tromchúiseacha bulaíochta, ina meastar gur iompar drochídeach a d'fhéadfadh a bheith ann, a tharchur do Tusla nó don Gharda Síochána de réir mar is cuí. Tugann na nósanna imeachta le fios go lorgóidh an duine idirchaidrimh ainmnithe comhairle ó Tusla má bhíonn imní ar phearsanra scoile faoi leanbh mar thoradh ar iompar bulaíochta líomhnaithe ach nach bhfuil siad cinnte ar cheart an scéal a thuairisciú do TUSLA.

Chuaigh an Coiste Stiúrtha i dteagmháil le Seirbhís Faisnéise agus Comhairle Tús Áite do Leanaí Tusla chun treoir níos mionsonraithe a lorg maidir leis an uair a mbíonn an bhulaíocht ina hábhar imní ó thaobh cosaint leanaí. I gcur i láthair don choiste, thug Tusla le fios go gcaithfear tosca éagsúla a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh faoi ábhar imní maidir le cosaint leanaí agus faoinar cheart tuairisc a chur chuig Tusla, lena n-airítear an tionchar ar an leanbh/na leanaí, an tacaíocht atá ar fáil do thuismitheoirí agus na leibhéil rannpháirtíochta nó idirghabhála ón scoil agus ó sheirbhísí seachtracha (m.sh. SNSO, STOT, SMSLÓ srl.). Chomhairligh Tusla gur cheart do scoileanna a mheas an bhfuil cásanna tromchúiseacha bulaíochta ina n-ábhar imní freisin maidir le cosaint leanaí faoin Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí (cúiseanna réasúnacha imní) nó faoin Acht um Thús Áite do Leanaí ('dochar') agus cinneadh á dhéanamh acu ar cheart tuairisciú do Tusla.

I gcur i láthair don choiste, thug Tusla le fios go léiríonn taighde ardleibhéal foréigean dlúth-comhpháirtí i gcaidrimh déagóirí. Thug Tusla faoi deara freisin go bhféadfadh ardleibhéil anacair tarlú mar thoradh ar dhlúth-íomhánna a chomhroinnt go míchuí, agus gur cheart do scoileanna na gnéithe coiriúla a bhaineann le híomhánna pearsanta a roinnt (lena n-áirítear mar 'pornagrafaíocht leanaí' agus freagrachtaí faoin reachtaíocht um Cheartas Coiriúil a Shiarchoinneáil) a bhreithniú. Maidir le sábháilteacht ar líne, rinne Tusla tagairt don aguisín le Tús Áite do Leanaí, a bhaineann go sonrach le sábháilteacht ar líne. Cuireadh an t-aguisín seo ar fáil mar fhreagairt ar leochaileacht mhéadaithe leanaí sa domhan ar líne a aithint. I measc leochaileachtaí breise i leith na bulaíochta tá eitneachas, cine, ballraíocht sa phobal LADTAI+ nó an leanbh nó an duine óg a bheith faoi mhíchumas.

Tá tairseacha i bhfeidhm chun ábhair imní a thuairisciú do Tusla, lena n-áirítear forais réasúnacha imní (Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí), agus 'dochar' (an tairseach le haghaidh tuarascálacha sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015). Mhol Tusla gur cheart do scoileanna agus do thuismitheoirí an próiseas 'comhairliúchán neamhfhoirmiúil' a úsáid, nuair nach bhfuiltear cinnte ar cheart eachtra a thuairisciú do Tusla.

Is é dearcadh an Choiste Stiúrtha gur cheart treoir níos mionsonraithe a sholáthar sna nósanna imeachta frithbhulaíochta nuashonraithe do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna maidir leis an uair a mbíonn an bhulaíocht ina hábhar imní ó thaobh cosaint leanaí.

# 7 | Gníomhartha in Cineáltas: *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*



# Caibidil 7: Gníomhartha in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*

## Cúlra

Tá ról lárnach ag an Roinn Oideachais maidir le folláine leanaí agus daoine óga in Éirinn a chur chun cinn. Mar atá leagtha amach i gCaibidil 3, cuireann *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* (Rialtas na hÉireann 2019b) na Roinne Oideachais treoirphlean ar fáil dá fís go mbeidh eispéireas leanaí agus daoine óga, le linn a saolré sa chóras oideachais, ina eispéireas a fheabhsaíonn, a chuireann chun cinn, a luachálann agus a chothaíonn a bhfolláine.

San athbhreithniú ar an b*Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013* baineadh leas as an *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* 2019, as Cur Chuige Oideachais Uile EOECNA, agus as taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus dea-chleachtas chun straitéis théagar a fhorbairt a chuireann an dalta i gcroílár phobal na scoile agus i gcroílár na straitéise náisiúnta um oideachas agus forbairt polasaí.

Dhírigh obair an Choiste Stiúrtha ar Phlean Gníomhaíochta nuashonraithe a fhorbairt ar an mBulaíocht atá praiticiúil, cuimsitheach agus ina bhfuil raon leathan gníomhartha a chabhróidh linn go léir oibriú le chéile i dtreo sochaí Éireannach atá ilchineálach, cuimsitheach agus saor ó gach cineál bulaíochta agus ina bhfuil luach agus ceiliúradh ag baint le héagsúlacht aonair. Tríd an bpróiseas fairsing comhairliúcháin tháinig príomhthorthaí chun cinn agus úsáideadh iad chun na gníomhartha éagsúla a fhorbairt. Díríonn na gníomhartha fadréimseacha seo aird ar nádúr casta agus mionsonraithe cheist na bulaíochta agus ar an gcaoi inar féidir í a chosc agus a chomhrac.

Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe (NA) um Chearta an Linbh[10] i mí Mheán Fómhair 1992. Le linn an athbhreithnithe seo breithníodh an bhulaíocht mar shaincheist chearta leanaí agus dá réir sin táimid tiomanta do chearta leanaí a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh. Táthar ag súil go gcuideoidh na gníomhartha a forbraíodh mar thoradh ar an athbhreithniú seo lenár leanaí agus ár ndaoine óga teacht le chéile i sochaí ina bhfuil na cearta seo cosanta.




[10] Tá faisnéis maidir le Coinbhinsiúin na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh ar fáil anseo: https://www.gov.ie/en/publication/a1481d-united-nations-convention-on-the-rights-of-the-child/




Ó cruthaíodh an *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013*, tá fás leanúnach tagtha ar dhaonra na hÉireann, daonra atá níos éagsúla anois. Mar thoradh air sin, tá níos mó feasachta ar ról comhtháiteach an oideachais sa tsochaí agus tá a lán scoileanna ag forbairt chun freastal ar éagsúlacht bhreise i measc a ndaltaí. In éineacht leis an athrú déimeagrafach tá ár gcomhthéacs socheolaíoch athraithe ó bhonn mar thoradh ar an athrú faoi luas atá tagtha ar chumarsáidí ar líne agus digiteacha a bhfuil an-tóir orthu anois i measc leanaí agus daoine óga agus a dteaghlaigh.

I bhfad sular tháinig paindéim COVID19 ar an bhfód, bhí sé soiléir go raibh saol ar líne agus as líne leanaí agus daoine óga agus a dteaghlaigh ag éirí níos fite fuaite ina chéile le himeacht ama agus go gcruthaíonn sé sin dúshláin nua nach mór dul i ngleic leo. Díríodh aird air seo freisin le linn na gcur i láthair don Choiste Stiúrtha agus do na rannpháirtithe sna próisis chomhairliúcháin. Bhí impleachtaí móra ag na forbairtí seo do phobal na scoile maidir le cineál na bulaíochta a tharla, an áit agus an chaoi ina dtarlaíonn an bhulaíocht agus na hiarmhairtí dóibh siúd a ndéantar bulaíocht orthu. Bíonn an bhulaíocht níos ceilte agus níos cealgaí. Fáiltítear dá réir roimh bhunú Oifig an Choimisinéara Sábháilteachta Ar Líne.

Agus an t-athbhreithniú seo idir lámha, chuir an Coiste Stiúrtha san áireamh na forbairtí suntasacha agus an taighde ábhartha ó foilsíodh an plean gníomhaíochta in 2013. Bhreithnigh an t-athbhreithniú seo an dul chun cinn atá déanta ó 2013 maidir leis an dá ghníomh déag a chur i bhfeidhm, ach breithníodh stádas na trí mholadh déag freisin. Léirigh sé seo bearna i gcur i bhfeidhm roinnt de na moltaí agus tugadh aird air seo nuair a bhí na gníomhartha nua á bhforbairt don Phlean Gníomhaíochta nuashonraithe.

Dhírigh an Coiste Stiúrtha aird go sonrach ar chibearbhulaíocht, ar bhulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht agus ar ghnéaschiapadh, i measc réimsí eile. Rinne an Coiste Stiúrtha mionbhreithniú freisin ar na moltaí ó Chomhchoiste an Oireachtais sa Tuarascáil ar Bhulaíocht ar Scoil agus an Tionchar ar Mheabhairshláinte a foilsíodh i mí Lúnasa 2021 (Tithe an Oireachtais, 2021).

Soláthraíonn an *Ráiteas Beartais Folláine agus Creat Cleachtais 2019* creat uileghabhálach do scoileanna d'fhonn tacú le cur chuige cuimsitheach i leith folláine gach ball de phobal na scoile agus chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac. Tuigeann an Roinn go bhfeidhmíonn scoileanna laistigh de chóras níos leithne agus leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le hidirnascadh na scoile leis an bpobal i gcoitinne ina cur chuige i leith na folláine agus go háirithe maidir le bulaíocht a chosc agus a chomhrac. Sa Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais aithnítear ceithre phríomhréimse maidir le cur chun cinn na folláine: Cultúr agus Timpeallacht, Curaclam (Teagasc agus Foghlaim), Polasaí agus Pleanáil agus Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí.

Tá naoi gcomhpháirt i gCur Chuige Oideachais Uile EOECNA chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac a d'fhéadfadh cabhrú le bulaíocht agus cibearbhulaíocht a laghdú go héifeachtach (EOECNA, 2020). Cruthaíonn an Cur Chuige Oideachais Uile creat comhtháite agus iomlánaíoch chun treoir a sholáthar do lucht déanta polasaí trí phríomhchodanna agus príomhthréithe de chur chuige forleathan chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac.

Agus aird á tabhairt ar a bhfuil thuas forbraíodh na gníomhartha in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* trí lionsa na gceithre phríomhréimse do chur chun cinn na folláine mar atá leagtha amach sa *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019*. Tá na gníomhartha fréamhaithe i dtaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta trí Chur Chuige Oideachais Uile EOECNA, agus bhí an comhairliúchán machnamhach leathan le baill dár bpobal oideachais agus leis an sochaí níos leithne mar bhonn eolais do seo.





## Príomhphrionsabail

Tá *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* fréamhaithe sna ceithre phríomhphrionsabal seo a leanas:

> Cosc: Trí chomhbhá a ghiniúint agus oiliúint a chur ar fáil a sholáthraíonn bunchloch don eolas, don mheas, don chomhionannas agus don ionchuimsitheacht

> Tacaíocht: Tacaíochtaí inbhraite agus spriocdhírithe atá bunaithe ar chontanam riachtanas agus a sholáthraíonn creat do phobail scoile chun oibriú le chéile

> Maoirseacht: Cruthaíonn ceannaireacht shofheicthe timpeallachtaí dearfacha do leanaí agus do dhaoine óga agus do gach ball dár bpobal scoile

> Pobal: Pobail scoile ionchuimsitheacha a thógáil atá nasctha leis an tsochaí agus a thacaíonn le caidreamh agus comhpháirtíochtaí dearfacha agus a chothaíonn iad

Tá gníomhartha forbartha againn atá inláimhsithe agus spriocdhírithe agus atá bunaithe ar thuairimí, aiseolas agus eispéiris an Choiste Stiúrtha, láithreoirí an Choiste Stiúrtha, comhpháirtithe oideachais, ár bpobal scoile níos leithne, rannpháirtithe sa phróiseas comhairliúcháin, lucht acadúil agus grúpaí ionadaíocha, agus tá siad ag teacht le fís na Roinne mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne.

### Cultúr agus Timpeallacht

**Má chruthaítear cultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach agus ionchuimsitheach soláthraítear spás ina mothaíonn leanaí, daoine óga agus an fhoireann muintearas agus go bhfuil siad sábháilte, ceangailte agus go bhfuil tacaíocht á fáil acu.**

***Tábla 5. Gníomhartha maidir le Cultúr agus Timpeallacht***

| Nasc-Ráiteas | Gníomh(artha) |
|---|---|
| Is féidir pobal fáilteach scoile a bhfuil cultúr aige a chothaíonn cuimsiú, comhionannas, meas agus éagsúlacht agus nach nglactar beag ná mór leis an mbulaíocht a léiriú trí Dhearbhú Cultúir agus Luachanna na Scoile a fhorbairt agus trí bhratach nó gradam Cineáltais a chur ar foluain. | Beidh ar scoileanna Dearbhú maidir le Cultúr agus Luachanna na Scoile a sholáthar, ar dearbhú é atá inrochtana, Cairt Chineáltais ina dtugtar breac-chuntas ar chultúr agus ar luachanna na scoile agus ar an mbealach ar féidir leo a bheith mar chabhair chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi, ar bhealach aoisoiriúnach. Beidh, mar shampla, an bhéim a leagann an scoil ar fháilte, ionchuimsitheacht agus folláine san áireamh sa Dearbhú. Cuirfidh an Roinn Oideachais treoir ar fáil do scoileanna maidir le forbairt agus feidhmiú an dearbhaithe sin ina mbeidh ionchur ag pobal uile na scoile.<br><br>Déanfaidh an Roinn Oideachais forbairt ar phróiseas aitheantais, amhail brat Cineáltais, do scoileanna a thugann faoi bhearta chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. |
| Beidh Foirne Tacaíochta do Scoláirí ag obair le pobal na scoile chun tacú le leanaí, le daoine óga agus lena dtuismitheoirí. | Beidh ar gach iar-bhunscoil Foirne Tacaíochta do Scoláirí a bheith acu mar chuid de phróiseas na scoile chun folláine a chur chun cinn. Beidh bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi san áireamh sa chúram a leagfar orthu.<br><br>Spreagfar Foirne Tacaíochta do Scoláirí chun leas a bhaint as forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) chun tacú lena gcleachtas éifeachtach maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi.<br><br>Cuirfidh an Roinn Oideachais treoir shonrach ar fáil do scoileanna faoin mbealach a ndéanfaidh Foirne Tacaíochta do Scoláirí guth agus rannpháirtíocht leanaí, daoine óga agus a dtuismitheoirí a lorg go gníomhach.<br><br>Déanfaidh an Roinn Oideachais treoir a fhorbairt chun samhail den Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí a bhunú i mbunscoileanna móra. |
| Beidh duine ainmnithe ag scoileanna a mbeidh príomhról aige/aici maidir le folláine a chur chun cinn agus le bulaíocht a chosc agus a chomhrac. | Tacóidh an Roinn Oideachais le scoileanna chun ról duine ainmnithe a shannadh chun folláine a chur chun cinn agus go háirithe, chun ceannaireacht a thabhairt maidir le bearta chun bulaíocht a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi i scoileanna mar chuid d'fhoireann ceannaireachta na scoile i gcomhréir leis na ciorcláin chuí ón Roinn do shealbhóirí poist. |
| Cuirfidh Féinmheastóireacht Scoile ar chumas pobal scoile dea-chleachtas a aithint agus a dhearbhú agus réimsí ar fiú iad a fheabhsú a aithint agus gníomhú ina leith, lena n-áirítear an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac. | Tacóidh an Roinn Oideachais le scoileanna chun páirt a ghlacadh i gcur chuige na féinmheastóireachta scoile maidir le folláine a chur chun cinn, lena n-áirítear bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi, i gcomhréir le *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne 2019*.<br><br>Spreagfaidh an Roinn Oideachais gach scoil chun leas a bhaint as FGL na Folláine de chuid na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), chun tacú leo agus iad ag tabhairt faoin gcur chuige scoile uile maidir le cur chun cinn na folláine mar atá léirithe *i Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne 2019*. |

| Nasc-Ráiteas | Gníomh(artha) |
|---|---|
| Tacóidh Cigireacht na Roinne le scoileanna folláine a chur chun cinn lena n-áirítear an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac trí rannpháirtíocht le pobal na scoile uile. | Beidh measúnú ar phríomhghnéithe na nósanna imeachta frithbhulaíochta do scoileanna san áireamh i Meastóireachtaí Scoile Uile, lena n-áirítear a mheas cé acu an bhfuil nó nach bhfuil tionscnaimh chuí i bhfeidhm ag an scoil chun cultúr scoile atá dearfach agus ionchuimsitheach a chur chun cinn. Beidh an Chigireacht i dteagmháil ar bhonn leanúnach le scoileanna ina dtagann fadhbanna maidir le neamh-chomhlíonadh chun cinn nó go mbeidh an scoil comhlíontach.<br><br>Ullmhóidh Cigireacht na Roinne tuarascáil bhliantúil ar thuairimí leanaí, daoine óga agus tuismitheoirí maidir leis an mbealach a gcuireann a scoil féin cosc ar bhulaíocht agus a dtéann sí i ngleic léi, agus úsáid á baint as sonraí ó shuirbhéanna agus ó fhócasghrúpaí ina mbeidh samplaí den dea-chleachtas agus réimsí ina bhféadfadh sé gur ghá do scoileanna díriú níos mó orthu san áireamh.<br><br>Déanfaidh an Roinn Oideachais plean a fhorbairt chun tacú le *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* na Roinne a chur chun cinn, a fheidhmiú agus a mheas agus mar chuid de sin díreofar ar chultúr scoile agus ar bhulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. |
| Laghdófar an baol go bhféadfadh bulaíocht tarlú i scoileanna má bhíonn spásanna sábháilte ar fáil laistigh den scoil agus má smaoinítear ar an gcaoi le spásanna laistigh agus lasmuigh a dhearadh. | Cinnteoidh an Roinn Oideachais go mbeidh bearta a íoslaghdaíonn an fhéidearthacht i gcomhair bulaíochta san áireamh sna treoirlínte do dhearadh foirgneamh scoile, agus béim ar leith ar fhorbairt a dhéanamh ar spásanna don fhoghlaim chomhroinnte agus chomhoibríoch agus ar spásanna áineasa. |
| Cabhróidh múscailt feasachta ar an gcaoi le bulaíocht a chosc agus a chomhrac agus ar an tionchar a bhíonn aici ar bhaill de phobal na scoile béim a chur ar an ról atá againn go léir chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac inár scoileanna agus lasmuigh de gheataí na scoile. | Oibreoidh an Roinn Oideachais i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun aird a dhíriú ar an ról tábhachtach atá ag foirne scoile agus ar an bhfreagracht atá orthu maidir le hiompar a léiriú atá bunaithe ar na luachanna eiticiúla a bhaineann le meas, ionracas, cúram agus iontaoibh mar atá leagtha amach sa Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí.<br><br>Leanfaidh an Roinn Oideachais de bheith ag tacú le hobair Webwise agus méadóidh sí an fheasacht ar an réimse acmhainní a sholáthraíonn sé mar an Lárionad Éireannach um Fheasacht Sábháilteacht idirlín.<br><br>Leanfaidh an Roinn Oideachais de bheith ag tacú leis an bhFeachtas Feasachta Seas Suas.<br><br>Oibreoidh an Roinn Oideachais le grúpaí ábhartha chun clár ilghnéitheach de thionscnaimh múscailte feasachta a fhorbairt chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna, lena n-áirítear feasacht a mhúscailt i dtaca le cineálacha éagsúla bulaíochta (mar shampla bulaíocht ar líne, bulaíocht chiníoch, bulaíocht mhíchumais) agus aird á tarraingt ar an ról tábhachtach atá ag breathnóirí. |

## Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)

Soláthraíonn curaclam atá ionchuimsitheach agus tacúil dár leanaí agus dár ndaoine óga, ina bhfuil oiliúint agus forbairt d'fhoireann uile na scoile, tacaíocht sheasmhach agus deiseanna don fhoghlaim chuimsitheach agus do chothú comhbhá.

***Tábla 6. Gníomhartha maidir le Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)***

| Nasc-Ráiteas | Gníomh(artha) |
|---|---|
| Tá oiliúint ag gach céim de ghairmréim an mhúinteora, lena n-áirítear Múinteoir Nuacháilithe (MNC), tábhachtach d'fhonn tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac. | Rachaidh an Roinn Oideachais i mbun rannpháirtíochta leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus leis na hInstitiúidí Ardoideachais (IAOanna) d'Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM) lena chinntiú go dtacaíonn na Caighdeáin leasaithe um Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (Céim) le béim as an nua a chur ar na scileanna riachtanacha a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint chun go mbeidh ar a gcumas bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic go héifeachtach leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn. Oibreoidh an Roinn Oideachais i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus leis na hInstitiúidí Ardoideachais chun athruithe a chur i bhfeidhm de réir mar is gá. |
| Cuirfidh an Ráiteas Polasaí OTM folláine leanaí agus daoine óga i gcroílár na gclár OTM. | Cinnteoidh an Roinn Oideachais go mbeidh bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic go héifeachtach leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn san áireamh i bhfeidhmiú na mbeart ábhartha faoina Ráiteas Polasaí ar OTM. |
| Tá oiliúint ag gach céim de ghairmréim an mhúinteora, lena n-áirítear Oideachas Tosaigh Múinteoirí, tábhachtach chun tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac | Déanfaidh an Roinn Oideachais athbhreithniú ar na hacmhainní atá ar fáil do mhúinteoirí nuacháilithe (MNCanna) faoi láthair agus déanfaidh sí forbairt ar aon acmhainní breise atá cothrom le dáta agus atá de dhíth chun tacú le foghlaim MNCanna i réimsí amhail bearta chun bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn. Oibreoidh an Roinn Oideachais chun dul i ngleic le haon riachtanais a aithnítear. |
| Tacófar lenár gceannairí scoile chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi agus chun comhionannas, éagsúlacht, cuimsiú agus folláine a chur chun cinn. | Déanfaidh an Roinn Oideachais athbhreithniú ar na cláir cheannaireachta atá aici faoi láthair agus leanfaidh sí ar aghaidh ag cinntiú go gcuimsíonn na cláir sin ábhar atá cothrom le dáta maidir le bearta chun bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn. Oibreoidh an Roinn chun dul i ngleic le riachtanais ar bith a aithnítear. |
| Beidh an t-eolas, an muinín agus na scileanna ag ár múinteoirí Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) chun an curaclam OSPS a mhúineadh. | Leanfaidh an Roinn Oideachais ag déanamh feidhmiú céimneach ar cháilíocht iarchéime do mhúinteoirí OSPS in iar-bhunscoileanna agus á leathnú chun cabhrú le múinteoirí an t-eolas ar ábhar, an mhuinín agus na scileanna a fháil chun OSPS agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) a phleanáil agus a sholáthar agus chun foghlaim scoláirí a bhaineann le gach gné den tsonraíocht a éascú, lena n-áirítear bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. |

| Nasc-Ráiteas | Gníomh(artha) |
|---|---|
| Beidh an t-eolas, an muinín agus na scileanna ag gach ball foirne scoile chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear an chibearbhulaíocht | Cinnteoidh an Roinn Oideachais go mbeidh rochtain ag foireann uile na scoile ar oiliúint atá cothrom le dáta maidir le bearta chun bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn.<br><br>Leanfaidh an Roinn Oideachais de bheith ag feidhmiú forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ar bhonn céimneach, chun tacú le feidhmiú an Ráitis Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019 i ngach scoil faoin mbliain 2025.<br><br>Spreagfaidh an Roinn Oideachais foirne teagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna chun leas a bhaint as na cúrsaí nua ar líne ón Roinn Oideachais ar ábhar na bulaíochta ar líne (cibearbhulaíocht) chun an t-eolas, na hacmhainní agus an mhuinín atá riachtanach a sholáthar d’fhoirne scoile ionas go mbeidh ar a gcumas teagasc faoi chibearbhulaíocht agus chomh maith leis sin dul i ngleic le heachtraí cibearbhulaíochta de réir mar a thagann siad chun cinn. |
| Tacófar le gach Bord Bainistíochta chun bulaíocht a chosc agus a chomhrac. | Déanfaidh an Roinn Oideachais an oiliúint frithbhulaíochta do Bhoird Bhainistíochta a uasdátú chun tacú leis an ról maoirseachta atá acu i dtaca le bulaíocht agus chun tacú leo maidir le dul i ngleic le himní tuismitheoirí i dtaca le hiompar bulaíochta líomhnaithe. |
| Beidh fáil ag gach tuismitheoir ar oiliúint chun tacú leo déileáil le hiompar bulaíochta agus a leanaí agus a ndaoine óga a choinneáil sábháilte ar líne. | Cinnteoidh an Roinn Oideachais go bhfuil oiliúint atá cothrom le dáta agus inrochtana ar fáil do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí chun eolas agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir le dul i ngleic le bulaíocht, go háirithe i gcás bulaíocht ar líne (cibearbhulaíocht) agus a leanaí a choinneáil sábháilte ar líne. |
| Cuideoidh Curaclam OSPS/OCG cuimsitheach agus aois-oiriúnach tacú le daltaí foghlaim fúthu féin agus caidrimh dhearfacha agus shláintiúla a bheith acu. | Déanfar athbhreithniú ar churaclam OSPS/OCG ar fud bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus déanfar é a uasdátú lena chinntiú go gcuimsíonn sé, ar bhealach aoisoiriúnach, réimsí a bhaineann le toiliú; léiriú gnéasach agus caidreamh atá sláintiúil agus dearfach; an t-idirlíon agus na meáin shóisialta a úsáid ar bhealach sábháilte agus a thionchar ar chaidreamh agus féinmheas; agus féiniúlachtaí LADTA+.<br><br>Cuimseoidh an clár OSPS uasdátaithe don tSraith Shóisearach ábhar maidir le cairdeas a stiúradh ar líne, lena n-áirítear conas bulaíocht ar líne a aithint agus conas freagairt di. |
| Tacóidh curaclam na bunscoile le foghlaim daltaí fúthu féin agus caidrimh dhearfacha agus shláintiúla a bheith acu. | Tacóidh an t-athbhreithniú agus an athfhorbairt ar churaclam na bunscoile le foghlaim atá oiriúnach ó thaobh aoise agus céime de i ngach gné den churaclam, lena n-áirítear bulaíocht agus ciníochas a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn, sábháilteacht ar líne san áireamh. Déanfar am curaclaim atá dóthanach a sholáthar dó sin. |

| Nasc-Ráiteas | Gníomh(artha) |
|---|---|
| Cuirfidh curaclam a chuimsíonn Cultúr agus Stair an Lucht Siúil le feasacht agus meas ar chultúr an Lucht Siúil agus ar leanaí agus daoine óga ó chúlra an Lucht Siúil. | Cuirfidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) a gcuid oibre chun cinn i dtaca le teagasc agus foghlaim faoi Chultúr agus Stair an Lucht Siúil laistigh den churaclam. |
| Déanfar Oideachas Idirchultúrtha a chomhtháthú tuilleadh sa Churaclam agus beidh éagsúlacht na sochaí níos feiceálaí sa churaclam dár leanaí agus dár ndaoine óga. | Déanfaidh an CNCM athbhreithniú agus uasdátú ar na Treoirlínte Idirchultúrtha do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna chun an t-oideachas idirchultúrtha a chomhtháthú tuilleadh sa churaclam. |
| Tacóidh litríocht, téacsleabhair agus acmhainní teagaisc eile le scoileanna foghlaim daltaí faoi chomhionannas, cothromas, éagsúlacht agus cuimsiú a fheabhsú. | Cinnteoidh an CNCM go mbeidh litríocht a thugann léiriú dearfach ar éagsúlacht na sochaí agus a chuireann comhionannas agus ionchuimsitheacht chun cinn san áireamh sa churaclam.<br><br>Rachaidh an CNCM, thar ceann na Roinne, i mbun rannpháirtíochta le foilsitheoirí téacleabhar scoile chun an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go léiríonn an t-ábhar ina gcuid téacsleabhar éagsúlacht na sochaí agus go gcuireann sé comhionannas agus ionchuimsitheacht chun cinn. |
| Cuirfear cláir fhrithbhulaíochta fianaise-bhunaithe a fhreastalaíonn ar riachtanais múinteoirí agus a ndaltaí ar fáil do scoileanna. | Oibreoidh an Roinn Oideachais le hIonad Frithbhulaíochta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) chun a shocrú go mbeidh fáil níos forleithne ar an gclár frithbhulaíochta agus sábháilteachta ar líne FUSE agus go ndéanfar é a chur chun cinn i scoileanna. Leanfaidh Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC de bheith ag uasdátú an chláir bunaithe ar thaighde agus ar aiseolas.<br><br>Déanfaidh an Roinn Oideachais forbairt ar mhodúil eile den chlár frithbhulaíochta agus sábháilteachta ar líne FUSE a mhaoiniú do gach bliain san iar-bhunscoil agus do na blianta cuí sa bhunscoil.<br><br>Nuair a bheidh a n-obair frithbhulaíochta á forbairt acu, beidh sé riachtanach go gcloífidh scoileanna leis an treoir dea-chleachtais do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna maidir le cláir agus/nó éascaitheoirí seachtracha a úsáid chun folláine a chur chun cinn i gcomhréir le *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne Oideachais 2019*. |

## Polasaí agus Pleanáil

Aithníonn agus saibhríonn polasaithe agus pleanáil atá oiriúnaitheach agus freagrúil agus ina bhfuil leanaí agus daoine óga, a dteaghlaigh, na comhpháirtithe oideachais agus na príomhpháirtithe leasmhara mar rannpháirtithe gníomhacha agus iad ag obair i gcomhar leis an Rialtas, an ról atá againn maidir le bulaíocht a chosc i scoileanna na hÉireann.

***Tábla 7. Gníomhartha maidir le Polasaí agus Pleanáil***

| Nasc-Ráiteas | Gníomh(artha) |
|---|---|
| Cabhróidh comhthiomsú sonraí dí-chomhbhailithe ó scoileanna le léargas cothrom le dáta a sholáthar ar chineál agus ar mhinicíocht na bulaíochta a tharlaíonn i scoileanna agus ar bhearta a dhéanfaidh an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac go rathúil. | Scrúdóidh an Roinn Oideachais conas is féidir le scoileanna eachtraí inar líomhnaíodh iompar bulaíochta a thaifeadadh ar bhealach anaithnidithe, ina mbeidh faisnéis faoin gcineál iompair, an cur chuige a glacadh chun dul i ngleic leis an iompar agus an toradh. Déanfaidh scoileanna athbhreithniú rialta ar a dtaifid d'eachtraí inar líomhnaíodh iompar bulaíochta chun treochtaí atá ag teacht chun cinn a aithint, chun eochairphointí foghlama a aithint agus chun breithniú a dhéanamh ar na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh ionas nach dtarlóidh a leithéid arís.<br><br>Déanfaidh an Roinn Oideachais forbairt ar bhunachar sonraí náisiúnta a chur chun cinn chun bailiú sonraí ar bhealach anaithnidithe a éascú chun forbairt ar thuarascáil bhliantúil náisiúnta ar bhulaíocht i scoileanna a éascú. |
| Sna nósanna imeachta frithbhulaíochta do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna déanfar róil agus freagrachtaí gach ball de phobal na scoile a rianú go soiléir agus go sorochtana agus déanfar iad a athbhreithniú go bliantúil. | Déanfar gnásanna frithbhulaíochta bunscoile agus iar-bhunscoile a uasdátú chun bulaíocht maidir le féiniúlacht inscne, cibearbhulaíocht, bulaíocht chiníoch, bulaíocht ghnéasach agus ciapadh gnéasach a chur san áireamh. Cuirfidh na gnásanna sin treoir ar fáil freisin maidir le cathain a dhéantar Ábhar Imní um Chosaint Leanaí d'eachtra bhulaíochta, cinnteoidh siad go mbeidh maoirseacht chuí ar leibhéal na scoile agus cinnteoidh siad go ndéanfar polasaí frithbhulaíochta scoile a fhorbairt agus a athbhreithniú i gcomhar le pobal uile na scoile.<br><br>Déanfaidh an Roinn Oideachais doiciméid teimpléid éigeantacha don fhrithbhulaíocht a fhorbairt chun cabhrú le scoileanna a ngnásanna frithbhulaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.<br><br>Beidh ar scoileanna a chinntiú go bhfuil a bPolasaí Frithbhulaíochta inrochtana agus go bhfuil sé ar fáil do phobal uile na scoile. |
| Cuideoidh acmhainní nuashonraithe do scoileanna tacú le daltaí agus scoláirí LADTA+ agus cuideoidh siad bulaíocht homafóbach agus trasfóbach a chosc agus a chomhrac. | Déanfaidh an Roinn Oideachais athbhreithniú agus uasdátú ar an *Acmhainn Taithí Mhuintir LADTA* ar *Scoil*. |

| Nasc-Ráiteas | Gníomh(artha) |
|---|---|
| Déanfar Treoirlínte um Chód Iompair do Scoileanna a nuashonrú bunaithe ar thaighde agus dea-chleachtas agus déanfar iad a ailíniú le polasaí a forbraíodh le déanaí. | Déanfaidh Tusla athbhreithniú agus uasdátú ar *Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna 2008* chun léiriú a dhéanamh ar pholasaí agus ar ghnásanna reatha na Roinne Oideachais do scoileanna, lena n-áirítear *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*. |
| Tacóidh taighde breise le forbairt polasaí fianaise-bhunaithe. | Déanfaidh an Roinn Oideachais breis taighde a shainaithint agus a thionscnamh maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi chun tacú le scaipeadh an dea-chleachtais agus chun fianaise a sholáthar i gcomhair tuilleadh forbartha ar pholasaí agus i gcomhair cinnteoireachta. |
| Cuideoidh cur chuige Rialtais uile i leith na sábháilteachta ar líne agus na cibearbhulaíochta le bulaíocht a chosc agus a chomhrac. | Rachaidh an Roinn Oideachais i mbun rannpháirtíochta leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Spóirt agus Meán maidir le ról an Choimisinéara um Shábháilteacht ar Líne.<br><br>Rachaidh an Roinn Oideachais i mbun rannpháirtíochta leis an gCoimisinéir um Shábháilteacht ar Líne nuair a dhéanfar é nó í a cheapadh, go háirithe maidir leis na bealaí ar féidir le cuideachtaí meán sóisialta tacú le bearta chun bulaíocht i measc leanaí a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna agus ar líne.<br><br>Beidh ionadaíocht ag an Roinn Oideachais i gcónaí ar an gComhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht ar Líne, a bhfuil comhairle a sholáthar don Rialtas maidir le ceisteanna polasaí a bhaineann le sábháilteacht ar líne agus ionchur a bheith aici i bhforbairt ábhar treorach um shábháilteacht ar líne do gach úsáideoir idirlín i measc na gcúramaí atá uirthi. |
| Cuideoidh maoirseacht idir-rannach lena chinntiú go bhfuil na gníomhartha in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* curtha i bhfeidhm agus éifeachtach. | Bunóidh an Roinn Oideachais grúpa feidhmithe chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*. Déanfar clár measúnachta agus athbhreithnithe, lena n-áirítear tuairiscí rialta ar dhul chun cinn a fhoilsiú, a fhorbairt mar chuid den phlean feidhmithe. |

## Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí

Cuireann cur chun cinn na forbartha ar chaidrimh agus ar chomhpháirtíochtaí idir leanaí agus daoine óga, a dteaghlaigh agus pobal na scoile feabhas ar ár líonraí agus ar an tuiscint atá againn ar eispéiris a chéile i sochaí na hÉireann.

***Tábla 8. Gníomhartha a bhaineann le Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí***

| Nasc-Ráiteas | Gníomh(artha) |
|---|---|
| Beidh ár leanaí agus ár ndaoine óga mar rannpháirtithe gníomhacha ina gcuid oideachais ar leibhéal scoile agus náisiúnta. | Beidh ar scoileanna dul i mbun rannpháirtíochta lena gcuid daltaí agus lena gcuid scoláirí chun tacú le tionscnaimh frithbhulaíochta agus folláine atá faoi stiúir daltaí agus scoláirí agus iad a chur chun cinn. Soláthróidh an Roinn Oideachais treoir do scoileanna chun é sin a éascú i gcomhréir leis an *gCreat Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht*.<br><br>Spreagfaidh an Roinn Oideachais scoileanna chun comhairlí na scoláirí a bhunú, ar comhairlí iad atá ionadaíoch do dhaltaí agus do scoláirí sa scoil.<br><br>Bunóidh an Roinn Oideachais aonad tiomnaithe chun guth leanaí agus daoine óga a chur chun cinn agus lena chinntiú go bhfuil ionchur fónta acu i bhforbairt pholasaí na Roinne.<br><br>Cuirfidh an Roinn Oideachas an Bille Cairte chun cinn trí Thithe an Oireachtais agus déanfaidh sí forbairt ar Threoirlínte Cairte a neartóidh guth agus rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga agus a dtuismitheoirí i bhforbairt agus i bhfeidhmiú polasaithe scoileanna lena n-áirítear a bpolasaí frithbhulaíochta. |
| Bunóidh pobal na scoile agus an pobal níos leithne caidrimh chun folláine a chur chun cinn, lena n-áirítear folláine maidir le bulaíocht a chosc agus a chomhrac. | Spreagfaidh an Roinn Oideachais scoileanna chun teacht le chéile lena bpobal scoile, lena n-áirítear grúpaí ionadaíocha, chun cnuasaigh a bhunú chun tionscnaimh a bhaineann le folláine a chur chun cinn agus chun dea-chleachtas agus nuálaíochtaí a roinnt agus iad dírithe go háirithe ar bhulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn. |
| Trí thacaíochtaí folláine agus meabhairshláinte a sholáthar agus a chomharthú, cuirfear tacaíochtaí saincheaptha agus cuí ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga. | Soláthróidh an Roinn Oideachais clár píolótach de thacaíochtaí comhairleoireachta do bhunscoileanna.<br><br>Leanfaidh an Roinn Oideachais uirthi ag obair go dlúth leis an Roinn Sláinte chun iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí chun feabhas a chur ar thacaíochtaí folláine agus meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear múscailt feasachta, iompar a lorgaíonn cabhair a chur chun cinn, agus comharthaí eolais a sholáthar chuig na seirbhísí atá ar fáil.<br><br>Beidh sé mar aidhm ag an Roinn Oideachais líon na Síceolaithe sa tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) a mhéadú. Ina theannta sin déanfaidh an Roinn bearta réamhghníomhacha a bhreithniú chun úsáid a bhaint as Cúntóirí Síceolaíochta Oideachais d'fhonn tacaíochtaí folláine do scoileanna, leanaí agus daoine óga a neartú |




| Nasc-Ráiteas | Gníomh(artha) |
|---|---|
| Beidh éagsúlacht i measc fhoireann na scoile mar atá le feiceáil ag ár leanaí agus ár ndaoine óga ina measc féin agus sa sochaí. | Leanfaidh an Roinn Oideachais uirthi ag tacú le cuspóirí an Phlean Náisiúnta Rochtana 2022 – 2028 chun líon na mac léinn ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht atá ag dul le hOiliúint Tosaigh Múinteoirí a mhéadú ionas go léireoidh gairm na múinteoireachta éagsúlacht shochaí na hÉireann. |
